An Garda Síochána

# Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2019

Garda.ie

Taighde déanta ag

amárach research

| | |
|---|---|
| 1 | Brollach |
| 2 | Príomhthorthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2019 |
| 3 | Achoimre Feidhmiúcháin |
| 6 | Caibidil 1: Réamhrá |
| 9 | Caibidil 2: Tuairimí an Phobail faoin gCoireacht in Éirinn |
| 13 | Caibidil 3: Íospartaigh na Coireachta |
| 17 | Caibidil 4: Eagla agus Buairt faoi gChoireacht |
| 26 | Caibidil 5: Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána |
| 29 | Caibidil 6: Infheictheacht an Gharda Síochána agus Tuairimí faoi Láithreacht an Gharda |
| 34 | Caibidil 7: Sásamh leis an nGarda Síochána |
| 38 | Caibidil 8: Iontaoibh as an nGarda Síochána |
| 42 | Caibidil 9: An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine |
| 48 | Caibidil 10: Tuairimí faoin nGarda Síochána |
| 52 | Caibidil 11: An Sampla Breise Sé agus Seacht mBliana d'Éag d'Aois |
| 63 | Caibidil 12: Conclúid |

# Brollach

Déantar tomhas sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (an SDP) 2019 ar dhearcthaí an phobail i leith na póilíneachta in Éirinn. Tá sé bunaithe ar agallaimh aghaidh ar aghaidh le sampla ionadaíoch den tsochaí i gcaitheamh 2019. Nuair a chuirtear na dearcthaí le foinsí sonraí eile ar nós staitisticí oifigiúla faoin gcoireacht, cabhraíonn sé le héifeachtacht an Gharda Síochána a rianú maidir le daoine a choimeád sábháilte agus freastal ar an bpobal iomlán.

Dírítear sa suirbhé ar na limistéir seo a leanas:

- Sásamh an phobail le seirbhís an Gharda Síochána
- Sásamh íospartach le seirbhís an Gharda Síochána
- Infheictheacht an Gharda Síochána
- Eagla roimh choireacht agus an tionchar a imríonn sé ar chaighdeán na beatha
- Iontaoibh as an nGarda Síochána

Rinneadh an fhormáid reatha den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a úsáid an chéad uair in 2014 (foilsíodh na torthaí in 2015), agus bhíothas in ann torthaí a chur i gcomparáid lena chéile i rith na hamshraithe seo dá bharr. Cuireadh an suirbhé ar fionraí ó 2008 go dtí 2014 mar gheall ar bhearta déine. Tá na Tuarascálacha Ráithiúla agus Bliantúla ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána (www.garda.ie). Cuirtear treoir ar fáil sna tuarascálacha seo don Gharda Síochána maidir le cinnteoireacht straitéiseach agus oibríochtúil a dhéanamh. Bailíodh sonraí na tuarascála seo ó Eanáir go Nollaig 2019, tráth sular imir Covid-19 tionchar ar an domhan agus ar Éirinn. Cuireadh isteach ar an obair allamuigh don bhliain 2020 agus baineann tábhacht bhreise leis an tuarascáil seo dá bharr mar gheall go bhfuil an tsraith dheireanach de shonraí an SDP inti sular bhris Covid amach. Tá measúnú á dhéanamh anois ar an suirbhé lena dheimhniú an oiriúnach nó nach oiriúnach é a aistriú ar líne, a chuirfidh torthaí leanúnacha suirbhé ar fáil ach a mbeidh briseadh sa tsraith ann dá bharr (is é sin, ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir sonraí 2020 agus sonraí i mblianta roimhe sin).

Chuir freagróirí léargas fiúntach ar fáil ar na saghsanna coireanna a mbraitheann an pobal ar cheart don Gharda Síochána tús aite a thabhairt dóibh. Faoi mar a sonraíodh in 2018, ba choireacht a bhaineann le hairm neamhdhleathacha agus cionta gnéasacha na saghsanna coireanna a bhrath freagróirí gur cheart do na Gardaí an tús áite is mó a thabhairt dóibh.

Tá iontaoibh as an nGarda Síochána ar cheann den mhéadracht is tábhachtaí a scrúdaíodh sa SDP. Níor tháinig athrú air seo le roinnt blianta anuas. Tugann seo le fios go bhfuil an caidreamh idir an pobal agus an Garda Síochána dearfach mar gheall go dtacaíonn siad lena chéile i dtaobh soláthar a dhéanamh do phobail shábháilte, eolas a roinnt agus fadhbanna a réiteach.

Déantar scrúdú níos mionsonraithe freisin ar na dálaí a chothaíonn iontaoibh. Ceapann tromlach na bhfreagróirí go bhfuil na Gardaí cairdiúil agus cabhrach, dírithe ar an bpobal, nua-aimseartha nó céimnitheach, éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht agus go bhfuil dea-bhainistiú á dhéanamh orthu. Creideann níos lú daoine, áfach, go gcuireann an eagraíocht seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil, ar an iomlán.

Cuireadh dhá cheist leis an suirbhé in 2017 agus ceithre cheist sa bhreis leis in 2018 a bhaineann le comhionannas chun ár bhfeidhmíocht a mheas maidir le caitheamh le daoine le meas agus go cothrom, éisteacht lena mbuarthaí agus déileáil leis na ceisteanna a dhéanann difear don phobal.

Leanaimid ar ár ndícheall leis na caighdeáin is airde d'iompar a bhaint amach, ar aon dul le Cód Eitice an Gharda Síochána. Cuirtear tomhais ar fáil SDP ar an iompar seo agus beartaítear, anuas ar an tacaíocht ón Údarás Póilíneachta, chun na caighdeáin seo a chothú agus leanúint le feabhas a chur orthu.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis an bpobal as an tacaíocht a tugadh don Gharda Síochána i rith na tréimhse dúshlánaí seo, agus táimid ag tnúth le bhur n-aiseolas leanúnach, a mbaineann ríthábhacht leis chun Seirbhís Phóilíneachta dár dTodhchaí a mhúnlú.



**Sara Parsons**
Leas-Chinn Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána



**Lois West**
Leas-Chinn Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána

# Príomhthorthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2019

Bhí **80%**
80% sásta le seirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla

Tá iontaoibh ag
**91%**
as an nGarda Síochána

B'íospartaigh na coireachta
**4.4%**
den sampla.

Bhí **61%**
sásta le seirbhís an Gharda Síochána

Ba cheart tús áite póilíneachta a thabhairt do **CHIONTA GNÉASA-CHA**, de réir thromlach na bhfreagróirí. I gcás íospartach, ba cheart tús áite a thabhairt d'airm neamhdhleathacha



Cheap **78%** de dhaoine fásta go bhfuil an choireacht náisiúnta 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach'. Cheap **18%** go bhfuil an choireacht áitiúil 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach'

Ní raibh
**55%**
buartha faoi íospairt

Bhí daoine breacaosta ní ba bhuartha faoi íospairt agus bhí ní ba mhó eagla orthu faoi choireacht

Tá **39%**
feasach ar phatróil an Gharda Síochána i gceantair áitiúla. Bhrath
**45%**
go raibh an láithreacht seo 'ceart go leor' – ar méadú 6 phointe céata-dáin é seo aníos ón mbliain 2018. Ní raibh freagróirí 'cathrach' chomh feasach céanna le freagróirí i gceantair thuaithe agus 'ceantair uirbeacha eile'. Tá daoine óga (18-24) níos feasaí ná daoine aosta

Cheap tromlach na bhfreagróirí go bhfuil na Gardaí:



**73%** Dírithe ar an bpobal

**94%** Cairdiúil agus cabhrach

**68%** Eifeachtach i ndul i ngleic leis an

**59%** Dea-bhainistithe

**71%** Nua-aimseartha agus céimnitheach

Tá feabhas tagtha ar na figiúirí thuas go léir ó 2018

Chomhaontaigh **43%** leis go gcuireann an Garda Síochána seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil

Tá ardleibhéil iontaoibhe agus sásaimh as Gardaí i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois

Chomhaontaigh
**95%**
leis go gcaithfeadh Gardaí leat le meas

Chomhaontaigh
**86%**
leis go gcaithfidís leat go cothrom gan aird ar cé atá ionat

# Achoimre Feidhmiúcháin

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo torthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2019 an Gharda Síochána – suirbhé ar 6000 freagróir fásta in Éirinn ar réimse saincheisteanna coireachta agus póilíneachta. Déantar ionadaíocht sa sampla seo den daonra ar bhunús aoise, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntachta. Rinneadh suirbhé ar shampla breise 600 duine 16 agus 17 mbliana d'aois, chomh maith, (a tugadh isteach i Nollaig 2016, agus ar tuairiscíodh orthu an chéad uair in 2017).

Cuirtear na torthaí i láthair sa tuarascáil seo faoi na teidil seo a leanas:

## Tuairimí an Phobail faoin gCoireacht in Éirinn

**Cheap 78 faoin gcéad d'fhreagróirí fásta in 2019 go bhfuil an choireacht náisiúnta 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach'. I gcodarsnacht leis sin, ceapadh go bhfuil an choireacht áitiúil 'tromchúiseach' nó 'an-tromchúiseach' i measc 18 faoin gcéad de dhaoine fhásta.**

- Tháinig méadú ar an gcomhréir freagróirí a cheap go raibh an choireacht ar leibhéal náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' aníos ó 73 faoin gcéad in 2018, go dtí 78% in 2019. I dtaobh dearcthaí freagróirí faoin gcoireacht ar leibhéal áitiúil, tá treocht aníos á tabhairt faoi deara ó 2017 ar aghaidh sa chomhréir a cheapann nach fadhb í (29%, 31% agus 32% i ndiaidh a chéile le trí bliana anuas).
- Cheap freagróirí in aoisghrúpaí níos sine gur fadhb níos tromchúisí an choireacht náisiúnta ná mar a cheap iad siúd atá i ngrúpaí níos óige. Ba dhóchúla go mbeadh náisiúnaigh neamh-Éireannacha faoin tuairim nach raibh an choireacht náisiúnta agus áitiúil chomh tromchúiseach céanna agus a cheap náisiúnaigh Éireannacha.

## Íospartaigh na Coireachta

**Bhí seasca a haon faoin gcéad d'íospartaigh 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an mbealach a láimhseáil Gardaí a gcás in 2019 – ní haon athrú suntasach é seo ón mbliain 2018.**

Thug 206 duine, as na 261 freagróir a bhí ina n-íospartaigh den choireacht sna 12 mhí roimhe sin, a gcoir le fios do na Gardaí in 2019. Is ionann seo agus ráta tuairiscithe 80 faoin gcéad. Ba iad na cúiseanna ba mhó a luadh nár tugadh coir le fios ná nár chreid na freagróirí go bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh agus 'Réitigh mé féin é'.

I dtaobh eispéireas freagróirí dá gcoir a thabhairt le fios, luaigh 61 faoin gcéad gur fhreagair na Gardaí go tapa don teagmhas, agus bhrath 54 faoin gcéad go raibh an fhaisnéis a fuair siad ó Ghardaí maidir lena gcás 'ceart go leor'. Luaigh tríocha a dó faoin gcéad nach bhfuair siad dóthain faisnéise, ar laghdú 4 phointe céatadáin é seo ar an mbliain 2018. Dúirt ceathair déag faoin gcéad nár tugadh aon nuashonrú dóibh ar stádas a n-imscrúdaithe.

## Eagla agus Buairt faoin gCoireacht

**Thug 55 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé le fios in 2019 nach mbíonn buairt orthu faoi íospairt – tá treocht aníos á tabhairt faoi deara maidir leis seo ó 2017. B'ionann an chomhréir freagróirí a bhfuil 'go leor eagla orthu' roimh an gcoireacht agus 3 faoin gcéad sa bhliain 2019, agus tháinig laghdú 5 phointe céatadáin orthu siúd a bhfuil 'roinnt eagla' orthu ón mbliain 2018 ar aghaidh, anuas go dtí 25 faoin gcéad.**

Ba dhóchúla go mbeadh freagróirí a bhí ina n-íospartach sa tréimhse 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé buartha faoi íospairt amach anseo, agus bhí ní ba mhó eagla orthu roimh an gcoireacht, i gcomparáid le neamhíospartaigh.

Faoi mar a tugadh faoi deara i suirbhéanna roimhe seo, ní imríonn eagla roimh choireacht tionchar suntasach ar chaighdeán na beatha. B'ionann an chomhréir freagróirí a thug le fios go n-imríonn sé tionchar mór ar chaighdeán na beatha agus 1 faoin gcéad le trí shuirbhé anuas. Thug íospartaigh na coireachta leibhéil ní b'airde de thionchar le fios ar chaighdeán a mbeatha ná mar a thug neamhíospartaigh na coireachta – dúirt 23 faoin gcéad d'íospartaigh gur laghdaigh sé caighdeán na beatha 'go measartha' i gcomparáid le 9 faoin gcéad de neamhíospartaigh.

## Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána

**Bhí tromlach mór na bhfreagróirí, 97 faoin gcéad, faoin tuairim gur cheart don Gharda Síochána tús áite póilíneachta a thabhairt do chionta gnéasacha. B'amhlaidh an cás gan aird ar inscne, aois, aicme shóisialta nó náisiúntacht. Ba é an t-aon ghrúpa ina raibh tuairim éagsúil acu ná íospartaigh na coireachta, a thug tús áite do 'airm neamhdhleathacha'.**

Bhí gáinneáil ar dhaoine, airm neamhdhleathacha agus robáil le sonrú freisin i measc na déimeagrafaice go léir i dtaobh tosaíochtaí don Gharda Síochána.

## Infheictheacht an Gharda Síochána

**In 2019, thug 39 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé le**

**fios go bhfeiceann siad patróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla (b'eol do thromlach na ndaoine seo go raibh patrólú i ngluaisteáin ar siúl ag Gardaí). Bhrath dai-chead a cúig faoin gcéad go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla 'ceart go leor', ar méadú 6 phointe céatadáin é seo aníos ó 2018. Bhrath caoga a cúig faoin gcéad d'fhreagróirí nár leor láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla.**

- Tá treocht aníos á tabhairt faoi deara sa chomhréir freagróirí a thug le fios go bhfuil siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána gach bliain ón mbliain 2017 ar aghaidh (36%, 38% agus 39%, faoi seach, le trí bliana anuas).
- Tá gaol ann idir feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i gceantair áitiúla agus tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil. De réir mar a thagann laghdú ar dhearcadh freagróirí gur fadhb thromchúiseach í fadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla, tagann méadú ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána.

## Sásamh leis an nGarda Síochána

**B'ionann an sásamh le seirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla in 2019 agus 80 faoin gcéad. Bhí aon déag faoin gcéad d'fhreagróirí 'an-sásta', agus bhí 69 faoin gcéad 'sásta go leor'.**

Níor tháinig athrú ar leibhéil sásaimh ('an-sásta' agus 'sásta go leor' araon) i measc freagróirí leis an tseirbhís a chuir Gardaí ar fáil dá bpobail áitiúla idir 2018 agus 2019.

Bhí leibhéil sásaimh i measc fhreagróirí Bhaile Átha Cliath ní b'ísle ná mar a bhí siad i gceantair eile, agus b'amhlaidh a bhí sásamh i gceantair 'cathrach'. Faoi mar a sonraíodh i mblianta roimhe seo, thug íospartaigh na coireachta leibhéil níos ísle de shásamh le fios. B'ionann an figiúr seo in 2019 agus 55 faoin gcéad i gcomparáid le 81 faoin gcéad de neamhíospartaigh na coireachta.

Nuair a dhéantar scrúdú ar leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla in aghaidh tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil, tá gaol soiléir ann, cé go bhfuil seo níos infheicthe ar leibhéal áitiúil. De réir mar a thagann méadú ar thuairimí faoi thromchúise fhadhb na coireachta, is amhlaidh a thagann méadú ar mhíshásamh le seirbhís an Garda Síochána.

## Iontaoibh as an nGarda Síochána

**Is é ceann den mhéadracht is tábhachtaí a scrúdaíodh i an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail ná iontaoibh as na Gardaí. Níor tháinig athrú air seo le roinnt babhtaí suirbhé anuas. In 2019, thug 91 faoin gcéad d'fhreagróirí leibhéal iontaoibhe idir measartha agus ard le fios as an nGarda Síochána.**

Ba dhóchúla go mbeadh iontaoibh ní ba mhó ag freagróirí in aoischatagóirí níos sine as na Gardaí. Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh 'iontaoibh ard' ag freagróirí cathrach as an eagraíocht ná iad siúd a chónaíonn i gceantair thuaithe agus 'uirbeacha eile'. Ba dhóchúla go dtabharfadh freagróirí an tsuirbhé a bhí ina n-íospartaigh den choireacht le 12 mhí anuas iontaoibh 'íseal' as na Gardaí le fios, ná iad siúd nach raibh thíos le híospairt.

## An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine

**In 2019, chomhaontaigh tromlach mór fhreagróirí an tsuirbhé (95%) le fios go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith. Ar an gcuma chéanna, chomhaontaigh 86 faoin gcéad go gcaithfeadh Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin (b'ionann an figiúr seo agus 71% nuair a cuireadh freagraí 'ní fios dom' san áireamh).**

- Chomhaontaigh ochtó a naoi faoin gcéad d'fhreagróirí a bhí ina n-íospartaigh den choireacht le 12 mhí anuas roimh agallamh an tsuirbhé go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith.
- D'imir íospairt tionchar ar cé acu ar chomhaontaigh nó nár chomhaontaigh freagróirí go gcaithfeadh Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin, agus chomhaontaigh 61 faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta. I gcodarsnacht leis sin, chomhaontaigh 86 faoin gcéad de neamhíospartaigh na coireachta leis an ráiteas seo.
- Rinne tromlach na bhfreagróirí (76%) 'comhaontú' nó 'comhaontú láidir' leis gur féidir brath ar Ghardaí ina gceantar a bheith ann in am an ghátair. (Nuair a chuirtear freagairtí 'níos fios' san áireamh, is ionann an figiúr seo agus 70 faoin gcéad).
- D'easaontaigh an tromlach (70%) go raibh caidreamh idir an Garda Síochána ag an pobal lag. (Nuair a chuirtear freagairtí 'níos fios' san áireamh, is ionann an figiúr seo agus 60 faoin gcéad).
- Chomhaontaigh ochtú a trí faoin gcéad d'fhreagróirí (75% nuair a chuirtear na freagairtí 'ní fios' san áireamh) go n-éisteann Gardaí le buartha daoine áitiúla.
- Ar deireadh, d'easaontaigh 75 faoin gcéad nach bhfuil Gardaí ag déileáil le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal (54% nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh).

## Tuairimí faoi Eagraíocht an Gharda Síochána

**In 2019, cheap tromlach na bhfreagróirí go bhfuil na Gardaí dírithe ar an bpobal (73%), cairdiúil agus cabhrach (94%), éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht (68%) agus dea-bhainistithe (59%) agus nua-aimseartha nó céimnitheach (71%). Chomhaontaigh daichead a trí faoin**

**gcéad go gcuireann an eagraíocht seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil.**

Lean feabhas ag teacht ar dhearcthaí freagróirí i leith an Gharda Síochána le roinnt babhtaí suirbhé anuas. Ní raibh sé chomh dóchúil céanna go mbeadh íospartaigh na coireachta (sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé) dearfach faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána i gcomparáid le neamhíospartaigh na coireachta.

## Sampla Breise (Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois)

**Seo an tríú bliain inar bailíodh dearcthaí daoine 16 agus 17 mbliana d'aois laistigh den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail.  Baineann tábhacht leis an gcaidreamh idir daoine óga agus an Garda Síochána agus caidreamh atá ann nach mór a fhiosrú go hiomlán. Baineann idirghníomhú luath leis na Gardaí agus tuairimí faoin eagraíocht le hábhar mar gheall go n-imríonn siad tionchar ar mheonta agus iompar marthanach.**

Cheap seasca a naoi faoin gcéad de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois go bhfuil an choireacht náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' (níos ísle ná an príomhshampla).  Ar nós an tsampla de dhaoine fásta, measadh go gcruthaíonn coireacht áitiúil fadhb i bhfad níos lú ná an choireacht náisiúnta.

In 2019, ní raibh tromlach na ndaoine 16 agus 17 mbliana d'aois ina n-íospartach den choireacht i rith na tréimhse 12 mhí roimhe sin (bhí 3% díobh ina n-íospartaigh den choireacht). Bhí i bhfad ní ba lú buartha ar dhaoine óga go ndéanfaí íospartach díobh ná mar a bhí ar an sampla de dhaoine fásta - ní raibh an tromlach (79%) buartha faoi íospairt. Ar an gcuma chéanna, bhí eagla ní ba lú ar an gcohórt ní b'óige (62%) roimh an gcoireacht ná mar a bhí ar an sampla de dhaoine fásta (38%).

B'ard don sásamh i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois leis an tseirbhís a sholáthair Gardaí don phobal áitiúil - bhí 85 faoin gcéad 'sásta' nó 'sásta go leor'. Bhí iontaoibh idir measartha agus ard ag ochtó a hocht faoin gcéad as na Gardaí. Bhrath nócha faoin gcéad go gcaithfeadh Gardaí le daoine aonair le meas agus bhrath 82 faoin gcéad go gcaitheann siad le gach duine go cothrom. Faoi mar a sonraíodh in 2018, ba dhearfach, den chuid ba mhó, na tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána. Ba iad na leibhéil chomhaontaithe go bhfuil na Gardaí cairdiúil agus cabhrach i measc na leibhéal ab airde (90 faoin gcéad).

# Caibidil 1
# Réamhrá

Suirbhé sóisialta is ea an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail de chuid an Gharda Síochána ar dhearcadh phobal na hÉireann ar an gcoireacht agus an phóilíneacht in Éirinn. Seoladh arís é in 2014 i ndiaidh gur cuireadh deireadh leis in 2008. Is ionann suirbhé 2019 agus an cúigiú babhta ó seoladh arís é. Tá 6000 agallamh aghaidh ar aghaidh le daoine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine i gceist leis an suirbhé. Rinneadh suirbhé ar dhearcthaí na ndaoine 16 agus 17 mbliana d'aois i suirbhé ar leith níos lú in 2017. Is éard atá i gceist leis seo ná 500 agallamh aghaidh ar aghaidh. Anuas ar an tuarascáil bhliantúil, foilsíonn an Garda Síochána bullaitíní ráithiúla. Tá gach foilseachán roimhe seo ar fáil ag www.garda.ie.

## 1.1 Is é cuspóir an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Dearcthaí sampla ionadaigh de phobal na hÉireann a bhailiú faoin gcoireacht in Éirinn agus eagraíocht an Gharda Síochána, chomh maith le dearcthaí íospartaigh na coireachta a bhailiú faoina n-eispéiris den tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil dóibh.
- Leibhéil bhraite na coireachta a thomhas ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.
- Na saghsanna coireachta a shainaithint a cheapann an pobal gur cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dóibh.
- Measúnú a dhéanamh ar leibhéil sásaimh i measc an phobail leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil.
- Leibhéal iontaoibhe an phobail as an nGarda Síochána agus na tuairimí faoin eagraíocht a thomhas.

## 1.2 Modheolaíocht: Conas a thugtar faoin Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail?

Cuireadh tús leis an bpróiseas le comórtas a cuireadh amach ar tairiscint, agus coimisiúnaíodh Amárach Research chun an suirbhé a dhéanamh dá bharr. Dhear an Garda Síochána an ceistneoir i gcomhairle le Amárach Research. Rinneadh ceisteanna a thástáil sular cuireadh san áireamh iad sa suirbhé deiridh. Cuirtear an suirbhé ar bun ar bhonn leanúnach (i.e. tá suirbhé leanúnach á dhéanamh ar an daonra) agus baineann agallaimh sa teach agus aghaidh ar aghaidh leis. Déantar tuairisciú ar an suirbhé ar bhonn ráithiúil agus bliantúil.

Tá an próiseas samplála a úsáideann Amárach Research bunaithe ar 200 pointe samplála. Roghnaíodh iad seo ó bhunachar sonraí thart ar 3,500 Toghroinn/Barda Ceantair. Ní dhéantar na 200 pointe samplála seo go léir a úsáid in aon am amháin, ina ionad sin, déantar 50 pointe a shampláil gach mí, agus tugadh cuairt ar gach pointe samplála trí huaire i rith na bliana. Déanann an tairbhe a bhaineann leis na pointí samplála an éifeacht a bhaineann le hearráid samplála a laghdú. Déantar na pointí samplála a shrathú ar aon dul le leithdháileadh an daonra trí úsáid a bhaint as na catagóirí seo a leanas:

- Cathracha agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, Phort Láirge agus na Gaillimhe
- Bailte ina bhfuil daonra 10,000, ach nach cathair ná bruachbhaile iad
- Bailte ina bhfuil daonra idir 5,000 agus 9,999
- Bailte ina bhfuil daonra idir 1,500 agus 4,999
- Bailte ina bhfuil daonra níos lú ná 1,499

Trí úsáid a bhaint as cur chuige siúlóide randamaí, roghnaítear freagróirí féideartha. Is éard a bhaineann leis an gcur chuige seo ná go roghnaíonn na hagallóirí pointe tosaigh agus tugann siad cuairt ar gach teach ag eatraimh shocraithe, i.e. ceathrú míle amháin i gceantair thuaithe, go dtí go gcastar ar fhreagróir incháilithe. Lena chinntiú go gcríochnaítear agallaimh ar bhealach comhsheasmhach i measc na ngrúpaí go léir, tugtar faoi agallaimh i gcaitheamh an lae, i dtithe na bhfreagróirí. Déanann Amárach Research dhá sheal d'agallaimh a imlonnú idir 10am agus 2pm agus idir 2pm agus 8pm. Tugtar cuntas ar an modh samplála a úsáidtear do dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois i gcaibidil 11.

## 1.3 Próifíl Shamplach

Déanann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail sampláil ar dhaoine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine agus tá sé in ainm is ionadaíocht náisiúnta a dhéanamh.

Roghnaíodh freagróirí de réir cuótaí bunaithe ar aois, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntachta. Áirítear leis an gceistneoir ceisteanna chun réimse fairsing d'fhaisnéis dhéimeagrafach a bhailiú. Déantar an sampla a ualú nuair a thugtar faoin anailís lena chinntiú go bhfuil sé ar aon dul le daonra náisiúnta. Tugtar miondealú i dTábla 1 ar shampla suirbhé 2019.

Iarradh ar fhreagróirí cé acu an raibh nó nach raibh siad mar íospartach na coireachta sa tréimhse 12 mhí roimh an agallamh (an tréimhse thagartha). Ní bhailítear sonraí, áfach, sa mhír a bhaineann le híospairt faoi gach coir: fágtar coireanna a mbaineann cineál gnéasach leo as an áireamh ón suirbhé.

[1] *Áirítear leis seo bheith mar íospartach den bhuirgléireacht, goid, robáil, díobháil choiriúil, ionsaí*

## 1.4 Difríochtaí idir tuarascálacha bliantúla

Faoi mar a luadh, seoladh an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (an SDP) arís in 2014 agus is é an chéad suirbhé sa tsraith seo SDP 2015. Seachas i gcás shuirbhé 2015, rinneadh freagairtí 'ní fios' agus freagairtí a dhiúltú a fhágáil as an áireamh do thromlach na gceisteanna. Go mór mór, ní imríonn an rogha chórasach seo tionchar ar chomparáidí i measc suirbhéanna do cheisteanna áirithe, seachas nuair a bhíonn suirbhé 2015 laistigh den chomparáid sin. Ba cheart don léitheoir a bheith ar an eolas air seo má dhéanann siad comparáid dhíreach in aghaidh fhigiúirí 2015 amháin.

## 1.5 Leanúint ar aghaidh in 2019

In 2018, cuireadh ceithre cheist nua leis an suirbhé. Leanadh leo seo a chur in 2019 agus déantar tuairisciú orthu faoin gcaibidil dar teideal 'An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine' agus baineann siad le hiontaofacht Ghardaí i gceantair áitiúla agus leis an gcaidreamh idir póilíní agus an pobal.

## 1.6 Táblaí agus figiúirí a thuiscint

Úsáidtear táblaí minicíochta agus céatadáin chun freagairtí suirbhé a fhiosrú laistigh den tuarascáil seo. I roinnt cásanna, déantar comparáid idir suirbhéanna SDP roimhe seo – suirbhéanna 2017 agus 2018 den chuid is mó. Déantar athruithe a thomhas i dtaobh tábhacht staitistiúil. Sainaithnítear difríochtaí lena mbaineann tábhacht staitistiúil laistigh den téacs.

Is féidir le méideanna ísle sampla torthaí nach féidir brath orthu a sholáthar chomh maith le saincheisteanna rúndachta a chur i láthair. Ar an ábhar sin, cuirfidh líne, i.e. '–' aon mhéid chille in iúl ina bhfuil níos lú ná 30 freagróir ualaithe/neamhualaithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil céatadáin do na méideanna cille siúd sa cholún sin atá níos mó ná 30 bunaithe ar an líon iomlán freagairtí don cholún sin. Mar thoradh air sin, ní hionann a bheidh iomlán céatadánach an cholúin sin agus 100 faoin gcéad mar gheall go mbeidh dais/líne i roinnt ceall agus is ionann a bheidh iomlán céatadánach na gceall eile agus an t-iomlán sin do chealla ina bhfuil breis agus 30 cás.

I dtáblaí áirithe, is féidir céatadán a lua do chatagóir aonair, i.e. is éard atá i gceist le comhaontú ná 'comhaontú' agus 'comhaontaím go láidir' agus 'comhaontaím'. Céatadáin iad seo a shuimítear le chéile trí dhá chéatadán nó níos mó a shuimiú. Rinneadh an céatadán a athríomh don chomhchatagóir aonair agus, ar an ábhar sin, d'fhéadfadh difríocht de phointe céatadáin amháin nó dhó a bheith i gceist leis ó shuim na gcéatadán siúd a thaispeántar sna figiúirí agus táblaí. Bheadh slánú déanta cheana féin ar shuim na gcéatadán siúd.

Cuireann roinnt ceisteanna sa suirbhé ar chumas freagróirí freagairtí iolracha a roghnú. Ní bheidh 100 faoin gcéad i gceist le suim na gcéatadán seo i gcomparáid leis na céatadáin eile a chuirtear i láthair. Ar deireadh, ní bheidh 100 faoin gcéad i gceist le suim na gcolún go léir nuair a úsáidtear céatadáin. Is mar gheall ar shlánú figiúirí é seo.

Suirbhé é seo ar shampla randamach den daonra. Caithfear a ghlacadh leis, ar an ábhar sin, go mbeidh lamháil earráide éigin ann. Ríomhadh é seo ag +/- 1.1 faoin gcéad don sampla iomlán 6,000 freagróir. Ciallaíonn seo, nuair a thugaimid figiúirí le fios don sampla ina iomláine, mar shampla, nuair a luaimid go gcomhaontaíonn 80 faoin gcéad d'fhreagróirí le ráiteas, idir 78.9 agus 81.1 faoin gcéad a bheidh an fíorluach. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, mar gheall go ndéantar anailís ar chomhréireanna níos lú den sampla, méadaíonn an lamháil earráide. Ba cheart é seo a chur san áireamh nuair a dhéantar scrúdú ar mhéideanna níos lú (mar shampla, íospartaigh na coireachta).

Úsáideann na táblaí miondealú ar aicme shóisialta, faoi mar a úsáideann cuideachtaí taighde ar an margadh. Leagtar amach i dTábla 2, ar an gcéad leathanach eile, sainmhíniú ar na haicmí sóisialta seo. Déantar miondealú sna táblaí, chomh maith, ar fhreagairtí de réir ceantair thíreolaíochta, 'cathair', 'uirbeach eile' agus 'tuaithe' san áireamh Buirgí cathrach iad ceantair 'chathrach', is ionann 'uirbeach eile' agus aon cheantar ina bhfuil daonra idir 1,500 agus 10,000 agus bíonn daonra níos lú ná 1,500 i gceantair 'thuaithe'. Fiafraítear sa suirbhé, chomh maith, d'fhreagróirí faoin bhfad chuig a stáisiún áitiúil Gardaí – bunaítear freagraí ar mheastacháin freagróirí.

## 1.7 Struchtúr na tuarascála seo

Tá an tuarascáil seo roinnte ina dhá chaibidil déag (tá an réamhrá i gcaibidil a haon):

- Léirítear i gCaibidil 2 torthaí ar thuairimí faoin gcoireacht in Éirinn i rith 2019. Déantar comparáid le torthaí shuirbhé 2017 agus 2018.
- Déantar scrúdú i gCaibidil 3 ar íospairt i measc freagróirí agus an ráta tuairiscithe le Gardaí. Fiosraítear, chomh maith, leibhéil sásaimh i measc íospartaigh na coireachta le seirbhís an Gharda Síochána. Cuirtear dearcthaí ar fáil freisin faoi eolas agus tacaíocht a fuarthas.
- Dírítear i gCaibidil 4 ar an dóchúlacht a bhraitear go ndéanfar íospairt ar fhreagróirí agus an bhuairt a bhíonn orthu faoi choireanna ar leith, anuas ar an tionchar a imrítear ar chaighdeán a mbeatha.
- Déantar scrúdú i gCaibidil 5 ar na saghsanna coireanna a gceapann freagróirí gur cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dóibh.
- Fiosraítear leibhéil d'infheictheacht an Gharda Síochána i gCaibidil 6 agus cé acu an leor nó nach leor láithreacht an Gharda Síochána i bpobail áitiúla, dar le freagróirí.
- Déantar scrúdú i gCaibidil 7 ar shásamh an phobail leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil do phobail áitiúla.
- Fiosraítear i gCaibidil 8 an leibhéal iontaoibhe as an nGarda Síochána i measc freagróirí.
- Dírítear i gCaibidil 9 ar thuairimí freagróirí ar an mbealach a chaitheann an Garda Síochána le daoine.
- Scrúdaítear i gCaibidil 10 tuairimí freagróirí faoi eagraíocht an Gharda Síochána, a chumas ina measc chun coireacht a chomhrac, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé dírithe ar an bpobal agus a mhéid a sholáthraíonn sé seirbhís póilíneachta den chéad scoth.
- Cuirtear an anailís ar fáil i gCaibidil 11 ar an sampla suirbhé de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois.
- Cuirtear an chonclúid ar fáil i gCaibidil 12.

**Tábla 1: Próifíl shamplach den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2019**


| Inscne | | Aois | | Aicme Shóisialta | | Réigiún | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fir | 49% | 18 - 24 | 11% | AB | 13% | Baile Átha Cliath | 29% |
| Mná | 51% | 25 - 34 | 19% | C1 | 29% | Laighin (gan Baile Átha Cliath a áireamh) | 26% |
| | | 35 - 44 | 21% | C2 | 21% | Mumha | 27% |
| | | 45 - 54 | 18% | DE | 31% | Connachta nó Ulaidh | 18% |
| | | 55 - 64 | 14% | F | 6% | | |
| | | 65+ | 18% | | | | |

| Ceantar | | Náisiúntacht | | Eitneacht | | Creideamh | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cathair | 38% | Éireannach | 88% | Éireannach Geal | 87% | Caitliceach Rómhánach | 76% |
| Uirbeach Eile | 25% | An Ríocht Aontaithe | 3% | Duine Geal Eile | 9% | Eaglais na hÉireann | 2% |
| Tuaithe | 37% | Polannach | 2% | Áiseach Eile | 2% | Críostaí Eile | 4% |
| | | Liotuánach | 1% | Duine Gorm Eile | 1% | Ioslam | 1% |
| | | Indiach | 1% | | | Eile | 1% |
| | | Eile | 5% | | | Creideamh ar bith | 17% |
| | | | | | | Diúltaithe | 1% |

**Tábla 2: Sainmhínithe ar ghrúpálacha aicme sóisialta**

| Aicme Shóisialta | Cur Síos |
|---|---|
| A | Ardbhainistíocht, gairmiúil |
| B | Cuntasóir idirmheánach bainistíochta gairmiúil. |
| C1 | Bainisteoir maoirseachta nó cléireachais sóisearach, Altra, Múinteoir, ionadaí díolachán, úinéir siopa. Mac Léinn |
| C2 | Oibrí oilte láimhe (e.g. Bríceadóir, Siúinéir, Pluiméir nó Péintéir Oilte, Tiománaí Bus, Tiománaí Otharchairr Tiománaí HGV, Patrólaí AA, Tábhairneoir), Gruagaire, Feisteoir |
| D | Obair leathoilte nó neamhoilte láimhe (e.g. Oibrithe láimhe, gach printíseach a bheidh ina dtrádálaithe oilte, Feighlí, Coimeádaí páirce, Tiománaí neamh-HGV, cúntóir siopa), Fear/Bean an Phoist, Bearbóir, Tiománaí Tacsaí Freastalaí Beáir. Oibrí ócáideach (nach bhfuil i bhfostaíocht bhuan) |
| E | Bean tí/cúramaí baile. Ar scor agus ag maireachtáil an bpinsean stáit. Dífhostaithe nó gan bheith ag oibriú mar gheall ar bhreoiteacht fhadtéarmach. Cúramóir le lánaimseartha duine muinteartha eile |
| F | Feirmeoir |

# Caibidil 2
# Tuairimí an Phobail faoin gCoireacht in Éirinn




**Iarradh ar fhreagróirí suirbhé a dtuairimí a thabhairt faoin leibhéal coireachta go náisiúnta agus ina gceantar áitiúil. Cosúil le suirbhéanna roimhe seo, tá freagróirí faoin tuairim go bhfuil coireacht náisiúnta níos tromchúisí ná coireacht áitiúil. Tá méadú tagtha ar an gcomhréir freagróirí atá faoin tuairim seo ó 2018. Ní cheaptar gur fadhb chomh mór céanna an choireacht áitiúil agus tá méadú tagtha ar an gcomhréir freagróirí atá faoin tuairim seo freisin le trí bhabhta suirbhé anuas.**

## 2.1 Tuairimí faoin gcoireacht in Éirinn: náisiúnta agus áitiúil

I rith 2019, cheap 36 faoin gcéad d'fhreagróirí gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta, agus cheap 42 faoin gcéad gur fadhb 'tromchúiseach' é. Cheap fiche faoin gcéad d'fhreagróirí gur fadhb 'de chineál' é, agus cheap trí faoin gcéad d'fhreagróirí gur 'fadhb ar bith' é an choireacht in Éirinn ar leibhéal náisiúnta. I gcomparáid leis sin, bhrath 4 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht ina gceantar áitiúil agus cheap 14 faoin gcéad gur fadhb 'tromchúiseach' é. Luaigh daichead a naoi faoin gcéad gur fadhb 'de chineál' é agus cheap 32 faoin gcéad gur 'fadhb ar bith' é.


## 2.2 Ar athraigh tuairimí idir 2017, 2018 agus 2019?

Tháinig méadú ar an gcomhréir freagróirí a cheap go raibh an choireacht ar leibhéal náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' le trí bliana anuas ó 2017 ar aghaidh (24%, 28% agus 36% i ndiaidh a chéile). Tháinig laghdú, áfach, orthu siúd a cheapann gur fadhb 'tromchúiseach' é anuas ó 50 faoin gcéad in 2017 go dtí 42 faoin gcéad in 2019. Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe seo. Ar an iomlán, tháinig méadú ar an gcomhréir freagróirí in 2019 a cheap go raibh an choireacht ar leibhéal náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' (78%), i gcomparáid le 73% in 2018.


I dtaobh tuairimí freagróirí faoin gcoireacht ar leibhéal áitiúil, cheap 20 faoin gcéad in 2017 go raibh an choireacht ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' agus tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo anuas go dtí 18 faoin gcéad in 2019. Tá méadú bliain ar bhliain tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhrath nach fadhb an choireacht ina gceantair áitiúla ó 2017 (29%, 31% agus 32%, faoi seach), arb athrú é seo a mbaineann tábhacht staitistiúil leis. Tugtar cuntas i bhFíor 1 agus 2 ar na hathruithe a tháinig ar an tuairim faoin gcoireacht le trí bliana anuas.

Déantar fiosrú breise ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil sna chéad mhíreanna eile. Bailítear sa suirbhé réimse d'eolas déimeagrafach agus geografach anuas ar eolas faoin teagmháil a rinne freagróirí leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé.

**Fíor 1: Athruithe ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn idir 2017, 2018 agus 2019**




**Fíor 2: Athruithe ar thuairimí faoin gcoireacht áitiúil in Éirinn idir 2017, 2018 agus 2019**




## 2.3 Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Léirítear i dTáblaí 4 agus 5 tuairimí freagróirí faoin gcoireacht náisiúnta de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair i rith 2019.

**Inscne:** Faoi mar a bhí i gceist i mbabhtaí suirbhé roimhe seo, is dóchúla go gceapann mná gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' é an choireacht náisiúnta.

**Aois:** Cheap freagróirí in aoisghrúpaí níos sine gur fadhb níos tromchúisí an choireacht náisiúnta ná mar a cheap iad siúd atá i ngrúpaí níos óige. Ba dhóchúla go gceapfadh freagróirí in aoisghrúpaí níos óige gur fadhb 'de chineál' atá sa choireacht náisiúnta ná mar a cheap iad siúd in aoisghrúpaí níos sine.

**Aicme Shóisialta:** Ba dhóchúla go gceapfadh freagróirí ó ghrúpa aicme sóisialta F (40%) gur fadhb 'an-tromchúiseach' é an choireacht náisiúnta i gcomparáid le grúpaí aicme sóisialta eile.

**Náisiúntacht:** Ceapann náisiúnaigh neamh-Éireannacha nach bhfuil an choireacht náisiúnta chomh tromchúiseach céanna agus a cheapann náisiúnaigh Éireannacha (cheap 59% de náisiúnaigh neamh-Éireannacha gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' é an choireacht náisiúnta i gcomparáid le 78% de náisiúnaigh Éireannacha).

**Tábla 4: Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn i rith 2019 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Fadhb an-tromchúiseach | 33% | 39% | 24% | 28% | 34% | 40% | 40% | 47% | 33% | 32% | 39% | 37% | 44% | 38% | 20% |
| Fadhb thromchúiseach | 44% | 39% | 43% | 45% | 42% | 40% | 42% | 38% | 41% | 42% | 40% | 42% | 43% | 41% | 43% |
| Fadhb de chineál | 21% | 19% | 29% | 24% | 22% | 19% | 17% | 13% | 23% | 24% | 19% | 18% | 12% | 19% | 31% |
| Fadhb ar bith | 3% | 3% | 4% | 3% | 2% | 2% | 2% | 2% | 3% | 3% | 3% | 3% | 2% | 2% | 6% |

**Tábla 5: Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn i rith 2019 de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Fadhb an-tromchúiseach | 18% | 50% | 39% | 39% | 23% | 48% | 41% | 30% | 31% | 43% | 44% | 43% |
| Fadhb thromchúiseach | 39% | 39% | 47% | 40% | 41% | 39% | 43% | 45% | 43% | 39% | 43% | 43% |
| Fadhb de chineál | 37% | 11% | 12% | 19% | 31% | 12% | 15% | 22% | 23% | 15% | 13% | 11% |
| Fadhb ar bith | 6% | 1% | 2% | 2% | 5% | 1% | 2% | 3% | 3% | 3% | 1% | 3% |

**Réigiún:** cheap freagróirí i mBaile Átha Cliath (63%) gur fadhb atá sa choireacht náisiúnta nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna agus atá sé i réigiúin eile: an chuid eile de Laighin (81%); Mumha (85%) agus Connachta nó Ulaidh (78%).

**Uirbeach/Tuaithe:** cheap freagróirí i gceantair chathrach (67%) gur fadhb níos lú atá sa choireacht náisiúnta nár mar atá sé i gceantair 'uirbeacha eile' agus i gceantair thuaithe (80% agus 82%, faoi seach).

**Fad ó stáisiún Gardaí:** ba dhóchúil go gceapann na freagróirí siúd a chónaíonn níos faide ná 5 chiliméadar ó stáisiún Gardaí gur fadhb atá sa choireacht náisiúnta ná mar a cheapann iad siúd a chónaíonn níos lú ná 5 chiliméadar ó stáisiún Gardaí.

## 2.4 Tuairimí faoin gcoireacht áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Léirítear tuairimí faoin gcoireacht ar leibhéal áitiúil i rith 2019, de réir grúpálacha déimeagrafacha agus geografacha, i dtáblaí 6 agus 7.

**Inscne:** bhí beagán dóchúlachta ní ba mhó ann go gceapfadh mná (23%) gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' é an choireacht ina gceantair áitiúla ná mar a cheapfadh fir (21%).

**Aois:** ba dhóchúla gur cheap iad siúd sna haoisghrúpaí 45-64 bliain d'aois gur fadhb thromchúiseach é an choireacht ina gceantair áitiúla ná mar a cheapfadh aoisghrúpaí eile.

**Aicme Shóisialta:** ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann i measc aicme shóisialta i dtaobh tuairimí faoin gcoireacht i gceantair áitiúla.

**Náisiúntacht:** Cheap freagróirí Éireannacha (24%) gur fadhb níos tromchúisí ('an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach') é an choireacht áitiúil ná mar a cheap náisiúnaigh neamh-Éireannacha (16%).

**Réigiún:** cheap comhréir ní ba mhó d'fhreagróirí ó Bhaile Átha Cliath (26%) agus an Chuid eile de Laighin (29%) gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' atá sa choireacht ina gceantair áitiúla ná iad siúd i Mumha agus Connachta nó Ulaidh (14%).

**Uirbeach/Tuaithe:** níor dhóchúil céanna gur cheap freagróirí tuaithe gur fadhb thromchúiseach é an choireacht ina gceantair áitiúla ná mar a cheap daoine sa chathair agus i gceantair uirbeacha eile.

**Fad ó stáisiún Gardaí:** cheap freagróirí a chónaigh breis agus 3-5 chiliméadar ó stáisiún Gardaí nach bhfuil an choireacht áitiúil chomh tromchúiseach céanna agus a cheap iad siúd a chónaigh ní ba ghaire do stáisiúin.

## 2.5 Foinsí faisnéise a imríonn tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil

Lorg an suirbhé lena dheimhniú conas a imrítear tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht. Bhí torthaí ó 2019 cosúil leo siúd in 2018. Thug tríocha a hocht faoin gcéad d'fhreagróirí le fios gurbh é an teilifís an phríomhfhoinse faisnéise faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn, thug 22% le fios gurbh é an raidió, thug 15% le fios gurbh iad an nuacht/na meáin agus thug 12% le fios gurbh iad na meáin shóisialta an phríomhfhoinse faisnéise. I gcás foinsí faisnéise faoin gcoireacht áitiúil, b'ionann 'scéal scéil/cairde' agus 42 faoin gcéad d'fhreagraí freagróirí, agus raidió/raidió áitiúil (15%) agus na meáin shóisialta (14%) ina dhiaidh sin.

**Tábla 6: Tuairimí faoin gcoireacht áitiúil in Éirinn i rith 2019 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Fadhb an-tromchúiseach | 4% | 4% | 2% | 3% | 4% | 6% | 5% | 5% | 5% | 4% | 5% | 4% | 2% | 5% | 2% |
| Fadhb thromchúiseach | 13% | 16% | 12% | 12% | 14% | 16% | 16% | 16% | 14% | 14% | 15% | 15% | 13% | 15% | 9% |
| Fadhb de chineál | 49% | 49% | 51% | 49% | 51% | 48% | 49% | 48% | 53% | 50% | 47% | 48% | 52% | 50% | 43% |
| Fadhb ar bith | 34% | 31% | 36% | 36% | 31% | 30% | 31% | 30% | 29% | 32% | 34% | 33% | 33% | 30% | 46% |

**Tábla 7: Tuairimí faoin gcoireacht áitiúil in Éirinn de réir grúpálacha**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Fadhb an-tromchúiseach | 5% | 8% | 2% | 1% | 4% | 8% | 2% | 3% | 4% | 7% | 3% | 0% |
| Fadhb thromchúiseach | 18% | 18% | 10% | 9% | 17% | 17% | 11% | 14% | 14% | 18% | 13% | 11% |
| Fadhb de chineál | 53% | 44% | 46% | 56% | 51% | 46% | 49% | 49% | 54% | 41% | 47% | 46% |
| Fadhb ar bith | 24% | 31% | 42% | 33% | 28% | 28% | 39% | 34% | 28% | 34% | 37% | 43% |

## 2.6 Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána

Déantar scrúdú i dtáblaí 8 agallamh 9 ar cé acu an imríonn nó nach n-imríonn teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána sa tréimhse 12 mhí anuas roimh agallamh an tsuirbhé tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil. Ba dhóchúla go gceapfadh freagróirí nach ndearna aon teagmháil leis an nGarda Síochána (79%) gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' an choireacht náisiúnta i gcomparáid leo siúd a chuir tús leis an teagmháil iad féin (76%) nó iad siúd inar chuir an Garda Síochána tús leis an teagmháil leo (77%).

Bhí tuairimí freagróirí go bhfuil an choireacht áitiúil 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' níos suntasaí i measc na bhfreagróirí siúd a chuir tús le teagmháil (25%) ná mar a bhí ina measc siúd inar chuir Garda tús le teagmháil leo (11%) nó ina measc siúd nach ndearna aon teagmháil (17%).

**Tábla 8: Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Fadhb an-tromchúiseach | 37% | 28% | 36% |
| Fadhb thromchúiseach | 39% | 49% | 43% |
| Fadhb de chineál | 23% | 22% | 19% |
| Fadhb ar bith | 2% | 2% | 3% |

**Tábla 9: Tuairimí faoin gcoireacht áitiúil in Éirinn de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Fadhb an-tromchúiseach | 8% | 2% | 3% |
| Fadhb thromchúiseach | 17% | 9% | 14% |
| Fadhb de chineál | 51% | 57% | 49% |
| Fadhb ar bith | 25% | 31% | 35% |

## 2.7 Achoimre

- **Ceapann freagróirí an tsuirbhé i gcónaí gur fadhb níos tromchúisí é an choireacht náisiúnta ná an choireacht áitiúil.**
- **Tháinig méadú ar an gcomhréir freagróirí a cheapann go bhfuil an choireacht náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' aníos ó 73 faoin gcéad in 2018, go dtí 78% in 2019.**
- **Ceapann freagróirí scothaosta gur fadhb níos tromchúisí an choireacht náisiúnta ná mar a cheapann iad siúd atá in aoischatagóirí níos óige. Ba dhóchúla go gceapfadh freagróirí neamh-Éireannacha gur fadhb atá ann i gcomparáid le freagróirí Éireannacha.**
- **Ceapann freagróirí i mBaile Átha Cliath nach bhfuil an choireacht náisiúnta chomh tromchúiseach agus a mheasann iad siúd i réigiúin eile.**
- **Ba dhóchúla go gceapfadh freagróirí neamh-Éireannacha gur 'fadhb ar bith' atá sa choireacht ina gceantair áitiúla i gcomparáid le freagróirí Éireannacha.**
- **Cheap freagróirí ó Bhaile Átha Cliath agus an Chuid eile de Laighin gur fadhb níos tromchúisí atá sa choireacht ceantair áitiúil ná mar a cheap iad siúd i Mumha agus Connachta nó Ulaidh.**

**Déanfar scrúdú breise ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil sna caibidlí seo a leanas i dtaobh íospartha, eagla agus buartha faoin gcoireacht, sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána, iontaoibhe as na Gardaí agus dearcthaí faoi eagraíocht an Gharda Síochána.**

# Caibidil 3
# Íospartaigh na Coireachta



**Tá laghdú tagtha ar an ráta íospartha anuas ó 6 faoin gcéad in 2018 go dtí 4.4 faoin gcéad in 2019**

Bhí
**61%**
d'íospartaigh sásta maidir le conas a láimhseáil na Gardaí an cás

Ba é an ráta tuairiscithe íospartach
**80%**
in 2019

**Tugadh an ráta íospartha ab ísle faoi deara i R4 in 2019 le trí bliana anuas -**
**3.5%**


**Faoi mar a rinneadh le suirbhéanna roimhe seo, rinne suirbhé 2019 tomhas ar an gcéatadán daoine fásta (18 mbliana d'aois agus níos sine) a bhí ina n-íospartaigh de choir amháin, ar a laghad, le dhá mhí dhéag anuas roimh a n-agallamh suirbhé - gan aird ar cé acu ar thug nó nár thug siad an choireacht le fios do na Gardaí. Tugtar an ráta íospartha air seo.**

## 3.1 Íospairt in Éirinn

Bhí 261 íospartach na coireachta (as 6000) i suirbhé 2019, ar thug 30 díobh le fios gurbh íospartaigh na coireachta iad breis agus uair amháin sna 12 mhí roimhe sin. B'ionann an ráta íospartha, ar an ábhar sin, agus 4.4 faoin gcéad – ar laghdú é anuas ó shuirbhé 2018 (nuair b'ionann é agus 6%).


Tugadh an ráta íospartha ab ísle le trí bhabhta suirbhé anuas (2017, 2018 agus 2019) faoi deara i ráithe 4 2019. Tá meath ag teacht ar an ráta íospartha ó Ráithe 2 2018 (seachas méadú i Ráithe 2 2019 nuair b'ionann é agus 5.3%). Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe seo. **Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, go dtagann méadú ar an lamháil earráide de réir mar a dhéantar anailís ar rátaí íospartha ráithiúla ar mhéideanna sampla níos lú.** Tugtar cuntas i bhFíor 3 ar luaineacht sa ráta íospartha ó Ráithe 1 2017.

**Fíor 3: Leibhéal íospartha na coireachta ó R1 2017 go dtí R4 2019**



Tugtar sonraí i bhfíor a ceathair faoin saghas is déanaí de choireacht a raibh íospartaigh na coireachta thíos leis; ba bhuirgléireacht (25%), díobháil choiriúil (19%), ionsaí (11%) agus 'coireanna eile' (11%) an saghas ba choitianta de choireacht a raibh íospartaigh thíos leis i suirbhé 2019. In 2018, ba dhíobháil choiriúil an choireacht ba choitianta a rabhthas thíos leis (24 faoin gcéad).

**Fíor 4: An choireacht ba dhéanaí a rabhthas thíos leis le 12 mhí anuas**




Faoi mar a rinneadh in 2018, i sampla 2019, níor imir inscne aon tionchar ar an dóchúlacht go ndéanfaí íospartach de dhuine. Rinneadh aoisghrúpaí a chomhdhlúthú chun go bhféadfaí treochtaí fairsinge a scrúdú. Níor tháinig athrú suntasach ar íospairt i measc aoisghrúpaí; thug 4.1 faoin gcéad de dhaoine 18-34 bliain d'aois le fios go raibh siad ina n-íospartach den choireacht sna 12 mhí anuas roimhe sin in agallamh an tsuirbhé; b'ionann íospairt i measc daoine 35-54 bliain d'aois agus 5.5 faoin gcéad agus b'ionann é agus 3.3 faoin gcéad i measc daoine níos sine ná 55 bliain d'aois.

## 3.2 Íospairt a thabhairt le fios in Éirinn

As na 261 íospartach den choireacht sa sampla, thug 206 le fios a gcoir ba dhéanaí. Is ionann seo agus ráta tuairiscithe 80 faoin gcéad le Gardaí. Is ionann seo agus laghdú beag i gcomparáid le 2018 (84%). Cosúil le suirbhé 2018, ba dhóchúla go dtabharfadh freagróirí i mBaile Átha Cliath (7%) le fios go ndearnadh íospartach na coireachta díobh i gcomparáid leis an gCuid eile de Laighin (4%), Connachta nó Ulaidh (4%) agus Mumha (3%). Thug comhréir ní ba mhó d'fhreagróirí le fios i gceantair 'cathrach' (6%) go ndearnadh íospartaigh na coireachta díobh i gcomparáid leo siúd a chónaíonn i gceantair thuaithe (3%) agus i gceantair 'uirbeacha eile' (4%). Bhain tábhacht staitistiúil leis na difríochtaí seo.

Léirítear i dTábla 1 na coireanna siúd ba mhinice a tugadh le fios do na Gardaí. Moltar a bheith cúramach leis seo, áfach, mar gheall go bhfuil na méideanna samplacha beag. Ba iad goid gluaisteáin agus buirgléireacht an dá choir ba mhó a tugadh le fios in 2019. Ba iad goid (ó dhuine) agus ionsaí agus na coireanna ba mhó a tugadh le fios, ina dhiaidh sin.

**Tábla 10: An choir ba dhéanaí a rabhthas thíos leis a thabhairt le fios**

| | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|
| Gluaisteán a ghoid | 96% | 79% | 94% |
| Buirgléireacht | 92% | 93% | 89% |
| Goid (ó dhuine) | 82% | 89% | 88% |
| Ionsaí | 81% | 82% | 87% |
| Díobháil choiriúil | 84% | 89% | 82% |
| Robáil (ó dhuine) | 81% | 94% | 79% |
| Coir eile | 86% | 86% | 78% |
| Goid eile | 79% | 70% | 77% |
| Robáil (ó réadmhaoin) | 88% | 79% | 63% |
| Rothar a ghoid | 76% | 73% | 60% |
| Calaois ar líne | 68% | 42% | 52% |
| Calaois | 73% | 59% | 50% |

Tugtar na cúiseanna ba choitianta a luadh nár tugadh coir le fios i dTábla 11. Ba é an chúis ba choitianta (37 faoin gcéad) nár chreid freagróirí go bhféadfadh na Gardaí rud ar bith a dhéanamh agus, ina dhiaidh sin, gur 'réitigh an t-íospartach iad féin é' agus nár chreid siad go ndéanfadh na Gardaí rud ar bith (26%, faoi seach).

**Tábla 11: Cúiseanna gan coir a thabhairt le fios**

| | |
|---|---|
| Níor chreid mé go bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh | 37% |
| Réitigh mé féin é | 26% |
| Níor chreid mé go ndéanfadh na Gardaí aon rud | 26% |
| Thug mé le fios é d'údarás eile | 21% |
| Ní raibh an teagmhas tromchúiseach a dhóthain | 19% |
| Cúis eile (Sonraigh, le do thoil) | 8% |
| Níor mhaith liom go mbeadh na Gardaí bainteach | 5% |
| Ní raibh an t-am agam | 2% |
| Eagla roimh bheart díoltais ón déantóir nó daoine eile | 2% |
| Ní gá éileamh árachais a dhéanamh | 1% |

## 3.3 Eispéireas de choir a thabhairt le fios


Iarradh ar íospartaigh faoin eispéireas a bhí acu ar choir a thabhairt le fios do na Gardaí:

- Chomhaontaigh 61% d'fhreagróirí gur fhreagair Gardaí go tapa nuair a thug siad an teagmhas le fios (ar aon dul le torthaí 2018).
- Tugadh ainm an Gharda imscrúdaithe do 72% - laghdú 5 phointe céatadáin ar 2018 (77%).
- Tugadh sonraí teagmhála do 74% d'fhreagróirí.
- Tugadh uimhreacha aitheantais PULSE do 49% d'fhreagróirí (ar méadú é seo i gcomparáid le 2018, nuair b'ionann seo agus 44%).

- Ar deireadh, thug 45% d'fhreagróirí le fios gur tugadh uimhir theagmhála do líne chabhrach nó seirbhís d'íospartaigh dóibh (ar laghdú é seo i gcomparáid le 2018 nuair b'ionann agus 51% é).

Tugtar cuntas i bhFíor 5 ar fhreagairtí ó fhreagróirí nuair a fiafraíodh díobh cé acu an raibh nó nach raibh an fhaisnéis a fuair siad ó Ghardaí i rith a dteagmhais is déanaí sásúil, i gcomparáid leis an dá shuirbhé roimhe sin. In 2019, luaigh 54 faoin gcéad go raibh an fhaisnéis a fuarthas 'ceart go leor', ar méadú é seo aníos ó 48 faoin gcéad in 2018. Luaigh tríocha a dó faoin gcéad nach bhfuair siad dóthain faisnéise, ar laghdú 4 phointe céatadáin é seo ar an mbliain 2018. Níor tugadh aon nuashonrú do ceathair déag faoin gcéad ar stádas a n-imscrúdaithe.


**Fíor 5: Faisnéis a tugadh d'íospartaigh 2017, 2018 agus 2019.**




## 3.4 Sásamh le freagairt an Gharda Síochána i measc íospartaigh na coireachta

As na 261 íospartach den choireacht laistigh de shuirbhé 2019, bhí 61 faoin gcéad 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an mbealach a láimhseáil Gardaí a gcás - ní haon difear suntasach é seo ón mbliain 2018. Tá laghdú 4 phointe céatadáin tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhí 'míshásta go leor' leis an mbealach a láimhseáil Gardaí a gcás ó 2018 agus tá méadú 5 phointe céatadáin tagtha orthu siúd a bhí 'an-mhíshásta'. Níor tháinig aon athrú suntasach ón mbliain 2018 (féach Fíor 6) ar leibhéil mhíshásaimh, ar an iomlán, nuair a chuirtear 'míshásta go leor' agus 'an-mhíshásta' san áireamh i dteannta a chéile.

**Fíor 6: Athruithe ar shásamh i measc íospartach 2017, 2018 agus 2019**




**Tábla 12: Sásamh íospartach leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána teagmhas coireachta le déanaí de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | Aicme shóisialta | | Uirbeach/Tuaithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-34 | 35-54 | 55+ | ABC1 | C2DEF | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe |
| An-Sásta agus Sásta Go Leor | 59% | 63% | 60% | 62% | 59% | 65% | 57% | 61% | 50% | 71% |
| An-Mhíshásta agus Míshásta Go Leor | 41% | 37% | 40% | 38% | 41% | 35% | 43% | 39% | 50% | 29% |

Faoi mar a rinneadh in 2018, tugadh roinnt athruithe faoi deara i suirbhé 2019 ar leibhéil sásaimh i measc grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha, ceantair (féach tábla 12).

**Inscne:** léirigh comhréir níos mó de mhná (63%) ná fir (59%) go raibh siad sásta leis an mbealach a láimhseáil Gardaí an choir ba dhéanaí a thug siad le fios. Is éagsúil a bhíonn seo ó 2018 nuair a léirigh ní ba mhó fear (67%) ná ban (58%) sásamh.

**Aois:** mar gheall ar a lú a bhí an sampla íospartach, rinneadh aoisghrúpaí a chomhdhlúthú lena chabhrú anailís a dhéanamh. Bhí iad siúd san aoischatagóir 55 agus níos sine beagán ní ba mhíshásta leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána a gcás. Is éagsúil é seo ón mbliain 2018 nuair a tháinig méadú ar shásamh leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána an choir ba dhéanaí a tugadh le fios de réir mar a tháinig méadú ar aois.

**Aicme Shóisialta:** rinneadh grúpálacha aicme sóisialta a chomhdhlúthú.  Faoi mar a léiríodh in 2018, léirigh aicme shóisialta ABC1 sásamh ní ba mhó (65%) ná C2DEF (57%).

**Uirbeach/Tuaithe:** bhí freagróirí i gceantair thuaithe (71%) ní ba shásta ná na híospartaigh siúd ón gcathair (61%) agus ceantair 'uirbeacha eile' (50%) leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána a gcás. Níor bhain tábhacht staitistiúil leis na difríochtaí seo.

## 3.5 An imríonn íospairt tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht?

Léirítear i dTábla 13 cé acu an imríonn nó nach n-imríonn bheith mar íospartach na coireachta tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil. Cheap seachtó a cúig faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' an choireacht náisiúnta, i gcomparáid le 78 faoin gcéad de neamhíospartaigh. Ar an taobh eile den phingin, ba dhóchúla go gceapfadh íospartaigh na coireachta (37%) gur fadhb thromchúiseach an choireacht áitiúil ná mar a cheapfadh neamhíospartaigh (18%). Cheap trí déag faoin gcéad d'íospartaigh gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil i gcomparáid le 33 faoin gcéad de neamhíospartaigh na coireachta.

**Tábla 13: Tuairimí faoin gcoireacht de réir íospartha**

| | Neamhíospartaigh | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| **Coireacht Náisiúnta** | | |
| Fadhb an-tromchúiseach | 36% | 36% |
| Fadhb thromchúiseach | 42% | 39% |
| Fadhb de chineál | 20% | 23% |
| Fadhb ar bith | 3% | 2% |
| | | |
| **Coireacht Áitiúil** | | |
| Fadhb an-tromchúiseach | 4% | 12% |
| Fadhb thromchúiseach | 14% | 25% |
| Fadhb de chineál | 50% | 51% |
| Fadhb ar bith | 33% | 13% |

## 3.6 Achoimre

- **B'ionann an ráta íospartha agus 4.4 faoin gcéad in 2019 – is laghdú 6 faoin gcéad é seo anuas ó 2018. Tugadh an ráta íospartha ab ísle faoi deara i ráithe a ceathair in 2019 le trí bliana anuas (3.5 faoin gcéad).**
- **Ba é buirgléireacht an saghas ba choitianta de choireacht a raibh íospartaigh thíos leis in 2019, díobháil choiriúil, ionsaí agus 'coireacht eile' ina dhiaidh.**
- **Thug ochtó faoin gcéad d'íospartaigh i sampla suirbhé 2019 a gcoir le fios do na Gardaí. Ba iad goid gluaisteáin agus buirgléireacht an dá choir ba mhó a tugadh le fios. Bhrath caoga a ceathair faoin gcéad d'íospartaigh go raibh an fhaisnéis a fuair siad ó Ghardaí nuair a thug siad a gcoir le fios 'ceart go leor'. Méadú 6 faoin gcéad ó 2018 a bhí ann seo.**
- **Ba í an chúis ba mhó a luadh nár tugadh coir le fios do na Gardaí ná nár creideadh go bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh faoi.**
- **Bhí seasca a haon faoin gcéad d'íospartaigh 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an mbealach a láimhseáil Gardaí a gcás.**
- **Ba dhóchúla go gceapfadh íospartaigh na coireachta go mbeadh fadhb na coireachta áitiúla 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' ná mar a cheapfadh neamhíospartaigh na coireachta.**

**Déanfar scrúdú breise ar íospairt sna míreanna thíos. Scrúdófar an tionchar a imríonn sé eagla agus buairt faoin gcoireacht, tosaíochtaí póilíneachta, sásamh le seirbhís an Gharda Síochána, iontaoibh as an nGarda Síochána agus dearcthaí faoi eagraíocht an Gharda Síochána.**

# Caibidil 4
# Eagla agus Buairt faoin gCoireacht




Ní raibh **55%** d'fhreagróirí buartha faoi íospairt

Tháinig laghdú aníos ó **30% in 2018** ar na freagróirí siúd a bhfuil eagla éigin orthu faoin gcoireacht go dtí **25% in 2019**

De réir mar a théann eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt i méid, is amhlaidh a thagann méadú ar thuairimí faoi thromchúise na coireachta go náisiúnta agus go háitiúil





Bhí **34%** d'fhreagróirí 'Bhaile Átha Cliath' buartha go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh






Ba mhó a bhí an bhuairt faoi íospairt i measc freagróirí breacaosta

**Fiosraítear sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail tuairimí freagróirí faoin dóchúlacht go ndéanfar íospartach na coireachta díobh, an eagla agus an bhuairt a bhíonn orthu faoin gcoireacht agus an tionchar a imríonn an eagla seo ar chaighdeán a mbeatha. Thug tromlach fhreagróirí an tsuirbhé le fios nach bhfuil ach fíorbheagán eagla, nó eagla ar bith orthu faoin gcoireacht agus tá laghdú tagtha ar an gcomhréir ón mbliain 2018 ar aghaidh atá buartha go ndéanfar íospartach díobh.**

## 4.1 An dóchúlacht bhraite go ndéanfar íospartach na coireachta díot

Fiafraíodh d'fhreagróirí an mbíonn nó nach mbíonn buairt orthu go mb'fhéidir go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta, na coireachta réadmhaoine nó an dá rud díobh, nó de dhuine ar bith a chónaíonn leo. Faoi mar is féidir a thabhairt faoi deara i bhfíor 7, thug 55 faoin gcéad d'fhreagróirí le fios nach mbíonn buairt orthu go ndéanfar íospartach na coireachta díobh. Bhí ceathair faoin gcéad buartha go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta díobh, bhí buairt ar 13 faoin gcéad faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine agus buairt ar 28 faoin gcéad faoin dá rud. Tá treocht aníos á tabhairt faoi deara i measc na bhfreagróirí siúd nach mbíonn buartha go ndéanfar íospartach díobh ón mbliain 2017 agus tá treocht anuas á tabhairt faoi deara ina measc siúd a bhíonn buartha faoi choireacht díobhála pearsanta agus réadmhaoine. Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe seo.

**Fíor 7: Dóchúlacht bhraite na híospartha 2017, 2018 agus 2019**



## 4.2 Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Faoi mar a bhí i gceist in 2017 agus 2018, thug comhréir ní ba mhó fear (58%) le fios nach mbíonn siad buartha go ndéanfar íospartach díobh i gcomparáid le mná (52%). Ar an gcuma chéanna, bhí buairt ar ní ba lú fear (25%) ná ban (31%) go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh.

Bhí buairt ní ba lú ar fhreagróirí ní b'óige go ndéanfar íospartach na coireachta díobh ná mar a bhí ar dhaoine in aoisghrúpaí ní ba shine. Thug seachtó a trí faoin gcéad de dhaoine 18-24 bliain d'aois le fios nach mbíonn buairt orthu go ndéanfar íospartach na coireachta díobh. Bhí buairt ní ba lú ar na freagróirí siúd in aoischatagóirí níos óige go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine díobh (bhí 15% sa chatagóir 18-24 bliain d'aois buartha go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine díobh i gcomparáid le 33% san aoisghrúpa 55-64 bliain d'aois agus 34% san aoisghrúpa 65 agus níos sine). Ba bheag athrú a bhí tagtha ar bhuairt go ndéanfar íospartach na coireachta de dhuine i measc na n-aicmí sóisialta. Bhí buairt ní ba lú ar náisiúnaigh neamh-Éireannacha faoi íospairt i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha (ní raibh 61% buartha faoi íospairt i gcomparáid le 54% de náisiúnaigh Éireannacha - féach tábla 14).

Léirítear i dTábla 15 an bhuairt a bhí ar fhreagróirí faoi íospairt de réir grúpálacha ceantair. Ba dhóchúla go mbeadh buairt go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon ar fhreagróirí i mBaile Átha Cliath (34%) ná mar a bheadh orthu siúd ó cheantair eile. Thug tríocha a dó faoin gcéad d'fhreagróirí 'cathrach' le fios go bhfuil siad buartha go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh i gcomparáid le 23 faoin gcéad agus 26 faoin gcéad d'fhreagróirí 'uirbeacha eile' agus 'tuaithe', faoi seach. Ar an gcuma chéanna, bhí buarthaí ar bith ar fhreagróirí 'cathrach' (53%) faoi íospairt i gcomparáid le freagróirí i gceantair 'uirbeacha eile' (56%) agus 'tuaithe' (57%).

## 4.3 Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Nuair a scrúdaítear tuairimí go ndéanfar íospartach na coireachta de dhuine trí theagmháil leis an nGarda Síochána (tábla 16), tugtar faoi deara go raibh 37 faoin gcéad d'fhreagróirí a chuir tús le teagmháil leis an nGarda Síochána iad féin buartha faoi íospairt amach anseo i dtaobh díobháil phearsanta agus goid nó díobháil réadmhaoine i gcomparáid le 29 faoin gcéad díobh siúd ar chuir an Garda Síochána tús le teagmháil a dhéanamh leo (teagmháil ar cuireadh tús léi sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé).

**Tábla 16: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh an Garda Síochána | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 4% | 8% | 3% |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 12% | 8% | 10% |
| Buairt faoin dá rud | 37% | 29% | 38% |
| Buairt ar bith | 47% | 55% | 49% |

**Tábla 14: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 4% | 4% | - | 4% | 3% | 4% | 4% | 5% | 4% | 4% | 4% | 4% | - | 4% | 4% |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 14% | 13% | 9% | 12% | 14% | 16% | 13% | 15% | 14% | 12% | 16% | 12% | 14% | 14% | 10% |
| Buairt faoin dá rud | 25% | 31% | 15% | 22% | 29% | 30% | 33% | 34% | 27% | 27% | 25% | 29% | 32% | 28% | 25% |
| Buairt ar bith | 58% | 52% | 73% | 62% | 54% | 50% | 50% | 47% | 55% | 57% | 55% | 54% | 51% | 54% | 61% |

**Tábla 15: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 kms | 3-5 kms | 5-10 kms | 10+kms |
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 4% | 2% | 7% | - | 5% | 3% | 4% | - | 4% | 5% | 4% | - |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 12% | 19% | 7% | 18% | 10% | 17% | 14% | 12% | 13% | 14% | 13% | 18% |
| Buairt faoin dá rud | 34% | 22% | 25% | 28% | 32% | 23% | 26% | 26% | 27% | 28% | 30% | 26% |
| Buairt ar bith | 50% | 57% | 60% | 52% | 53% | 56% | 57% | 59% | 56% | 54% | 53% | 52% |

## 4.4 Dóchúlacht bhraite na hathíospartha de réir íospartha

Faoi mar a tugadh faoi deara i mbabhtaí suirbhé roimhe seo, ba dhóchúla go mbeadh freagróirí a bhí ina n-íospartach den choireacht (45%) sa tréimhse 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé buartha faoi íospairt amach anseo i dtaobh díobháil phearsanta agus goid nó díobháil réadmhaoine araon i gcomparáid le neamhíospartaigh na coireachta (27%). Ar an gcuma chéanna, ní raibh comhréir ní ba mhó de neamhíospartaigh (56%) buartha faoi íospairt amach anseo i gcomparáid le 30 faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta (féach tábla 17).

**Tábla 17: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir íospartha**

| | Neamhíospartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 4% | - |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 13% | 20% |
| Buairt faoin dá rud | 27% | 45% |
| Buairt ar bith | 56% | 30% |

## 4.5 Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir eagla roimh choireacht

Bhí seasca a haon faoin gcéad d'fhreagróirí a raibh 'go leor eagla' orthu faoin gcoireacht go ginearálta buartha faoin bhféidearthacht go ndéanfaí íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh, i gcomparáid le 4 faoin gcéad nach raibh aon eagla orthu faoin gcoireacht go ginearálta (féach tábla 18).

**Tábla 18: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir eagla roimh choireacht**

| | Eagla roimh an leibhéal coireachta go ginearálta | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith |
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | - | 11% | 2% | - |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | - | 23% | 18% | 3% |
| Buairt faoin dá rud | 61% | 45% | 38% | 4% |
| Buairt ar bith | - | 21% | 41% | 93% |

## 4.6 Dóchúlacht bhraite na híospartha agus tuairim faoin bhfadhb choireachta náisiúnta agus áitiúla

Scrúdaímid sa mhír seo conas a imríonn tuairimí freagróirí faoin bhfadhb choireachta náisiúnta agus áitiúla tionchar ar an mbuairt a bhíonn orthu go ndéanfar íospartach na coireachta díobh (féach tábla 19). Bhí fiche a hocht faoin gcéad de na freagróirí siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta buartha go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh, i gcomparáid le 10 faoin gcéad a cheap gur 'fadhb ar bith' atá sa choireacht náisiúnta. Cosúil leis an mbliain 2018, as na freagróirí siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta, ní raibh buairt ar bith ar 46 faoin gcéad faoi íospairt amach anseo.

Nuair a scrúdaímid dearcthaí faoi fhadhb na coireachta i gceantar áitiúil freagróirí agus nuair a bhímid buartha faoi íospairt, tugaimid faoi deara, astu siúd a cheap go raibh an fhadhb 'an-tromchúiseach', bhí 45 faoin gcéad buartha go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine díobh agus ní raibh buairt ar bith ar 32 faoin gcéad.


**Tábla 19: Dóchúlacht bhraite na híospartha agus tuairim faoin bhfadhb choireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-trom-chúiseach | Fadhb throm-chúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-trom-chúiseach | Fadhb throm-chúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 5% | 4% | - | - | - | 6% | 4% | 3% |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 22% | 10% | 7% | - | 17% | 19% | 12% | 13% |
| Buairt faoin dá rud | 28% | 29% | 27% | 10% | 45% | 40% | 32% | 13% |
| Buairt ar bith | 46% | 56% | 63% | 86% | 32% | 36% | 52% | 71% |

## 4.7 Eagla roimh an leibhéal coireachta in Éirinn

Faoi mar is féidir a fheiceáil i bhfíor 8 (a scrúdaíonn eagla i measc freagróirí faoin leibhéal coireachta in Éirinn le trí bhabhta suirbhé anuas), níl athrú tagtha ar na freagróirí siúd a bhfuil 'go leor eagla' orthu faoin leibhéal coireachta in Éirinn ón mbliain 2018 ar aghaidh. Tá an méid daoine siúd a bhfuil 'roinnt eagla' orthu faoi na leibhéil choireachta (25%) ar an leibhéal is ísle le trí bhabhta suirbhé anuas. Tháinig méadú 4 phointe céatadáin in 2019 ar na freagróirí siúd nach bhfuil eagla ar bith orthu faoi leibhéil choireachta ón mbliain 2018 ar aghaidh. Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe.

**Fíor 8: Eagla roimh na leibhéil choireachta in Éirinn 2017, 2018 agus 2019**




## 4.8 Eagla roimh an leibhéal coireachta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Scrúdaítear sna táblaí seo a leanas (20 agus 21) eagla faoi na leibhéil choireachta de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair i rith 2019. Ba dhóchúla go mbeadh mná buartha faoin leibhéal coireachta i gcomparáid le fir (bhí 'eagla éigin' ar 28% de mhná i gcomparáid le le 22% d'fhir). Go ginearálta, de réir mar a chuaigh aois i méid, ba dhóchúla go raibh eagla 'éigin' ar fhreagróirí faoin leibhéal coireachta in Éirinn, agus ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh 'eagla ar bith orthu' faoin leibhéal coireachta in Éirinn.

Ba dhóchúla go mbeadh eagla 'éigin' ar na freagróirí siúd ó aicme shóisialta F (30%) faoin leibhéal coireachta ná iad siúd ó ghrúpálacha aicme sóisialta eile. Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh aon eagla ar an ngrúpa céanna freagróirí ná iad siúd ó ghrúpálacha eile.

I dtaobh grúpáil cheantair, thug na freagróirí siúd in 'An Chuid eile de Laighin' (44%) le fios nach raibh eagla ar bith orthu faoin leibhéal coireachta i gcomparáid le 37 faoin gcéad i mBaile Átha Cliath, 39 faoin gcéad i Mumha agus 28 faoin gcéad i gConnachta nó Ulaidh. Ba dhóchúla go mbeadh 'fíorbheagán' eagla ar fhreagróirí ó cheantair thuaithe (41%) faoi na leibhéil choireachta ná iad siúd ó cheantair chathrach (32%) agus ceantair 'uirbeacha eile' (25%). Ba dhóchúla go mbeadh eagla éigin roimh choireacht ar na freagróirí siúd a chónaigh breis agus 10 gciliméadar ó stáisiún Gardaí i gcomparáid leo siúd a chónaigh ní ba ghaire do stáisiúin Ghardaí.

**Tábla 20: Eagla roimh choireacht in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 2% | 3% | - | - | 3% | - | - | 4% | - | 3% | - | 4% | - | 3% | - |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 22% | 28% | 15% | 19% | 28% | 27% | 30% | 30% | 27% | 25% | 23% | 25% | 30% | 26% | 20% |
| Eagla an-bheag roimh an leibhéal coireachta | 34% | 34% | 28% | 35% | 31% | 35% | 37% | 36% | 35% | 34% | 35% | 32% | 38% | 34% | 32% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 42% | 35% | 56% | 44% | 38% | 36% | 30% | 29% | 36% | 39% | 39% | 39% | 30% | 37% | 47% |

**Tábla 21: Eagla roimh choireacht in Éirinn de réir grúpálacha**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | <1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 4% | - | 3% | - | 4% | - | 3% | - | 3% | 3% | - | - |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 26% | 18% | 29% | 28% | 26% | 21% | 27% | 24% | 25% | 24% | 29% | 36% |
| Eagla an-bheag roimh an leibhéal coireachta | 33% | 36% | 29% | 42% | 32% | 25% | 41% | 30% | 35% | 34% | 34% | 34% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 37% | 44% | 39% | 28% | 39% | 43% | 34% | 43% | 38% | 40% | 35% | 27% |

## 4.9 Eagla roimh choireacht de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána

Nuair a scrúdaítear eagla freagróirí roimh choireacht in aghaidh na teagmhála a d'fhéadfadh go ndearna siad leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé, tugtar faoi deara gur thug freagróirí ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo (39%) leibhéil beagán ní b'airde d'eagla roimh choireacht le fios i gcomparáid leo siúd nach ndearna aon teagmháil (27%) nó a thosaigh teagmháil iad féin (31%) ('eagla éigin' agus 'go leor eagla' le chéile - féach tábla 22).

**Tábla 22: Eagla roimh choireacht de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil a thosaigh an duine | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 3% | - | 3% |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 28% | 39% | 24% |
| Fíorbheagán eagla roimh an leibhéal coireachta | 35% | 42% | 34% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 33% | 17% | 40% |

## 4.10 Eagla roimh choireacht agus bheith thíos le híospairt

Scrúdaítear i dTábla 23 eagla faoin leibhéal coireachta ag brath ar cibé acu arbh nó nárbh íospartaigh na coireachta íospartaigh a bhí sna freagróirí (sna 12 mhí roimhe sin). Faoi mar a thugtar faoi deara, ba dhóchúla go mbeadh eagla 'éigin' orthu siúd a bhí ina n-íospartaigh na coireachta (43%) faoin leibhéal coireachta i gcomparáid le 24 faoin gcéad díobh siúd nárbh íospartaigh na coireachta iad. Thug i bhfad ní ba lú íospartaigh na coireachta (15%) le fios go raibh eagla ar bith orthu i gcomparáid leo siúd nárbh íospartaigh na coireachta iad (39%).

**Tábla 23: Eagla roimh choireacht de réir íospartha**

| | Neamhíospartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 3% | - |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 24% | 43% |
| Fíorbheagán eagla roimh an leibhéal coireachta | 34% | 34% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 39% | 15% |

**Tábla 24: Eagla roimh choireacht de réir tuairimí faoin bhfadhb coireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-trom-chúiseach | Fadhb thromchúi-seach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-trom-chúiseach | Fadhb thromchúi-seach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 5% | 2% | - | - | 19% | 6% | 2% | - |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 28% | 28% | 19% | - | 21% | 39% | 29% | 15% |
| Eagla an-bheag roimh an leibhéal coireachta | 31% | 34% | 42% | - | 30% | 31% | 38% | 31% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 36% | 37% | 38% | 75% | 30% | 25% | 32% | 54% |

## 4.11 An imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil?

Faoi mar a sonraíodh i suirbhéanna roimhe seo, thugamar faoi deara in 2019 gur dhóchúla go mbeadh buairt go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon de dhuine ar fhreagróirí a cheap gur fadhb an choireacht náisiúnta agus áitiúil. Ar an gcuma chéanna, ba dhóchúla go gceapfadh gur fadhb an choireacht náisiúnta agus áitiúil ina measc siúd a raibh leibhéil ní b'airde d'eagla roimh choireacht orthu.


Faoi mar a thugtar faoi deara i dTábla 24, bhí 'eagla éigin' ar 28 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta faoin leibhéal coireachta. Tháinig laghdú anuas go dtí 19 faoin gcéad ar an bhfigiúr seo ina measc siúd a cheap gur 'fadhb de chineál' é. Ba dhóchúla nach mbeadh ach beagán eagla orthu siúd a cheap gur 'fadhb de chineál' na leibhéil choireachta faoin leibhéal coireachta i gcomparáid leo siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' é (42% vs. 31%).

Maidir le tuairimí faoin gcoireacht áitiúil, ba dhóchúla nach raibh eagla ar bith ar na freagróirí siúd a cheap gur 'fadhb ar bith' é an choireacht áitiúil, faoin leibhéal coireachta i gcomparáid leo siúd a cheap gur 'fadhb an-tromchúiseach' é (54% vs. 30%).

## 4.12 Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán beatha freagróirí

Tugtar cuntas i bhFíor 9 ar an tionchar a imríonn eagla roimh choireacht ar chaighdeán beatha freagróirí. Cosúil le babhtaí suirbhé roimhe seo, ní thugtar an tionchar faoi deara a imríonn eagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha. In 2019, thug 65 faoin gcéad le fios nár imir sé aon tionchar ar chaighdeán na beatha - ar laghdú 5 phointe céatadáin é seo anuas ó shuirbhé 2017. Thug fiche a trí faoin gcéad d'fhreagróirí le fios gur laghdaigh sé caighdeán na beatha beagán agus thug 10 faoin gcéad le fios gur laghdaigh sé caighdeán na beatha go measartha.

**Fíor 9: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha**



**Tábla 25: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Caighdeán laghdaithe an-mhór | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1% | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 2% | 2% | - | - | - | - | - | - | - | 2% | - | 2% | - | 2% | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 8% | 11% | 5% | 8% | 10% | 10% | 11% | 13% | 10% | 9% | 8% | 12% | 8% | 10% | 9% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 22% | 24% | 14% | 21% | 21% | 23% | 27% | 29% | 21% | 23% | 23% | 23% | 24% | 23% | 19% |

**Tábla 26: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | <1 km | 1-3 kms | 3-5 kms | 5-10 kms | 10+kms |
| Caighdeán laghdaithe an-mhór | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 4% | - | - | - | 4% | - | - | - | 2% | 3% | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 15% | 9% | 6% | 7% | 14% | 9% | 6% | 10% | 10% | 10% | 8% | - |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 30% | 16% | 26% | 16% | 29% | 20% | 18% | 20% | 24% | 24% | 22% | 19% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 49% | 74% | 67% | 76% | 53% | 70% | 74% | 67% | 64% | 63% | 69% | 71% |

## 4.13 Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Faoi mar a sonraíodh i mbabhtaí suirbhé roimhe seo, ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir fir agus mná i dtaobh thionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha - thug ní ba mhó freagróirí fireanna (68%) le fios nár imir sé aon tionchar ar chaighdeán i gcomparáid le mná (62%). Go ginearálta, thug na haoischatagóirí scothaosta le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar ní ba mhó ar chaighdeán na beatha ná iad siúd sna haoischatagóirí níos óige. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann maidir le haicme shóisialta an tionchair a d'imir eagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha. Thug comhréir ní ba mhó de náisiúnaigh neamh-Éireannacha (70%) le fios nár imir eagla roimh choireacht aon tionchar ar chaighdeán na beatha ná mar a thug náisiúnaigh Éireannacha (64%).

Tugtar cuntas i dTábla 26 ar an tionchar a imríonn eagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha ceantair. Faoi mar a thugtar faoi deara, thug comhréir ní ba mhó freagróirí i mBaile Átha Cliath le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar ar chaighdeán na beatha ná iad siúd sna ceantair eile. Ar an gcuma chéanna, thug ní ba lú freagróirí i mBaile Átha Cliath (49%) le fios nár imir sé aon tionchar ar chaighdeán na beatha ná mar a d'imir sé i gceantair eile (74% in An Chuid eile de Laighin; 67% i Mumha agus 76% i gConnachta nó Ulaidh). Cheap freagróirí 'cathrach' gur laghdaigh sé caighdeán na beatha ní ba mhó ná mar a cheap freagróirí i gceantair 'uirbeacha eile' agus 'tuaithe'. Níor imir fad ó stáisiún Gardaí aon tionchar suntasach ar thionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán beatha freagróirí.

## 4.14 Tionchar ar chaighdeán na beatha de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána

Léirítear i dTábla 27 a mhéid a imríonn eagla roimh leibhéil choireachta ar chaighdeán beatha freagróirí i gcomparáid le cé acu ar thosaigh siad nó an Garda Síochána an teagmháil nó nach ndearna siad aon teagmháil leis na Gardaí sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé. Thug iad siúd a thosaigh an teagmháil iad féin (42%) tionchar beagán ní ba mhó ar chaighdeán na beatha le fios ná iad siúd ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo (30%) nó nach ndearna aon teagmháil (33%) ('an-laghdaithe', 'laghdaithe go suntasach', 'laghdaithe go measartha' agus 'laghdaithe beagán' i dteannta a chéile).

**Tábla 27: Tionchar ar chaighdeán na beatha de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Caighdeán an-laghdaithe | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go suntasach | 3% | - | 2% |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 11% | - | 10% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 28% | 30% | 21% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 58% | 62% | 68% |

## 4.15 Conas a imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar chaighdeán na beatha i measc íospartaigh na coireachta?

Faoi mar a tugadh faoi deara i dtorthaí suirbhé roimhe seo, thug freagróirí a ndearnadh íospartaigh na coireachta díobh sna 12 mhí roimhe seo leibhéil ní ba mhó de thionchar le fios ar chaighdeán a mbeatha ná mar a thug neamhíospartaigh na coireachta (dúirt 32% de neamhíospartaigh gur laghdaigh sé caighdeán na beatha go measartha nó beagán, i gcomparáid le 51% d'íospartaigh).

**Tábla 28: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir íospartha**

| | Neamhíospartach | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Caighdeán an-laghdaithe | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go suntasach | 2% | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 9% | 23% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 23% | 28% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 66% | 38% |

## 4.16 An dtugann iad siúd a mbíonn leibhéil níos airde d'eagla orthu roimh choireacht agus de bhuairt faoin íospairt an tionchar is mó le fios ar a gcaighdeán beatha?

Faoi mar a thugtar faoi deara i dTábla 29, thug na freagróirí siúd a raibh 'go leor eagla' orthu faoin gcoireacht an tionchar ba mhó le fios ar a gcaighdeán beatha (i gcás iad siúd a raibh 'go leor eagla' orthu, thug 67% tionchar diúltach éigin le fios; i gcás iad siúd a raibh 'eagla éigin' orthu, thug 64% tionchar diúltach éigin le fios).

I dtaobh buairt faoi íospairt agus tionchar ar chaighdeán na beatha, thug na freagróirí siúd le fios a bhí buartha faoi dhíobháil phearsanta (50%) nó díobháil phearsanta agus goid nó díobháil réadmhaoine (47%) le fios gur laghdaigh sé a gcaighdeán beatha ní ba mhó ná caighdeán beatha iad siúd nach mbíonn buartha ach faoi choireacht réadmhaoine amháin (21%) nó nach mbíonn buartha in aon chor (10%).

**Tábla 29: Tionchar 'na heagla roimh choireacht' agus na buartha faoi íospairt ar chaighdeán na beatha.**

| | Eagla roimh choireacht | | | | Buairt faoi íospairt | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith | Buairt faoi dhíobháil phearsanta | Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | Buairt faoin dá rud | Buairt ar bith |
| Caighdeán laghdaithe an-mhór | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 19% | 5% | - | - | - | 4% | 4% | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 27% | 22% | 9% | - | 23% | 18% | 20% | 2% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 21% | 37% | 34% | 4% | 50% | 21% | 47% | 10% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 18% | 36% | 56% | 95% | 20% | 57% | 28% | 89% |

**Tábla 30: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir tuairimí faoin bhfadhb choireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb throm-chúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Caighdeán laghdaithe an-mhór | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 3% | 2% | - | - | - | 7% | 1% | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 11% | 10% | 8% | - | 24% | 24% | 9% | 3% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 20% | 25% | 26% | - | 26% | 27% | 29% | 13% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 65% | 63% | 65% | 85% | 36% | 43% | 61% | 84% |

## 4.17 Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán beatha freagróirí agus an tuairim a bhí acu faoin gcoireacht go náisiúnta agus go háitiúil

Léirítear i dTábla 30 an gaol idir tuairimí faoin gcoireacht áitiúil agus náisiúnta agus cé acu ar imir nó nár imir eagla freagróirí roimh leibhéil choireachta tionchar ar a gcaighdeán beatha. I dtaobh coireacht náisiúnta, thug 65 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur 'fadhb an-tromchúiseach' é le fios nár imir sé aon tionchar ar chaighdeán na beatha mar gheall ar eagla roimh choireacht i gcomparáid le 85 faoin gcéad a luaigh gur 'fadhb ar bith' é.

Thug na freagróirí siúd a cheap gur 'fadhb ar bith' atá sa chás coireachta áitiúla leibhéal i bhfad níos ísle de thionchar ar chaighdeán na beatha (16%) le fios ná na freagróirí siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach nó 'tromchúiseach' an choireacht áitiúil (luaigh 50% agus 51%, faoi seach, gur imir sé tionchar measartha nó 'beag' ar chaighdeán na beatha).

## 4.18 Achoimre

- **In 2019, ní raibh 55 faoin gcéad d'fhreagróirí buartha go ndéanfar íospartach na coireachta díobh.**
- **Ba dhóchúla go mbeadh buairt ní ba lú ar fhir faoi íospairt i gcomparáid le mná.**
- **Ba dhóchúla go mbeadh buairt ní ba lú ar fhreagróirí sna haoischatagóirí níos óige go ndéanfar íospartach na coireachta díobh ná mar a bhí ar dhaoine in aoisghrúpaí níos sine.**
- **Ba dhóchúla go mbeadh buairt go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon ar fhreagróirí i mBaile Átha Cliath (34%) ná mar a bheadh orthu siúd ó cheantair eile.**
- **Ba dhóchúla go mbeadh freagróirí a bhí ina n-íospartach den choireacht faoi íospairt amach anseo, i gcomparáid le neamhíospartaigh.**
- **I rith 2019, tháinig laghdú aníos ó 25 faoin gcéad in 2019 ar na freagróirí siúd a bhfuil eagla 'éigin' orthu faoi leibhéil choireachta ó 30 faoin gcéad in 2018 go dtí 25 faoin gcéad in 2019**
- **Ba dhóchúla go mbeadh mná buartha faoin leibhéal coireachta i gcomparáid le fir.**
- **De réir mar a chuaigh aois freagróirí i méid, is amhlaidh a tháinig méadú ar eagla roimh leibhéil choireachta.**
- **Ba dhóchúla go mbeadh 'fíorbheagán' eagla ar fhreagróirí ó cheantair thuaithe (41%) faoin leibhéal coireachta ná iad siúd ó cheantair chathrach (32%) agus ceantair 'uirbeacha eile' (25%).**
- **Thug ní ba lú íospartaigh na coireachta (15%) le fios go raibh eagla ar bith orthu faoin leibhéal coireachta i gcomparáid leo siúd nárbh íospartaigh na coireachta iad (39%).**
- **Ar an gcuma chéanna, thug íospartaigh na coireachta na leibhéil ab airde de thionchar le fios ar chaighdeán a mbeatha mar gheall ar an eagla seo ná mar a thug neamhíospartaigh na coireachta.**
- **Thug seasca a cúig faoin gcéad d'fhreagróirí le fios nár imir eagla roimh choireacht aon tionchar ar a gcaighdeán beatha.**

**Déanaimid scrúdú níos déanaí sa tuarascáil ar conas a imríonn leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla, chomh maith le hiontaoibh as, agus tuairimí faoi eagraíocht an Gharda Síochána, tionchar ar eagla agus buairt faoin gcoireacht.**

# Caibidil 5
# Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána



Ba cheart go dtabharfadh Gardaí céadtús áite do chionta gnéasacha, dar le

**97%**

d'fhreagróirí

**Measann freagróirí gur cheart céadtús áite a thabhairt d'airm neamhdhleathacha, gáinneáil ar dhaoine, ionsaithe agus robálacha**

**Cuireadh ceisteanna a bhaineann le dearcthaí freagróirí ar cad ba cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dó maidir le póilíneacht i gceistneoirí mhí Eanáir, Aibreáin, Iúil agus Dheireadh Fómhair. Is é an méid daoine atá sa sampla don mhír seo 1995 freagróir**.

## 5.1 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána

Faoi mar a fheictear i dTábla 31, ba iad 'cionta gnéasacha' an saghas coire a cheap freagróirí gur cheart an tús áite is airde a thabhairt dó (a roghnaigh 97% d'fhreagróirí), agus 'gáinneáil ar dhaoine' (95%), 'airm neamhdhleathacha' (92%) agus 'ionsaithe' agus 'robálacha' (91%) ina dhiaidh sin, faoi seach. Bhí cionta oird phoiblí, díobháil choiriúil agus cionta tráchta luaite go minic i measc na meántosaíochtaí agus na n-ísealtosaíochtaí (tá na torthaí seo cosúil leo siúd i suirbhé 2018).

**Tábla 31: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána faoi mar a shainaithin freagróirí**

| | Ard-tosaíocht | Meán-tosaíocht | Íseal-tosaíocht |
|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 97% | 3% | 0% |
| Gáinneáil ar dhaoine | 95% | 4% | 1% |
| Airm neamhdhleathacha | 92% | 8% | 0% |
| Ionsaithe | 91% | 9% | 1% |
| Robálacha | 91% | 8% | 1% |
| Cionta drugaí | 83% | 14% | 4% |
| Buirgléireacht | 76% | 22% | 2% |
| Calaois | 76% | 22% | 2% |
| Díobháil choiriúil | 71% | 27% | 2% |
| Cionta tráchta | 69% | 27% | 4% |
| Cionta oird phoiblí | 49% | 38% | 13% |

## 5.2 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Lena dheimhniú an bhfuil nó nach bhfuil aon difríochtaí i measc grúpálacha agus limistéir shocheacnamaíocha, sannadh céimeanna do thosaíochtaí. Sannadh 'uimhir a haon' don tosaíocht lenar bhain an céatadán ab airde agus sannadh 'uimhir a haon déag' don cheann ab ísle. Bronnadh an scór céanna céime orthu siúd a raibh an t-ualú céanna acu. Is féidir miondealú ar na torthaí a fheiceáil i dTáblaí 32 agus 33. Faoi mar a léirítear i dtábla 32, agus mar a deimhníodh i mbabhtaí suirbhé roimhe seo, gan aird ar inscne, aois, aicme shóisialta ná náisiúntacht (seachas aicme shóisialta 'F'), rangaigh freagróirí cionta gnéasacha mar an bpríomhrud ba cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dó. Thug tromlach mór na bhfreagróirí, i measc na déimeagrafaice go léir, gáinneáil ar dhaoine chun solais mar an chéad rud eile ar cheart tús áite

**Tábla 32: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 4 | 1 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 1 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Airm neamhdhleathacha | 4 | 3 | 4 | 3 | 3 | 3 | 3 | 5 | 3 | 3 | 4 | 4 | 1 | 3 | 4 |
| Ionsaithe | 5 | 4 | 4 | 5 | 3 | 4 | 5 | 3 | 4 | 3 | 4 | 5 | 5 | 4 | 5 |
| Robálacha | 3 | 5 | 3 | 3 | 5 | 4 | 4 | 4 | 5 | 5 | 3 | 3 | 2 | 5 | 3 |
| Cionta drugaí | 6 | 6 | 7 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| Buirgléireacht | 7 | 7 | 6 | 7 | 8 | 8 | 7 | 8 | 8 | 7 | 7 | 7 | 8 | 7 | 7 |
| Calaois | 7 | 8 | 8 | 9 | 7 | 7 | 8 | 7 | 7 | 8 | 8 | 8 | 7 | 8 | 8 |
| Díobháil choiriúil | 9 | 10 | 9 | 8 | 9 | 10 | 9 | 10 | 10 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| Cionta tráchta | 10 | 9 | 10 | 10 | 10 | 9 | 10 | 9 | 9 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 |

**Tábla 33: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | <1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 3 |
| Airm neamhdhleathacha | 5 | 4 | 2 | 3 | 3 | 3 | 2 | 4 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| Ionsaithe | 3 | 4 | 5 | 5 | 3 | 5 | 5 | 3 | 4 | 5 | 5 | 5 |
| Robálacha | 4 | 3 | 4 | 3 | 3 | 3 | 4 | 4 | 4 | 4 | 3 | 2 |
| Cionta drugaí | 6 | 7 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 7 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| Buirgléireacht | 7 | 6 | 10 | 8 | 7 | 7 | 8 | 8 | 8 | 7 | 7 | 7 |
| Calaois | 8 | 8 | 7 | 6 | 7 | 8 | 7 | 6 | 7 | 8 | 8 | 9 |
| Díobháil choiriúil | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 8 |
| Cionta tráchta | 10 | 9 | 8 | 10 | 10 | 9 | 10 | 9 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 |

a thabhairt dó. Bhain airm neamhdhleathacha, ionsaithe agus robálacha go léir ardchéim amach.

Nuair a chuirtear grúpálacha ceantair san áireamh, bhí cosúlacht ann sna torthaí. Rangaíodh cionta gnéasacha mar an rud ba cheart céadtús áite a thabhairt dó, gan aird ar ghrúpálacha ceantair. I dtromlach na limistéar, rangaíodh 'gáinneáil ar dhaoine' mar an dara tosaíocht. Bhain 'airm neamhdhleathacha' ardchéim amach i gceantair chathrach agus 'uirbeacha eile', agus bhain 'ionsaithe' an tríú tús áite amach i gceantair Bhaile Átha Cliath agus chathrach. Bhain ord poiblí an chéim ab ísle amach i measc na limistéar go léir.

## 5.3 Má dhéantar íospartach na coireachta díot, an imríonn sé tionchar ar thosaíochtaí póilíneachta?

Shainaithin neamhíospartaigh na coireachta cionta gnéasacha mar an rud is mó ba cheart do Ghardaí tús áite a thabhairt dó (féach Tábla 34), agus rangaigh íospartaigh na coireachta é mar an tríú rud ar cheart do Ghardaí tús áite a thabhairt dó. Ba iad 'airm neamhdhleathacha' an rud ba mhó ar thug íospartaigh na coireachta tús áite dó, agus ba é 'gáinneáil ar dhaoine' an dara rud ba mhó ar tugadh tús áite dó. Ba chionta oird phoiblí, cionta tráchta agus díobháil choiriúil iad siúd ar tugadh an tús áite ab ísle dóibh.

**Tábla 34: Tosaíochtaí an Gharda Síochána de réir grúpáil íospartha**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 3 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 2 | 2 |
| Airm neamhdhleathacha | 3 | 1 |
| Ionsaithe | 4 | 5 |
| Robálacha | 4 | 4 |
| Cionta drugaí | 6 | 8 |
| Buirgléireacht | 7 | 7 |
| Calaois | 8 | 6 |
| Díobháil choiriúil | 9 | 10 |
| Cionta tráchta | 10 | 9 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 |

## 5.4 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Léirítear i dTábla 35 na tosaíochtaí rangaithe póilíneachta i measc freagróirí de réir cé acu ar thosaigh siad teagmháil iad féin leis an nGarda Síochána, nó ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo nó nach ndearnadh aon teagmháil leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé. Arís eile, tugadh an tús áite ab airde do chionta gnéasacha gan aird ar shaghas na teagmhála. Rangaíodh 'gáinneáil ar dhaoine' go hard i measc na bhfreagróirí siúd ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo nó nach ndearna aon teagmháil, agus rangaíodh airm neamhdhleathacha go forleathan ina measc siúd a thosaigh teagmháil iad féin. Bhí robálacha le sonrú go fairsing freisin i measc na gcatagóirí go léir.

**Tábla 35: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir teagmhála**

| | Teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh an Garda Síochána | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 3 | 2 | 2 |
| Airm neamhdhleathacha | 2 | 4 | 4 |
| Ionsaithe | 5 | 5 | 4 |
| Robálacha | 3 | 2 | 3 |
| Cionta drugaí | 6 | 6 | 6 |
| Buirgléireacht | 7 | 9 | 7 |
| Calaois | 9 | 10 | 8 |
| Díobháil choiriúil | 8 | 8 | 9 |
| Cionta tráchta | 11 | 7 | 10 |
| Cionta oird phoiblí | 10 | 11 | 11 |

## 5.5 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir eagla roimh choireacht

Léirítear i dTábla 36 conas a imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar dhearcthaí freagróirí i leith na dtosaíochtaí póilíneachta. Arís eile, rangaíodh cionta gnéasacha mar an rud ba cheart céadtús áite a thabhairt dó, gan aird ar an leibhéal eagla roimh choireacht. Rinne iad siúd a bhfuil 'go leor eagla' orthu faoin gcoireacht, airm neamhdhleathacha agus ionsaithe mar a dara agus a tríú tosaíochtaí. Ina measc siúd a bhfuil eagla 'éigin' orthu, measadh gur tosaíochtaí iad airm neamhdhleathacha agus gáinneáil ar dhaoine. Tugadh an tús áite ab ísle do chionta oird phoiblí, gan aird ar an leibhéal eagla a bhí ar fhreagróirí roimh choireacht.

**Tábla 36: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir eagla roimh choireacht**

| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith |
|---|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 6 | 3 | 2 | 2 |
| Airm neamhdhleath-acha | 2 | 2 | 4 | 3 |
| Ionsaithe | 3 | 5 | 5 | 3 |
| Robálacha | 4 | 3 | 2 | 5 |
| Cionta drugaí | 5 | 6 | 6 | 6 |
| Buirgléireacht | 8 | 7 | 7 | 8 |
| Calaois | 8 | 8 | 8 | 7 |
| Díobháil choiriúil | 10 | 8 | 9 | 9 |
| Cionta tráchta | 7 | 10 | 10 | 9 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 |

## 5.6 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir tuairimí faoin gcoireacht

Scrúdaíodh dearcthaí freagróirí ar thosaíochtaí póilíneachta agus cibé acu an imríonn nó nach n-imríonn a ndearcthaí i leith na coireachta náisiúnta agus áitiúla tionchar orthu seo (féach táblaí 37 agus 38). Tugadh an príomhthús áite do chionta gnéasacha, gan aird ar thuairimí faoin bhfadhb choireachta náisiúnta agus áitiúla (thug iad siúd a mheasann gur 'fadhb ar bith' é an choireacht náisiúnta céadtús áite do gháinneáil ar dhaoine agus sonraíodh é seo go forleathan nuair a breithníodh é in aghaidh dearcthaí i leith na coireachta áitiúla). Bhí airm neamhdhleathacha le sonrú freisin sna limistéir ar cheart tús áite a thabhairt dóibh, gan aird ar dhearcthaí i leith na coireachta náisiúnta agus áitiúla.

**Tábla 37: Tosaíochtaí de réir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta**

| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
|---|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 2 | 2 | 2 | 1 |
| Airm neamhdhleath-acha | 3 | 3 | 3 | 7 |
| Ionsaithe | 5 | 5 | 4 | 4 |
| Robálacha | 3 | 4 | 5 | 5 |
| Cionta drugaí | 6 | 6 | 6 | 8 |
| Buirgléireacht | 7 | 7 | 8 | 5 |
| Calaois | 8 | 7 | 7 | 3 |
| Díobháil choiriúil | 9 | 9 | 9 | 10 |
| Cionta tráchta | 10 | 10 | 10 | 9 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 |

**Tábla 38: Tosaíochtaí de réir tuairimí faoin gcoireacht áitiúil**

| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
|---|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 8 | 2 | 2 | 2 |
| Airm neamhdhleath-acha | 3 | 4 | 3 | 3 |
| Ionsaithe | 3 | 5 | 4 | 5 |
| Robálacha | 2 | 3 | 4 | 4 |
| Cionta drugaí | 6 | 6 | 6 | 6 |
| Buirgléireacht | 7 | 7 | 7 | 8 |
| Calaois | 10 | 9 | 8 | 7 |
| Díobháil choiriúil | 5 | 8 | 9 | 10 |
| Cionta tráchta | 9 | 10 | 10 | 9 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 |

## 5.7 Achoimre

- **Faoi mar a sonraíodh in 2018, rinne tromlach mór na bhfreagróirí i measc grúpálacha sochdhéimeagrafacha agus ceantair, agus nuair a scrúdaíodh é maidir le heagla roimh choireacht, tuairimí faoin gcoireacht agus teagmháil leis an nGarda Síochána, cionta gnéasacha a shainaithint mar an saghas coireachta ar cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dó.**
- **Arís eile, faoi mar a sonraíodh in 2018, thug freagróirí ardtús áite, chomh maith, do gháinneáil ar dhaoine, airm neamhdhleathacha agus robáil.**
- **Thug íospartaigh na coireachta céadtús áite d'airm neamhdhleathacha, agus an dara tús áite do gháinneáil ar dhaoine**

# Caibidil 6
# Infheictheacht an Gharda Síochána agus Tuairimí faoi Láithreacht an Gharda

Bhí **39%**
39% d'fhreagróirí feasach ar phatróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla

Ní raibh freagróirí i gceantair 'cathrach' chomh feasach céanna ar phatróil an Gharda Síochána i gcomparáid leo siúd i gceantair 'uirbeacha eile' agus i gceantair thuaithe

Bhrath **65%** d'fhreagróirí agus **63%** d'fhreagróirí 'cathrach' nár leor láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla

Bhrath **45%** go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla 'ceart go leor', ar méadú é seo aníos ó 39% in 2018

Ba iad na freagróirí i gConnachta nó Ulaidh ba mhó ab fheasaí ar phatróil an Gharda Síochána

**In 2019, thug 39 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé le fios go bhfeiceann siad patróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla, agus bhí 45 faoin gcéad faoin tuairim go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor' - ar méadú é seo aníos ó 39 faoin gcéad in 2018.**


## 6.1 Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána

Tá treocht aníos á tabhairt faoi deara sa chomhréir freagróirí a thug le fios go bhfuil siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána gach bliain ón mbliain 2017 ar aghaidh (36%, 38% agus 39% do gach bliain, faoi seach). Ar an gcuma chéanna, tá treocht anuas á tabhairt faoi deara ina measc siúd a thug le fios nach raibh siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána (féach fíor 10). Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe seo. Faoi mar a léirí i dtábla 39, luadh in 2019 gur Ghardaí i mbun patrólú i ngluaisteáin a bhí sa mhodh patróil ba mhinice a luadh i measc an 39 faoin gcéad d'fhreagróirí suirbhé a bhí feasach ar phatróil an Gharda Síochána (ar aon dul le torthaí 2017 agus 2018).

**Tábla 39: Cleachtais phatrólaithe an Gharda Síochána**

| | | |
|---|---|---|
| Feasach ar phatról an Gharda Síochána | | 39% |
| Ar chos | 12% | |
| Ar rothar | 5% | |
| I ngluaisteán | 98% | |
| Neamhfheasach ar phatról an Gharda Síochána | | 50% |
| Ní fios | | 11% |

**Fíor 10: Feasacht ar phatról an Gharda Síochána i rith 2017, 2018 agus 2019**




## 6.2 Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Faoi mar a léirítear i dtábla 40, bhí beagán ní ba mhó fear (46%) ná ban (42%) feasach ar phatróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla. Go ginearálta, de réir mar a chuaigh aois na bhfreagróirí i méid, b'amhlaidh a tháinig laghdú ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána agus ba iad daoine 18-24 bliain d'aois a thug an fheasacht ba mhó le fios (51 faoin gcéad). Ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann i bhfeasacht i measc aicmí sóisialta agus náisiúnaigh Éireannacha/ neamh-Éireannacha.

Maidir le grúpálacha ceantair (tábla 41), thug freagróirí ó Chonnachta nó Ulaidh an fheasacht ba mhó le fios ar phatróil an Gharda Síochána (53 faoin gcéad), agus thug freagróirí i mBaile Átha Cliath agus An Chuid eile de Laighin an fheasacht ba lú le fios orthu (39 faoin gcéad). Ní raibh freagróirí i gceantair 'cathrach' (40%) chomh feasach céanna ar phatróil an Gharda Síochána i gcomparáid leo siúd i gceantair 'uirbeacha eile' agus i gceantair thuaithe Go ginearálta, fad a théann fad ó stáisiún Gardaí i méid, tháinig laghdú ar fheasacht ar phatróil Ghardaí (cosúil le torthaí 2017 agus 2018).

## 6.3 Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána agus tuairimí faoin gcoireacht

Nuair a scrúdaítear feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i gceantair áitiúla in aghaidh tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil (féach Tábla 42), tugtar faoi deara, den chuid is mó, de réir mar a théann dearcthaí freagróirí faoin bhfadhb choireachta i laghad, téann feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i méid. Mar shampla, thug 36 faoin gcéad díobh siúd a cheap gur 'fadhb an-tromchúiseach' atá sa choireacht áitiúil le fios go raibh siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána i gcomparáid le 45 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur 'fadhb ar bith' í an choireacht áitiúil'.

## 6.4 Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána agus eagla roimh choireacht

Faoi mar a léirítear i dtábla 43, de réir mar a théann eagla roimh choireacht i laghad, téann feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i méid – bhí 47 faoin gcéad d'fhreagróirí nach raibh eagla ar bith orthu faoin gcoireacht ar an eolas ar phatróil an Gharda Síochána, i gcomparáid le 30 faoin gcéad a raibh 'go leor eagla' orthu.

**Tábla 43: Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána agus eagla roimh choireacht**

| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith |
|---|---|---|---|---|
| Feasach ar Phatróil an Gharda Síochána | 30% | 41% | 45% | 47% |
| Neamhfheasach ar Phatróil an Gharda Síochána | 70% | 59% | 55% | 54% |

**Tábla 40: Feasacht ar an Garda Síochána i gceantar áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Feasach ar phatról an Gharda Síochána | 46% | 42% | 51% | 46% | 44% | 42% | 42% | 41% | 41% | 45% | 42% | 47% | 43% | 44% | 46% |
| Neamhfheasach ar Phatról an Gharda Síochána | 54% | 58% | 49% | 54% | 56% | 58% | 58% | 59% | 59% | 55% | 58% | 53% | 58% | 56% | 55% |

**Tábla 41: Feasacht ar phatról an Gharda Síochána i gceantar áitiúil de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | <1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Feasach ar phatról an Gharda Síochána | 39% | 39% | 48% | 53% | 40% | 46% | 46% | 61% | 45% | 39% | 40% | 37% |
| Neamhfheasach ar Pha-tról an Gharda Síochána | 61% | 61% | 52% | 47% | 60% | 54% | 54% | 39% | 55% | 61% | 60% | 63% |


**Tábla 42: Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána agus tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb throm-chúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Feasach ar Phatróil an Gharda Síochána | 40% | 48% | 43% | 51% | 36% | 42% | 45% | 45% |
| Neamhfheasach ar Pha-tróil an Gharda Síochána | 60% | 52% | 57% | 49% | 64% | 58% | 55% | 55% |

## 6.5 Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla

Faoi mar a thugtar chun solais i bhfíor 11, ba í an chomhréir a bhrath nár leor láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil 55 faoin gcéad – ar laghdú 6 phointe céatadáin é seo anuas ó 2018. Tháinig méadú 6 phointe céatadáin aníos ón mbliain 2018 go dtí 45 faoin gcéad orthu siúd a bhrath go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor'. Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe seo.

**Fíor 11: Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantar áitiúil 2017, 2018 agus 2019**




## 6.6 Cúiseanna a tugadh go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla 'neamhleor'

Faoi mar a thugtar faoi deara i dtábla 44, is é an phríomhchúis a thug freagróirí lena thabhairt le fios gur 'neamhleor' láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil ná go bhfeictear na póilíní 'riamh nó go hannamh' (65%), agus an chaoi 'nach bhfeictear Gardaí ach i ngluaisteáin' (34%) agus gur 'neamhleor iad/teastaíonn níos mó díobh/ní fheictear póilíní ar chos' (30%). Tá na torthaí seo cosúil leo siúd i suirbhé 2018.

**Tábla 44: Cúiseanna go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána áitiúil 'neamhleor'**

| | |
|---|---|
| Feictear na póilíní riamh nó go hannamh | 65% |
| Ní fheictear na póilíní ach i ngluaisteáin | 34% |
| Ní leor na póilíní nó teastaíonn níos mó díobh nó ní fheictear iad ar chos | 30% |
| Tá an stáisiún Gardaí dúnta nó níl sé ar oscailt ach go páirtaimseartha | 18% |
| Bhíodh ní ba mhó póilíní ann | 17% |
| Ní bhíonn siad ann ach nuair a tharla coir nó nuair a bhíonn trioblóid ann | 17% |
| Moill ar fhreagairt | 12% |
| Ba cheart íomhá dhearfach a chruthú, anuas ar fhreagairt don choireacht | 11% |
| Feicim coireanna ag tarlú, ach ní fheicim póilíní | 9% |
| Ní féidir leis na póilíní aon rud a dhéanamh nuair a tharlaíonn coireanna | 7% |
| Braitear an iomad ar cheamaraí | 3% |
| Eile (sonraigh, le do thoil) | 1% |

## 6.7 Cúiseanna a tugadh go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla 'ceart go leor'

I measc na gcúiseanna a tugadh lena thabhairt le fios go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána sa cheantar áitiúil 'ceart go leor' ná 'feiceann freagróirí iad (Gardaí) minic go leor' (50%); níl mórán coireachta nó níl fadhb ar bith leis an gcoireacht sa cheantar (39%) agus go bhfeiceann freagróirí póilíní ag patrólú i ngluaisteáin go minic (38%) (féach tábla 45). Arís eile, bhí na cúiseanna seo cosúil leo siúd a chuir freagróirí ar fáil i mbabhtaí suirbhé 2017 agus 2018.

**Tábla 45: Cúiseanna go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána áitiúil 'ceart go leor'**

| | |
|---|---|
| Feictear minic go leor iad | 50% |
| Níl mórán coireachta ann nó níl fadhb leis an gcoireacht | 39% |
| Feictear na póilíní ag patrólú i ngluaisteáin | 38% |
| Tá stáisiún póilíní i ngar | 23% |
| Ní gá iad a fheiceáil an t-am go léir | 12% |
| Feictear na póilíní ó am go ham nó ní fheictear go minic iad | 11% |
| Tá laghdú tagtha ar rátaí coireachta nó tá feabhas ag teacht ar an gceantar | 9% |
| Feictear na póilíní ar chos | 5% |
| Tá sé iomarcach an iomad Gardaí a fheiceáil | 3% |
| Tá ceamaraí gach áit | 2% |
| Eile | 1% |

## 6.8 Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Faoi mar a bhí i gceist in 2018, bhrath comhréir ní ba mhó de mhná (58%) nár leor láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil, i gcomparáid le fir (52%). De réir mar a mhéadaigh aois, is amhlaidh a mhéadaigh comhréir na bhfreagróirí a bhrath nár leor láithreacht an Gharda Síochána. Ní raibh difríochtaí i measc aicme shóisialta suntasach. I dtaobh náisiúntachta, ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go dtabharfadh freagróirí neamh-Éireannacha (45%) le fios go raibh láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla 'neamhleor' i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha (56%) (féach Tábla 46).

Faoi mar a bhí i gceist in 2018, bhí difríochtaí suntasacha ann i measc réigiún i dtaobh tuairim freagróirí faoi láithreacht an Gharda Síochána. Ba dhóchúla i bhfad go gceapfadh freagróirí i mBaile Átha Cliath (65%) agus i gceantair 'chathrach' go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'neamhleor' ina gceantair áitiúla i gcomparáid, mar shampla, le Connachta nó Ulaidh (48%) agus ceantair thuaithe (51%). Go ginearálta, bhí fad ó stáisiún Gardaí mar chúis le méaduithe ar na freagróirí siúd a bhrath gur 'neamhleor' láithreacht an Gharda Síochána (féach tábla 47).

**Tábla 46: Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantar áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Neamhleor | 52% | 58% | 39% | 51% | 56% | 59% | 58% | 59% | 58% | 53% | 57% | 54% | 53% | 56% | 45% |
| Ceart go leor | 48% | 42% | 59% | 48% | 44% | 41% | 41% | 41% | 42% | 46% | 43% | 45% | 48% | 43% | 55% |
| Iomarcach | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 47: Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantar áitiúil de réir ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | <1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Neamhleor | 65% | 54% | 50% | 48% | 63% | 49% | 51% | 45% | 55% | 57% | 56% | 61% |
| Ceart go leor | 34% | 46% | 49% | 51% | 37% | 51% | 48% | 53% | 44% | 43% | 44% | 39% |
| Iomarcach | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

## 6.9 Tionchar na teagmhála leis an nGarda Síochána ar thuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána

Baineadh torthaí amach atá cosúil le torthaí 2018, agus níor dhóchúil céanna go dtabharfadh freagróirí (50%) le fios ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo ag tráth éigin sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'neamhleor' i gcomparáid leo siúd a chuir tús le teagmháil (55%) nó nach ndearna aon teagmháil ar bith (56%) (féach Tábla 48).

**Tábla 48: Tionchar ar thuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir na teagmhála leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Neamhleor | 55% | 50% | 56% |
| Ceart go leor | 45% | 47% | 44% |
| Iomarcach | - | - | - |

## 6.10 Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir eispéireas íospartha

Cosúil le suirbhéanna 2017 agus 2018, thug comhréir ní ba mhó d'íospartaigh na coireachta (69%) le fios gur 'neamhleor' do láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla i gcomparáid le neamhíospartaigh (54%).

**Tábla 49: Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir íospartha**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Neamhleor | 54% | 69% |
| Ceart go leor | 46% | 30% |
| Iomarcach | - | - |

**Tábla 50: Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir leibhéil eagla roimh an gcoireacht agus bhuartha faoi íospairt.**

| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith | Buairt faoi dhíobháil | Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | Buairt faoin dá rud | Buairt ar bith |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Neamhleor | 85% | 71% | 54% | 41% | 67% | 71% | 66% | 43% |
| Ceart go leor | 15% | 29% | 45% | 58% | 32% | 29% | 33% | 56% |
| Iomarcach | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 51: Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla de réir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Neamhleor | 63% | 52% | 46% | 43% | 71% | 72% | 57% | 41% |
| Ceart go leor | 37% | 48% | 54% | 55% | 29% | 27% | 43% | 58% |
| Iomarcach | - | - | - | - | - | - | - | - |

## 6.11 An imríonn tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla tionchar ar eagla freagróirí roimh an gcoireacht agus a mbuairt faoi íospairt?

Bhí i bhfad ní ba lú dóchúlachta ann go gceapfadh freagróirí a raibh 'go leor eagla' orthu faoin gcoireacht (15%) go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla 'ceart go leor' ná iad siúd a raibh 'eagla éigin' orthu (29%), 'fíor-bheagán eagla' (45%) agus eagla ar bith (58%) (féach tábla 50). Ba dhóchúla go gceapfadh iad siúd nach bhfuil buartha faoi íospairt go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor' ná iad siúd nach mbíonn buairt orthu.


## 6.12 An imríonn tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht?

Faoi mar a thugtar chun solais i dtábla 51, de réir mar a chuaigh dearcthaí freagróirí faoi thromchúise na faidhbe coireachta náisiúnta agus áitiúla i laghad, ba dhóchúla go gceapfaidís go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor'.

## 6.13 Achoimre

- **Thug tríocha a naoi faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé le fios go bhfeiceann siad patróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla.**
- **Bhrath daichead a cúig faoin gcéad d'fhreagróirí go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor' ina gceantair áitiúla – ar méadú 6 phointe céatadáin é seo aníos ó 2018.**
- **Thug freagróirí san aoischatagóir 18-24 bliain an fheasacht ba mhó ar phatróil an Gharda Síochána le fios (51 faoin gcéad).**
- **Ní raibh an chuimhne chéanna ag freagróirí i mBaile Átha Cliath (39%, faoi seach) ar phatróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla ná iad siúd ó Mhumha (48%) agus iad siúd ó Chonnachta agus Ulaidh (53%).**
- **Ba dhóchúla go gceapfadh iad siúd ó Bhaile Átha Cliath agus ceantair 'cathrach' gur 'neamhleor' láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair.**
- **D'imir íospairt tionchar diúltach ar thuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána (thug 69% d'íospartaigh na coireachta in aghaidh 54% de neamhíospartaigh na coireachta le fios gur 'neamhleor' é).**
- **Dá mhéid an eagla roimh choireacht, is lú is dóchúil go mbeadh freagróirí sásta le leibhéal láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla.**
- **De réir mar a thagann laghdú ar dhearcthaí freagróirí gur fadhb thromchúiseach í fadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla, tagann méadú ar fheasacht ar láithreacht an Gharda Síochána.**
- **Ar an gcuma chéanna, de réir mar a chuaigh eagla roimh choireacht i laghad, chuaigh feasacht ar láithreacht an Gharda Síochána i méid.**

# Caibidil 7
# Sásamh leis an nGarda Síochána





## 7.1 Sásamh leis an nGarda Síochána i rith 2019

Déantar scrúdú sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar leibhéil sásaimh i measc freagróirí leis an tseirbhís a sholáthraíonn Gardaí dá bpobail áitiúla. I rith 2019, bhí 11 faoin gcéad 'an-sásta' leis an tseirbhís seo agus bhí 69 faoin gcéad 'sásta go leor'. Bhí seacht déag faoin gcéad d'fhreagróirí 'míshásta go leor' leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobail áitiúla, agus bhí 3 faoin gcéad 'an-mhíshásta'.

## 7.2 Athruithe ar an leibhéal sásaimh leis an nGarda Síochána idir 2017, 2018 agus 2019


I rith 2019, níor tháinig athrú ar leibhéil sásaimh ('an-sásta' agus 'sásta go leor' araon) i measc freagróirí leis an tseirbhís a chuir Gardaí ar fáil dá bpobail áitiúla, óna leibhéil sásaimh in 2018 (80%), ar méadú é seo aníos ó 76 faoin gcéad in 2017. B'ionann leibhéil mhíshásaimh in 2019 agus 20 faoin gcéad ('míshásta go leor' agus 'an-mhíshásta' araon) (féach fíor 12).

**Fíor 12: Athruithe ar shásamh leis an nGarda Síochána idir 2017, 2018 agus 2019**



Tugtar miondealú breise i bhFíor 1 ar leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla, go dtí leibhéal ráithiúil. I ndiaidh tréimhse inar sonraíodh luaineacht i leibhéil sásaimh i gcaitheamh 2017 agus isteach sa chéad dá ráithe in 2018, níor thit leibhéil sásaimh faoi bhun 79 faoin gcéad ó R3 2018 ar aghaidh. Idir 79 agus 81 faoin gcéad a bhí siad.

**Fíor 13: Athruithe ar shásamh leis an nGarda Síochána idir R1 2017 agus R4 2019**




## 7.3 Sásamh leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha

Faoi mar a sonraíodh i rith 2019, ní raibh aon ghaol suntasach ann idir inscne agus an leibhéal sásaimh leis an tseirbhís a sholáthraíonn Gardaí do phobail áitiúla. Thug freagróirí san aoischatagóir 45-54 níos lú sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána le fios ná iad siúd in aoisghrúpaí eile, agus thug iad siúd san aoisghrúpa 18-24 bliain na leibhéil sásaimh ab airde le fios. Ní raibh aon difríocht shuntasach ann i sásamh i measc na grúpála aicmí sóisialta. Bhí náisiúnaigh neamh-Éireannacha (87%) i bhfad ní ba shásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána do phobail áitiúla i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha (79%) (féach Tábla 52).

## 7.4 Sásamh leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha ceantair

Cé gur thug siad ardsásamh le fios go fóill, thug freagróirí ó Bhaile Átha Cliath (73%) na leibhéil sásaimh ab ísle leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána do phobail áitiúla nuair a cuireadh 'an-sásta' agus 'sásta go leor' le chéile (An Chuid eile de Laighin – 80%; Mumha – 84%; agus Connachta nó Ulaidh – 84%). I Mumha agus Connachta nó Ulaidh a bhí na leibhéil mhíshásaimh ab ísle (16 agus 13 faoin gcéad, faoi seach). Thug comhréir ní b'airde d'fhreagróirí i gceantair 'cathrach' (25%) míshásamh le seirbhís an Gharda Síochána le fios i gcomparáid le ceantair 'uirbeacha eile' (16%) agus ceantair 'tuaithe' (18%). I dtaobh faid ó stáisiún Gardaí, de réir mar a chuaigh fad ón stáisiún i méid, b'amhlaidh freisin a chuaigh leibhéil mhíshásaimh i méid, go ginearálta.

**Tábla 52: Sásamh leis an nGarda Síochána i rith 2019 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| An-sásta | 10% | 11% | 12% | 10% | 10% | 10% | 11% | 11% | 11% | 12% | 9% | 11% | 7% | 10% | 15% |
| Sásta go leor | 70% | 69% | 71% | 71% | 71% | 65% | 68% | 70% | 70% | 68% | 70% | 69% | 74% | 69% | 72% |
| Míshásta go leor | 17% | 17% | 14% | 17% | 16% | 19% | 17% | 17% | 15% | 17% | 18% | 17% | 15% | 17% | 12% |
| An-mhíshásta | 3% | 4% | - | - | 3% | 5% | - | - | - | 3% | 3% | 4% | - | 4% | - |

**Tábla 53: Sásamh leis an nGarda Síochána i rith 2019 de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | <1 km | 1-3 kms | 3-5 kms | 5-10 kms | 10+kms |
| An-sásta | 13% | 10% | 12% | 6% | 13% | 10% | 8% | 20% | 11% | 10% | 6% | 4% |
| Sásta go leor | 60% | 70% | 72% | 78% | 61% | 73% | 74% | 64% | 70% | 69% | 73% | 73% |
| Míshásta go leor | 23% | 17% | 13% | 13% | 21% | 13% | 15% | 12% | 17% | 18% | 17% | 19% |
| An-mhíshásta | 4% | 4% | 3% | - | 4% | 3% | 3% | - | 3% | 3% | 5% | - |

## 7.5 An imríonn teagmháil leis an nGarda Síochána tionchar ar shásamh leis an leibhéal seirbhíse a sholáthair an Garda Síochána?

Faoi mar a thugtar chun solais i dTábla 54, ba dhóchúla go mbeadh freagróirí a thosaigh aon teagmháil leis an nGarda Síochána teagmháil sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé (76%) 'an-sásta' nó "sásta go leor' leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobail áitiúla, i gcomparáid leo siúd ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo (71%). Thug iad siúd nach ndearna aon teagmháil (82%) na leibhéil sásaimh ba mhó le fios. .

**Tábla 54: Tionchar ar shásamh leis an leibhéal seirbhíse a sholáthair teagmháil leis an nGarda Síochána**

| | Aon teagmháil a thosaigh an | Aon teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| An-sásta | 11% | - | 10% |
| Sásta go leor | 65% | 71% | 72% |
| Míshásta go leor | 20% | 18% | 15% |
| An-mhíshásta | 5% | - | 3% |

## 7.6 Sásamh leis an nGarda Síochána agus eispéireas d'íospairt

Léirítear i dtábla 55 conas a imríonn bheith i d'íospartach na coireachta tionchar ar leibhéil sásaimh leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána do phobail áitiúla. Bhí caoga a cúig faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta 'sásta go leor' leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána do phobail áitiúla. B'ionann an figiúr seo agus 70 faoin gcéad i measc neamhíospartach. De bhreis air sin, bhí 11 faoin gcéad de neamhíospartaigh 'an-sásta' nó 'sásta go leor' le seirbhís an Gharda Síochána. Léirigh íospartaigh na coireachta leibhéil mhíshásaimh ní b'airde leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána do phobail áitiúla i gcomparáid le neamhíospartaigh.

**Tábla 55: Sásamh leis an nGarda Síochána de réir íospairt na coireachta**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| An-sásta | 11% | - |
| Sásta go leor | 70% | 55% |
| Míshásta go leor | 16% | 23% |
| An-mhíshásta | 3% | 12% |

## 7.7 An imríonn tuairimí faoin gcoireacht tionchar ar leibhéil sásaimh?

Faoi mar a thugtar faoi deara i mbabhtaí suirbhé roimhe seo, tá gaol ann idir leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla agus tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil. Faoi mar a thugtar chun solais i dtábla 56, tugtar seo faoi deara ach go háirithe ar leibhéal áitiúil. De réir mar a thagann méadú ar thuairimí faoi thromchúise fhadhb na coireachta, is amhlaidh a thagann méadú ar mhíshásamh le seirbhís an Garda Síochána.

Mar shampla, bhí 15 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur 'fadhb ar bith' an choireacht náisiúnta míshásta le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla i gcomparáid le 22 faoin gcéad d'fhreagróirí a mheas gur 'fadhb de chineál' é an choireacht agus 21 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' í. I dtaobh coireacht áitiúil, bhí 56 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur 'fadhb an-tromchúiseach' an choireacht sásta le seirbhís an Gharda Síochána i gcomparáid le 91 faoin gcéad a cheap gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil.

**Tábla 56: Sásamh leis an nGarda Síochána de réir tuairimí faoin gcoireacht áitiúil agus náisiúnta**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Sásta | 79% | 81% | 78% | 85% | 56% | 64% | 79% | 91% |
| Míshásta | 21% | 19% | 22% | 15% | 44% | 36% | 21% | 9% |

**Tábla 57: Sásamh leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána de réir leibhéil eagla roimh an gcoireacht agus bhuartha faoi íospairt**

| | Eagla roimh choireacht | | | | Buairt faoi íospairt | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith | Buairt faoi dhíobháil | Buairt faoi ghoid nó díobháil réadm-haoine | Buairt faoin dá rud | Buairt ar bith |
| Sásta | 52% | 71% | 81% | 87% | 75% | 81% | 69% | 85% |
| Míshásta | 48% | 29% | 19% | 13% | 25% | 19% | 31% | 15% |

## 7.8 Sásamh agus eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt


Is féidir gaol a thabhairt faoi deara arís eile idir sásamh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla agus eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt. De réir mar a théann eagla roimh choireacht i laghad, is amhlaidh freisin a théann míshásamh le seirbhís an Gharda Síochána i laghad (léirigh 13% d'fhreagróirí nach raibh eagla ar bith orthu roimh an gcoireacht míshásamh le seirbhís an Gharda i gcomparáid le 48% a raibh 'go leor eagla' orthu).

Is féidir a mhacasamhail de ghaol a thabhairt faoi deara maidir le buairt faoi íospairt. Léirigh seasca a naoi faoin gcéad d'fhreagróirí a bhí buartha faoi dhíobháil phearsanta agus goid nó díobháil réadmhaoine sásamh le seirbhís an Gharda Síochána, i gcomparáid le 85 faoin gcéad nach raibh aon bhuarthaí in aon chor orthu faoi íospairt.

## 7.9 Achoimre

- **I rith 2019 (agus athrú ar bith ón mbliain 2018), thug 80 faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go raibh siad 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobail áitiúla.**
- **Thug daoine 18-24 bliain d'aois na leibhéil sásaimh ab airde le fios (83%) (nuair a cuireadh 'an-sásta' agus 'sásta go leor' i dteannta a chéile), agus ba daoine 45-54 bliain d'aois (75%) iad siúd ba lú ba shásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobail áitiúla.**
  - **Ba dhóchúla go mbeadh náisiúnaigh neamh-Éireannacha ní ba shásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána go háitiúil.**
  - **Léirigh freagróirí 'cathrach' leibhéil ní b'airde de mhíshásamh ná mar a léirigh freagróirí ó cheantair 'uirbeacha eile' nó 'tuaithe'.**
  - **Bhí leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla ní b'airde i measc neamhíospartaigh na coireachta ná mar a bhí i measc íospartaigh na coireachta.**
- **De réir mar a thagann méadú ar thuairimí faoi thromchúise na coireachta áitiúla, is amhlaidh a thagann méadú chomh maith ar mhíshásamh le seirbhís an Gharda Síochána go háitiúil. Bhí leibhéil ní b'airde de shásamh le seirbhís an Gharda Síochána ina measc siúd a raibh leibhéil ní b'ísle d'eagla orthu roimh choireacht nó bhí dóchúlacht ní ba lú ann go mbeadh buairt orthu go ndéanfar íospartach díobh.**

# Caibidil 8
# Iontaoibh as an nGarda Síochána




**Méadracht thábhachtach a scrúdaíodh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail iad leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána. Chun leibhéil iontaoibhe as na Gardaí a chainníochtú, iarrtar ar fhreagróirí rátáil idir 1 agus 10 a shannadh don leibhéal a roghnaigh siad, arb é an leibhéal is airde d'iontaoibh 10 agus an leibhéal is ísle 1. Rinneadh freagairtí a athchódú ansin go dtí 'iontaoibh íseal' (rátálacha 1, 2, 3, agus 4), 'iontaoibh mheánach' (rátálacha 5, 6 agus 7) agus 'iontaoibh ard' (rátálacha 8, 9 agus 10).**


## 8.1 Iontaoibh as an nGarda Síochána i rith 2019

In 2019, thug 46 faoin gcéad d'fhreagróirí leibhéil 'iontaoibhe airde' le fios as an nGarda Síochána, thug 45 faoin gcéad 'iontaoibh mheánach' agus thug 9 faoin gcéad 'iontaoibh íseal' le fios.

## 8.2 Athruithe ar leibhéil iontaoibhe idir 2017, 2018 agus 2019

In 2019, b'ionann iontaoibh (idir meánach agus ard) sa Gharda Síochána agus 91 faoin gcéad - ar méadú pointe céatadáin amháin é seo aníos ó 2018, cé nach mbaineann tábhacht staitistiúil leis seo. B'ionann na freagróirí siúd a raibh 'iontaoibh íseal' acu agus 9 faoin gcéad – ar laghdú 2 phointe céatadáin é seo ar an mbliain 2018 (féach Fíor 14).

**Fíor 14: Athruithe ar leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána idir 2017, 2018 agus 2019**



## 8.3 Iontaoibh as an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Tugtar chun solais i dTáblaí 58 agus 59 leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána i measc déimeagrafaice agus tíreolaíochta.

**Inscne:** Thug mná leibhéil beagán ní b'airde d'iontaoibh 'mheánach' agus 'ard' le fios nár mar a thug fir le fios (93% in aghaidh 90%).

**Aois:** Faoi mar a sonraíodh i suirbhéanna roimhe seo, de réir mar a chuaigh aois freagróirí i méid, b'amhlaidh freisin a chuaigh leibhéal iontaoibhe, agus ba iad siúd níos sine ná 65 bliain a thug le fios an leibhéal ab airde d'iontaoibh 'ard' (56%).

**Aicme Shóisialta:** Ba dhóchúla go dtabharfadh iad siúd in aicme shóisialta F leibhéil iontaoibhe arda as an nGarda Síochána le fios.

**Náisiúntacht:** Nuair a cuireadh iontaoibh 'meánach' agus 'ard' san áireamh i dteannta a chéile, ba bheag difríocht a bhí idir leibhéil iontaoibhe i measc náisiúnaigh neamh-Éireannacha agus Éireannacha, cé gur dhóchúla go dtabharfadh náisiúnaigh neamh-Éireannacha iontaoibh 'ard' le fios as na Gardaí.

**Réigiún:** Thug freagróirí ó Bhaile Átha Cliath na leibhéil ab airde d'iontaoibh 'meánach' as na Gardaí le fios (55%), ach thug na freagróirí siúd na leibhéil ab airde d'iontaoibh 'íseal' le fios freisin (14 faoin gcéad).

**Uirbeach/Tuaithe:** Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh 'ard-iontaoibh' ag freagróirí 'cathrach' as eagraíocht an Gharda Síochána ná iad siúd a chónaíonn i gceantair thuaithe agus 'uirbeacha eile'.

**Fad ó stáisiún Gardaí áitiúil:** Níor imir fad ó stáisiún Gardaí áitiúil aon tionchar suntasach ar leibhéil iontaoibhe.

**Tábla 58: Iontaoibh as an nGarda Síochána i rith 2018 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Iontaoibh Íseal | 10% | 8% | 9% | 10% | 11% | 11% | 7% | 6% | 8% | 10% | 11% | 9% | 4% | 9% | 8% |
| Iontaoibh Mheánach | 45% | 46% | 51% | 52% | 46% | 45% | 41% | 38% | 51% | 47% | 45% | 43% | 43% | 46% | 42% |
| Iontaoibh Ard | 45% | 47% | 39% | 39% | 43% | 44% | 51% | 56% | 41% | 44% | 44% | 48% | 54% | 45% | 50% |

**Tábla 59: Iontaoibh as an nGarda Síochána i rith 2019 de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | <1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Iontaoibh Íseal | 14% | 9% | 6% | 6% | 13% | 8% | 6% | 8% | 10% | 10% | 7% | 7% |
| Iontaoibh Mheánach | 55% | 43% | 43% | 38% | 51% | 41% | 42% | 40% | 46% | 47% | 44% | 41% |
| Iontaoibh Ard | 31% | 49% | 51% | 56% | 36% | 51% | 52% | 52% | 44% | 43% | 49% | 53% |

## 8.4 An imríonn teagmháil le heagraíocht an Gharda Síochána tionchar ar iontaoibh as an nGarda Síochána?

Faoi mar a léirítear i dTábla 60, ba dhóchúla go dtabharfadh na freagróirí siúd le fios ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé leibhéil iontaoibhe ní b'ísle as an nGarda Síochána ná iad siúd a thosaigh an teagmháil iad féin nó iad siúd nach ndearna aon teagmháil leis na Gardaí – cé gurbh ard i gcónaí an iontaoibh (86 faoin gcéad) (iontaoibh idir meánach agus ard).

**Tábla 60: Iontaoibh as eagraíocht an Gharda Síochána de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

| | Aon teag-mháil a thosaigh an duine féin | Aon teag-mháil a thosaigh Garda | Teagm-háil ar bith |
|---|---|---|---|
| Iontaoibh Íseal | 10% | 13% | 8% |
| Iontaoibh Mheánach | 51% | 46% | 43% |
| Iontaoibh Ard | 39% | 40% | 49% |

## 8.5 Má dhéantar íospartach na coireachta d'fhreagróirí, an imríonn sé tionchar ar iontaoibh freagróirí as an nGarda Síochána?

Faoi mar a thugtar le fios i dtábla 61, bhí baint ag íospairt sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé le leibhéil ní ba mhó d'iontaoibh 'íseal' as an nGarda Síochána (21% i gcás íospartaigh na coireachta in aghaidh 9% i gcás neamhíospartaigh na coireachta). Bhí leibhéil iontaoibhe 'meánach' agus iontaoibhe 'ard' ní b'ísle freisin i measc íospartaigh na coireachta i gcomparáid le neamhíospartaigh.

**Tábla 61: Leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána de réir íospartha**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Iontaoibh Íseal | 9% | 21% |
| Iontaoibh Mheánach | 46% | 41% |
| Iontaoibh Ard | 46% | 38% |

## 8.6 Iontaoibh as an nGarda Síochána de réir eagla roimh choireacht agus buartha faoi íospairt

De réir mar a théann leibhéil eagla roimh choireacht i méid, tagann laghdú ar iontaoibh as an nGarda Síochána. Mar shampla, níor dhóchúil céanna go mbeadh iontaoibh 'ard' acu siúd a bhfuil 'go leor eagla' orthu faoin gcoireacht (43%) i gcomparáid leo siúd a raibh 'eagla ar bith' orthu (50%). Níor tugadh le fios go raibh aon bhaint den saghas sin idir buairt faoi íospairt agus iontaoibh as an nGarda Síochána.

## 8.7 Iontaoibh as an nGarda Síochána agus infheictheacht an Gharda Síochána

Ba dhóchúla go mbeadh iontaoibh 'ard' as eagraíocht an Gharda Síochána ag freagróirí a raibh feasacht ní ba mhó acu ar phatróil an Gharda Síochána (57%) i gcomparáid leo siúd a thug le fios nach raibh siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána (40%). Ba dhóchúla go dtabharfadh freagróirí nach raibh feasach ar phatróil an Gharda Síochána leibhéil iontaoibhe 'íseal' agus 'meánach' as eagraíocht an Gharda Síochána le fios (féach tábla 63).

**Tábla 63: Iontaoibh as an nGarda Síochána de réir feasachta ar phatróil an Gharda Síochána**

| | Feasach ar phatról an Gharda Síochána | Neamhf-heasach ar Phatról an Gharda Síochána |
|---|---|---|
| Iontaoibh Íseal | 5% | 10% |
| Iontaoibh Mheánach | 38% | 50% |
| Iontaoibh Ard | 57% | 40% |

**Tábla 62: Iontaoibh as an nGarda Síochána de réir eagla roimh choireacht agus buartha faoi íospairt**

| | Eagla roimh choireacht | | | | Buairt faoi íospairt | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith | Buairt faoi dhíobháil | Buairt faoi ghoid nó díobháil réadm-haoine | Buairt faoin dá rud | Buairt ar bith |
| Iontaoibh Íseal | 23% | 10% | 7% | 8% | - | 7% | 11% | 8% |
| Iontaoibh Mheánach | 34% | 46% | 49% | 42% | 42% | 40% | 51% | 44% |
| Iontaoibh Ard | 43% | 45% | 44% | 50% | 46% | 52% | 39% | 48% |

**Tábla 64: Iontaoibh as an nGarda Síochána de réir tuairimí faoin bhfadhb choireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Iontaoibh Íseal | 10% | 8% | 8% | 14% | 23% | 16% | 8% | 5% |
| Iontaoibh Mheánach | 40% | 46% | 56% | 42% | 50% | 48% | 50% | 36% |
| Iontaoibh Ard | 51% | 46% | 36% | 44% | 28% | 36% | 42% | 59% |

## 8.8 Iontaoibh as an nGarda Síochána de réir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil

Thug freagróirí a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta na leibhéil ab airde d'iontaoibh 'ard' as an nGarda Síochána le fios (51 faoin gcéad) agus na leibhéil ab ísle d'iontaoibh 'meánach' le fios (40 faoin gcéad). Faoi mar a léirítear i dtábla 64, de réir mar a théann tuairimí faoi thromchúise na coireachta áitiúla i méid, téann iontaoibh 'íseal' as eagraíocht an Gharda Síochána i méid freisin (5% i gcás iad siúd a cheapann gur 'fadhb ar bith' í, i gcomparáid le 23% a cheapann gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht áitiúil). Ar an gcuma chéanna, thug comhréir ní ba mhó d'fhreagróirí le fios a cheap gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil leibhéil iontaoibhe 'ard' le fios as eagraíocht an Gharda Síochána.

## 8.9 Iontaoibh as an nGarda Síochána agus an leibhéal sásaimh leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil

Faoi mar a thugtar faoi deara i suirbhéanna a rinneadh roimhe seo, ba dhóchúla go mbeadh leibhéil iontaoibhe 'íseal' as eagraíocht an Gharda Síochána (46%) ag freagróirí a thug le fios go raibh siad 'an-mhíshásta' leis an tseirbhís a sholáthair na Gardaí go háitiúil. Is fíor seo freisin ina measc siúd a thug le fios go raibh siad 'an-sásta' – ba dhóchúla go mbeadh iontaoibh 'ard' ag na freagróirí seo as an nGarda Síochána (77%) (féach tábla 65).

**Tábla 65: Iontaoibh as an nGarda Síochána de réir sásaimh leis an tseirbhís a cuireadh**

| | An-sásta | Sásta go leor | Míshásta go leor | An-mhíshásta |
|---|---|---|---|---|
| Iontaoibh Íseal | - | 4% | 21% | 46% |
| Iontaoibh Mheánach | 21% | 44% | 59% | 42% |
| Iontaoibh Ard | 77% | 52% | 20% | - |

## 8.10 Achoimre

- **B'ionann leibhéil iontaoibhe idir 'meánach' agus 'ard' as an nGarda Síochána i rith 2019 agus 91%. Is beag athrú atá tagtha ar leibhéil iontaoibhe le roinnt babhtaí suirbhé anuas.**
- **Ba dhóchúla go mbeadh iontaoibh 'ard' as eagraíocht an Gharda Síochána ag freagróirí san aoischatagóir 65+ bliain i gcomparáid le haoisghrúpaí níos óige.**
- **ba dhóchúla go dtabharfadh freagróirí i mBaile Átha Cliath (14%) iontaoibh 'íseal' as eagraíocht an Gharda Síochána le fios i gcomparáid le siúd in An Chuid eile de Laighin (9%), Mumha (6%) agus Connachta nó Ulaidh (6%).**
- **Níor dhóchúil céanna go dtabharfadh freagróirí i gceantair 'cathrach' iontaoibh 'ard' le fios i gcomparáid le freagróirí 'uirbeach eile' nó 'tuaithe'.**
- **Bhí leibhéil ní b'airde d'iontaoibh 'íseal' ag íospartaigh na coireachta sna 12 mhí roimhe seo (21%) i gcomparáid le neamhíospartaigh (9%).**
- **De réir mar a chuaigh eagla roimh choireacht i laghad, b'amhlaidh freisin a chuaigh iontaoibh as eagraíocht an Gharda Síochána i laghad.**
- **Ba dhóchúla go mbeadh iontaoibh 'ard' as an nGarda Síochána ag freagróirí a raibh feasacht ní ba mhó acu ar phatróil an Gharda Síochána (57%) i gcomparáid leo siúd a thug le fios nach raibh siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána (40%).**
- **Bhí baint ann idir tuairimí faoin gcoireacht áitiúil agus leibhéil iontaoibhe. De réir mar a thagann méadú ar thuairimí faoi thromchúise fhadhb na coireachta, is amhlaidh a thagann laghdú ar leibhéil iontaoibhe 'ard'.**
- **Ba dhóchúla go dtabharfadh freagróirí a thug le fios go raibh siad 'an-mhíshásta' leis an tseirbhís a sholáthair na Gardaí go háitiúil iontaoibh 'íseal' as an nGarda Síochána le fios.**

# Caibidil 9
# An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine

Chomhaontaigh **95%** leis go gcaithfeadh Gardaí leat le meas

Chomhaontaigh **86%** leis go gcaithfeadh Gardaí leat go cothrom gan aird ar cé atá ionat

**Tugadh dhá cheist nua isteach sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2017, agus leanadh leis na ceisteanna siúd a chur i suirbhé 2018 agus 2019. Scrúdaíonn siad seo dearcthaí freagróirí i dtaobh an bhealaigh a chaitheann Gardaí le daoine - meas a léirigh Gardaí ar dhaoine aonair agus cibé acu an gcaitheann nó nach gcaitheann siad le gach duine go cothrom gan aird ar cé atá iontu. Tugadh ceithre cheist bhreise isteach in 2018 agus cuireadh na ceisteanna siúd arís in 2019. Baineann iad seo le hiontaofacht Ghardaí i gceantair áitiúla agus leis an gcaidreamh idir póilíní agus an pobal..**

## 9.1 An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine

Faoi mar a léirítear i bhfíor 15, bhí 'comhaontú mór' nó 'comhaontú' ann i measc 95 faoin gcéad d'fhreagróirí go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith. De bhreis air sin, chomhaontaigh tromlach fhreagróirí an tsuirbhé leis go gcaitheann Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin; chomhaontaigh 16 faoin gcéad go mór leis, chomhaontaigh 70 faoin gcéad leis, d'easaontaigh 8 faoin gcéad leis agus d'easaontaigh 6 faoin gcéad leis go mór (ní chuirtear san áireamh sna figiúirí seo freagairtí 'ní fios' – féach fíor 15 chun teacht ar anailís ina gcuirtear na freagairtí seo san áireamh).


## 9.2 An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

### 9.2.1 Caitheann Gardaí le daoine le meas

Ní raibh aon difríocht shuntasach ann idir tuairimí fear agus ban maidir le cibé acu an gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith, agus chomhaontaigh an tromlach leis go gcaithfidís leo le meas (95% i measc fear agus 96% i measc ban). De réir mar a chuaigh aois i méid, b'amhlaidh freisin a chuaigh an leibhéal comhaontaithe leis an ráiteas seo i méid, agus chomhaontaigh 97 faoin gcéad díobh siúd san aoischatagóir 65+ leis an ráiteas seo. Bhí na leibhéil ab ísle de chomhaontú láidir leis an ráiteas seo le tabhairt faoi deara i measc freagróirí in aicme shóisialta DE agus C2. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann i measc náisiúnaigh Éireannacha agus neamh-Éireannacha (féach tábla 66).

I dtaobh grúpálacha ceantair, ba dhóchúla go n-easaontódh freagróirí i mBaile Átha Cliath leis go gcaithfeadh Gardaí leo le meas i gcomparáid le freagróirí i gceantair eile (5% i mBaile Átha Cliath; 2% in An Chuid eile de Laighin, Connachta agus Ulaidh agus 4% in Mumha). B'amhlaidh an scéal i measc ceantair 'cathrach' freisin. Níor imir fad ó stáisiún Gardaí aon tionchar suntasach ar chomhaontú leis an ráiteas seo.

**Fíor 15: Comhionannas sa Bhealach a Chaith an Garda Síochána le Daoine i rith 2019**




### 9.2.2 Caitheann Gardaí le daoine go cothrom, is cuma cé hiad féin

Cuirtear na torthaí i láthair i dtáblaí 68 agus 69 nuair a iarradh ar fhreagróirí a thabhairt le fios a mhéid a chomhaontaíonn

siad leis an ráiteas go gcaitheann Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin. Bhí na leibhéil chomhaontaithe ('comhaontaím go láidir' agus 'comhaontaím') beagnach mar an gcéanna i measc fear agus ban (86% agus 85%, faoi seach). Bhí na leibhéil chomhaontaithe ab airde ina measc siúd san aoischatagóir 55-64 agus 65+ (90 agus 88 faoin gcéad, faoi seach). Ní raibh aon difríocht shuntasach ann i measc na ngrúpálacha aicme sóisialta. Léirigh náisiúnaigh neamh-Éireannacha leibhéil chomhaontaithe ní b'airde ná mar a léirigh náisiúnaigh Éireannacha (93% in aghaidh 85%).

Faoi mar a léirítear i dtábla 69, ba dhóchúla go n-easaontódh freagróirí in 'An Chuid eile de Laighin' (20%) go gcaithfeadh Gardaí le daoine go cothrom gan aird ar cé hiad féin. Ar an gcuma chéanna, ba dhóchúla go n-easaontódh freagróirí i gceantair 'uirbeacha eile', agus níor imir fad ó stáisiún Gardaí aon tionchar suntasach ar leibhéil chomhaontaithe.

**Tábla 66: Caitheamh measúil an Gharda Síochána de réir saintréithe déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Comhaontaím go Láidir | 23% | 24% | 19% | 19% | 23% | 24% | 28% | 27% | 28% | 25% | 22% | 20% | 25% | 24% | 19% |
| Comhaontaím | 72% | 72% | 75% | 77% | 71% | 71% | 69% | 70% | 69% | 70% | 73% | 74% | 73% | 72% | 79% |
| Easaontaím | 4% | 3% | - | 4% | 4% | 4% | - | - | - | 4% | 4% | 4% | - | 4% | - |
| Easaontaím go Láidir | 1% | 1% | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1% | - |

**Tábla 67: Caitheamh measúil an Gharda Síochána de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | <1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Comhaontaím go Láidir | 10% | 30% | 31% | 22% | 17% | 30% | 26% | 20% | 20% | 27% | 30% | 27% |
| Comhaontaím | 83% | 65% | 66% | 73% | 77% | 66% | 71% | 74% | 75% | 69% | 67% | 70% |
| Easaontaím | 5% | 2% | 2% | 4% | 5% | 2% | 3% | 4% | 4% | 3% | - | - |
| Easaontaím go Láidir | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| | 98% | 97% | 99% | 99% | 99% | 98% | 100% | 98% | 99% | 99% | 97% | 97% |

**Tábla 68: Caitheamh cothrom an Gharda Síochána le gach duine de réir saintréithe déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Comhaontaím go Láidir | 15% | 16% | 14% | 13% | 15% | 15% | 20% | 16% | 17% | 17% | 15% | 14% | 12% | 16% | 15% |
| Comhaontaím | 71% | 69% | 70% | 72% | 68% | 68% | 70% | 72% | 71% | 68% | 69% | 70% | 77% | 69% | 78% |
| Easaontaím | 8% | 9% | 10% | 9% | 9% | 10% | 5% | 6% | 6% | 9% | 8% | 9% | - | 9% | 5% |
| Easaontaím go Láidir | 7% | 6% | 6% | 6% | 7% | 8% | 5% | 6% | 6% | 6% | 8% | 6% | - | 7% | - |

**Tábla 69: Caitheamh cothrom an Gharda Síochána le gach duine de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | <1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Comhaontaím go Láidir | 8% | 14% | 28% | 13% | 14% | 17% | 17% | 16% | 14% | 17% | 17% | 17% |
| Comhaontaím | 79% | 66% | 62% | 74% | 73% | 65% | 70% | 73% | 72% | 67% | 67% | 73% |
| Easaontaím | 13% | 6% | 6% | 9% | 11% | 7% | 6% | 9% | 10% | 7% | 6% | - |
| Easaontaím go Láidir | - | 14% | 5% | 4% | 3% | 11% | 7% | - | 4% | 11% | 10% | - |

## 9.3 Caitheamh an Gharda Síochána de réir teagmhála

Gan aird ar shaghas na teagmhála a rinne freagróirí le Gardaí sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé, bhí na leibhéil chomhaontaithe leis an ráiteas an-ard go gcaithfeadh Gardaí le daoine le meas – thug iad siúd ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo an leibhéal comhaontaithe ab ísle (93 faoin gcéad) le fios. B'ionann seo maidir le leibhéil chomhaontaithe leis an ráiteas go gcaitheann Gardaí le gach duine go cothrom. B'ionann leibhéil chomhaontaithe i measc freagróirí nach ndearna aon teagmháil leis an nGarda Síochána agus 72 faoin gcéad (teagmháil ar bith – 90% agus teagmháil a thosaigh an duine féin – 76%). Féach tábla 71.

**Tábla 70: Caitheamh le meas de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

| | Aon teag-mháil a thosaigh an duine féin | Aon teag-mháil a thosaigh Garda | Teagm-háil ar bith |
|---|---|---|---|
| Comhaontaím go Láidir | 29% | 14% | 20% |
| Comhaontaím | 66% | 79% | 75% |
| Easaontaím | 4% | - | 3% |
| Easaontaím go Láidir | - | - | - |

**Tábla 71: Caitheamh cothrom le gach duine de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

| | Aon teag-mháil a thosaigh an duine féin | Aon teag-mháil a thosaigh Garda | Teagm-háil ar bith |
|---|---|---|---|
| Comhaontaím go Láidir | 15% | - | 15% |
| Comhaontaím | 61% | 72% | 75% |
| Easaontaím | 10% | 13% | 7% |
| Easaontaím go Láidir | 14% | - | 3% |

## 9.4 Caitheamh an Gharda Síochána agus eispéireas d'íospairt

Faoi mar a léirítear i dtábla 72, b'ísle leibhéil chomhaontaithe leis an ráiteas go gcaithfeadh Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith, i measc iad siúd a bhí ina n-íospartaigh na coireachta sna 12 mhí roimhe sin (89%) i gcomparáid le neamhíospartaigh (96%).

Ar an gcuma chéanna, d'imir íospairt tionchar ar cé acu ar chomhaontaigh nó nár chomhaontaigh freagróirí leis go gcaithfeadh Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin, agus chomhaontaigh 61 faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta. I gcodarsnacht leis sin, chomhaontaigh 86 faoin gcéad de neamhíospartaigh na coireachta leis an ráiteas seo (féach tábla 73).

**Tábla 72: Caitheamh measúil an Gharda Síochána de réir íospartha**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Comhaontaím go Láidir | 24% | 22% |
| Comhaontaím | 72% | 67% |
| Easaontaím | 3% | - |
| Easaontaím go Láidir | 1% | - |

**Tábla 73: Caitheamh cothrom an Gharda Síochána le gach duine de réir íospartha**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Comhaontaím go Láidir | 16% | - |
| Comhaontaím | 70% | 61% |
| Easaontaím | 8% | 16% |
| Easaontaím go Láidir | 6% | 14% |

## 9.5 An imríonn tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil tionchar ar thuairimí faoin mbealach a chaitheann an Garda Síochána le daoine?

Faoi mar a thugtar le tuiscint i dtábla 74, níor imir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta aon tionchar suntasach ar leibhéil chomhaontaithe i measc freagróirí go gcaithfeadh Gardaí leo le meas. Níor dhóchúla céanna, áfach, go gcomhaontóidís siúd leis an ráiteas seo (88%) a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht áitiúil i gcomparáid leo siúd a cheap gur fadhb 'tromchúiseach' (93%), 'fadhb de chineál' (95%) nó 'fadhb ar bith' (98%) atá sa choireacht áitiúil.

**Tábla 74: Caitheamh measúil an Gharda Síochána de réir tuairimí faoin gcoireacht**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Comhaontaím | 95% | 96% | 95% | 95% | 88% | 93% | 95% | 98% |
| Easaontaím | 5% | 4% | 5% | 5% | 12% | 7% | 5% | 2% |

**Tábla 75: Caitheamh cothrom an Gharda Síochána le gach duine de réir tuairimí faoin gcoireacht**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Comhaontaím | 81% | 87% | 88% | 92% | 56% | 72% | 86% | 93% |
| Easaontaím | 19% | 13% | 12% | - | 44% | 28% | 14% | 7% |

**Tábla 76: Comhionannas sa bhealach a chaitheann an Garda Síochána le daoine de réir sásaimh leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil go háitiúil**

| | An-sásta | Sásta go leor | Míshásta go leor | An-mhíshásta |
|---|---|---|---|---|
| Comhaontú leis go gcaitheann an GS le gach duine le meas | 97% | 98% | 89% | 71% |
| Easaontú leis go gcaitheann an GS le gach duine le meas | 3% | 2% | 11% | 29% |
| Comhaontú leis go gcaitheann an GS le gach duine le meas gan aird ar cé hiad féin | 98% | 89% | 67% | 48% |
| Easaontú leis go gcaitheann an GS le gach duine le meas gan aird ar cé hiad féin | - | 11% | 34% | 52% |

Scrúdaítear i dtábla 75 leibhéil chomhaontaithe leis an ráiteas go gcaithfeadh Gardaí le gach duine go cothrom, de réir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta. Níor dhóchúla céanna go gcomhaontóidís siúd leis an ráiteas seo (81%) a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta i gcomparáid leo siúd a cheap gur fadhb 'tromchúiseach' (87%), 'fadhb de chineál' (88%) nó 'fadhb ar bith' (92%) atá sa choireacht náisiúnta. Nuair a cuireadh coireacht áitiúil san áireamh, bhí na difríochtaí fiú ní ba shuntasaí (56% ina measc siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach', in aghaidh 93% ina measc siúd a cheap gur 'fadhb ar bith' í).


## 9.6 An imríonn sásamh leis an tseirbhís a soláthraíodh do phobail áitiúla tionchar ar thuairimí faoin mbealach a chaitheann Gardaí le daoine?

Níor dhóchúla céanna go gcomhaontódh freagróirí a bhí 'an-mhíshásta' le seirbhís an Gharda Síochána a soláthraíodh go háitiúil (71%) leis go gcaithfeadh Gardaí leo le meas i gcomparáid leo siúd a bhí 'an-sásta' (97%). Tugadh an gaol seo faoi deara freisin nuair a scrúdaíodh an ráiteas faoi cé acu an gcaithfeadh nó nach gcaithfeadh Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin (48% in aghaidh 98%).

## 9.7 Iontaofacht an Gharda Síochána

Faoi mar a léirítear i bhfíor 16, rinne tromlach na bhfreagróirí (76%) 'comhaontú' nó 'comhaontú láidir' leis gur féidir brath ar Ghardaí ina gceantar a bheith ann in am an ghátair. Bhí easaontú i measc seacht déag faoin gcéad d'fhreagróirí agus bhí easaontú láidir i measc 6 faoin gcéad. Is éagsúil atá na figiúirí seo nuair a chuirtear na freagairtí 'ní fios' san áireamh san anailís agus tugtar chun solais iad san fhíor thíos.

**Fíor 16: Is féidir a bhrath ar na Gardaí sa cheantar seo a bheith ann in am an ghátair**




## 9.8 Iontaoibh as an nGarda Síochána agus a gcaidreamh leis an bpobal áitiúil


Fiafraíodh d'fhreagróirí faoina leibhéal comhaontaithe leis an ráiteas go bhfuil caidreamh pobail leis na Gardaí lag. D'easaontaigh an tromlach leis an ráiteas seo (70%). Nuair a chuirtear freagairtí 'níos fios' san áireamh, is ionann an figiúr seo agus 60 faoin gcéad. Chomhaontaigh tríocha a haon faoin gcéad go bhfuil caidreamh pobail lag (féach fíor 17).

Faoi mar a thugtar le fios i bhfíor 18, nuair a fiafraíodh díobh cibé acu an éisteann nó nach n-éisteann na Gardaí le buarthaí daoine áitiúla, chomhaontaigh 86 faoin gcéad d'fhreagróirí (75% nuair a chuirtear na freagairtí 'ní fios' san áireamh). Ar deireadh, d'easaontaigh 65 faoin gcéad nach bhfuil na Gardaí ag déileáil le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal (54% nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh) (féach fíor 19).


**Fíor 17: Caidreamh Pobail leis an bpobal áitiúil**




**Fíor 18: Éisteann Gardaí le buarthaí daoine áitiúla**




**Fíor 19: Níl na Gardaí ag déileáil le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal áitiúil**



## 9.9 Achoimre

- Chomhaontaigh tromlach mór fhreagróirí an tsuirbhé (95%) le fios go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith. Ar an gcuma chéanna, chomhaontaigh an tromlach (86%) go gcaitheann Gardaí le daoine go cothrom gan aird ar cé hiad féin.
- De réir mar a chuaigh aois i méid, chuaigh comhaontú leis an ráiteas i méid freisin go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith.
- Ba dhóchúla go gcomhaontódh iad 55 bliain d'aois agus níos sine leis go gcaithfeadh Gardaí leat go cothrom gan aird ar cé atá ionat
- Ba dhóchúla go gcomhaontódh náisiúnaigh neamh-Éireannacha leis go gcaithfeadh Gardaí leat go cothrom gan aird ar cé atá ionat (93%), in aghaidh 85 faoin gcéad i gcás náisiúnaigh Éireannacha.
- Ba dhóchúla go n-easaontódh freagróirí i mBaile Átha Cliath leis go gcaithfeadh Gardaí leo le meas, agus ba dhóchúla freisin go n-easaontódh freagróirí 'cathrach' leis seo.
- Bhí leibhéil ní b'ísle de chomhaontú le tabhairt faoi deara in 'An Chuid eile de Laighin' go gcaithfeadh Gardaí le daoine go cothrom gan aird ar cé hiad féin.
- D'imir íospairt tionchar diúltach ar leibhéil chomhaontaithe leis an dá ráiteas - go gcaithfeadh Gardaí leo le meas nó go gcaithfidís le gach duine go cothrom gan aird ar cé atá iontu.
- D'imir dearcthaí gur fadhb thromchúiseach í fadhb na coireachta áitiúla tionchar diúltach ar leibhéil chomhaontaithe leis an dá ráiteas.
- Chomhaontaigh tromlach na bhfreagróirí (76%) leis gur féidir brath ar Ghardaí a bheith ann in am an ghátair agus go n-éisteann siad le buarthaí daoine áitiúla (86% agus 75% nuair a chuirtear freagraí 'ní fios' san áireamh).
- D'easaontaigh seasca a cúig faoin gcéad (54% nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh) nach bhfuil na Gardaí ag déileáil le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal.
- D'easaontaigh seachtó faoin gcéad d'fhreagróirí go bhfuil caidreamh idir an Garda Síochána ag an pobal lag (60% nuair a chuirtear freagraí 'ní fios' san áireamh).

# Caibidil 10
# Tuairimí faoin nGarda Síochána

In 2019, cheap tromlach na bhfreagróirí go bhfuil na Gardaí:



**73%** Dírithe ar an bpobal

**94%** Cairdiúil agus cabhrach

**68%** Eifeachtach i ndul i ngleic leis an

**59%** Dea-bhainistithe

**71%** Nua-aimseartha agus céimnitheach

Chomhaontaigh **43%** leis go gcuireann an Garda Síochána seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil

**2019** Go ginearálta, tá treocht aníos á tabhairt faoi deara i dtaobh tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána ó 2017 ar aghaidh

Faoi mar a tugadh faoi deara i mbabhtaí suirbhé roimhe seo, fiosraíodh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2019 tuairimí freagróirí faoin nGarda Síochána trí scrúdú a dhéanamh ar leibhéil chomhaontaithe le sé phríomhráiteas. Baineann trí cinn de na ráitis seo le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na Gardaí cairdiúil agus cabhrach, dírithe ar an bpobal agus éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht. Baineann na trí cinn eile le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Garda Síochána nua-aimseartha agus céimnitheach, an gcuireann nó nach gcuireann sé seirbhís den chéad scoth ar fáil agus cé acu an ndéantar nó nach ndéantar é a dhea-bhainistiú.

Nóta: Faoi mar a rinneadh i dtuarascáil bhliantúil 2017 agus 2018, baineadh 'freagairtí 'ní fios' as tromlach na hanailíse.

## 10.1 Tuairimí faoin nGarda Síochána i rith 2019


**In 2019, cheap tromlach na bhfreagróirí go bhfuil na Gardaí dírithe ar an bpobal (73%), cairdiúil agus cabhrach (94%), éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht (68%) dea-bhainistithe (59%) agus nua-aimseartha nó céim-nitheach (71%). Chomhaontaigh daichead a trí faoin gcéad go gcuireann sé seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil.**

## 10.2 Athruithe ar thuairimí faoin nGarda Síochána idir 2017, 2018 agus 2019

Den chuid is mó, lean feabhas ag teacht ar thuairimí freagróirí le trí bliana anuas i ngach suirbhé. Faoi mar a léirítear i bhfíor 20, tá feabhas tugtha faoi deara i ngach ceann de na príomhlimistéir (seachas 'cuirtear seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil') i dtaobh pointí céatadáin ó 2017 ar aghaidh. Cuirtear freagairtí freagróirí 'comhaontaím go láidir' agus 'comhaontaím', i dteannta a chéile, i láthair i bhfíor 20.

Mar shampla, tá méadú 2 phointe céatadáin tagtha ar an gcomhréir freagróirí a chomhaontaíonn go bhfuil na Gardaí cairdiúil agus cabhrach aníos ó 92 faoin gcéad go dtí 94 faoin gcéad. Ar an gcuma chéanna, tá méadú suntasach tagtha ar na freagróirí siúd a chomhaontaíonn go ndéantar dea-bhainistiú ar an nGarda Síochána, aníos ó 46 faoin gcéad in 2017 go dtí 59 faoin gcéad in 2019. Tá laghdú 1 phointe céatadáin tagtha ar thuairimí go gcuireann an Garda Síochána seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil ó 2018.

**Fíor 20: Leibhéil chomhaontaithe idir 2017, 2018 agus 2019**



Nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh, laghdaigh seo an céatadán comhaontaithe go bhfuil an Garda Síochána: dírithe ar an bpobal (67%), cairdiúil agus cabhrach (90%), éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht (62%), dea-bhainistithe (49%), ina eagraíocht den chéad scoth (36%) agus nua-aimseartha nó céimnitheach (64%). Imrítear an tionchar céanna, den chuid is mó, ar na freagairtí seo nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh, faoi mar a imríodh i suirbhé 2018.

## 10.3 Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha

Faoi mar a léirítear i dtábla 77, ní raibh difríocht shuntasach ar leibhéil chomhaontaithe leis na sé ráiteas idir an dá inscne. Bhí na leibhéil chomhaontaithe ab airde i measc na bhfreagróirí siúd san aoischatagóir 18-24 bliain d'aois (80 faoin gcéad) go bhfuil na Gardaí dírithe ar an bpobal. Ba dhóchúla go gcomhaontódh freagróirí 55 bliain d'aois agus níos sine leis go bhfuil na Gardaí cairdiúil agus cabhrach (96 faoin gcéad), agus freagróirí 25-34 bliain d'aois (94 faoin gcéad), ina dhiaidh sin. Bhí tuairimí ní ba dhearfaí ag náisiúnaigh neamh-Éireannacha faoi na Gardaí agus faoi eagraíocht an Gharda Síochána i measc gach cinn de na sé ráiteas, i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha.

## 10.4 Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas de réir grúpálacha ceantair

Is ag freagróirí ó Mhumha a bhí na tuairimí ba dhearfaí faoin nGarda Síochána, agus ina measc a bhí na leibhéil chomhaontaithe ab airde i measc gach cinn de na sé ráiteas. Níor dhóchúil céanna go gcomhaontódh freagróirí in 'An Chuid eile de Laighin' go gcuireann na Gardaí seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil (31 faoin gcéad), i gcomparáid leis na réigiúin eile. I gceithre cinn de na sé ráiteas, ba dhóchúla go n-easaontóidís siúd leis na ráitis i gcomparáid leo siúd i gceantair 'uirbeacha eile' agus i gceantair thuaithe. Ba dhóchúla go gcomhaontódh freagróirí a chónaíonn níos lú ná 1 chiliméadar ó stáisiún Gardaí leis na sé ráiteas i gcomparáid leo siúd a chónaíonn níos faide ó stáisiúin.

**Tábla 77: Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha in 2019**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirneach | Neamh-Éireannach |
| Dírithe ar an bpobal | 73% | 73% | 80% | 74% | 71% | 70% | 74% | 73% | 72% | 74% | 72% | 74% | 75% | 72% | 81% |
| Nua-aimseartha nó céim-nitheach | 70% | 72% | 74% | 69% | 68% | 68% | 73% | 76% | 70% | 68% | 69% | 74% | 78% | 70% | 77% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 94% | 94% | 92% | 94% | 92% | 92% | 96% | 96% | 94% | 94% | 93% | 93% | 97% | 94% | 96% |
| Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil | 43% | 44% | 47% | 43% | 42% | 38% | 45% | 48% | 42% | 43% | 41% | 46% | 44% | 42% | 52% |
| Dea-bhainistithe | 58% | 60% | 67% | 57% | 56% | 52% | 61% | 64% | 53% | 58% | 58% | 63% | 61% | 57% | 70% |
| Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht | 68% | 68% | 74% | 66% | 66% | 63% | 68% | 73% | 66% | 68% | 66% | 70% | 69% | 67% | 75% |

**Tábla 78: Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas de réir grúpálacha ceantair in 2019**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+ km |
| Dírithe ar an bpobal | 70% | 66% | 83% | 74% | 70% | 73% | 76% | 77% | 72% | 73% | 74% | 70% |
| Nua-aimseartha nó céimnitheach | 63% | 71% | 76% | 75% | 66% | 74% | 74% | 73% | 70% | 70% | 74% | 69% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 94% | 93% | 95% | 95% | 94% | 94% | 94% | 95% | 94% | 94% | 94% | 94% |
| Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil | 42% | 31% | 56% | 48% | 45% | 40% | 44% | 47% | 43% | 43% | 42% | 37% |
| Dea-bhainistithe | 56% | 51% | 72% | 56% | 59% | 57% | 60% | 64% | 57% | 59% | 61% | 56% |
| Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht | 63% | 62% | 78% | 69% | 66% | 68% | 70% | 73% | 68% | 66% | 69% | 67% |

## 10.5 Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Faoi mar a léirítear i dtábla 79, bhí tuairimí ní ba dhearfaí faoi na Gardaí ag freagróirí a ndearna 'teagmháil ar bith' leis na Gardaí sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé, agus léirigh siad leibhéil chomhaontaithe ní b'airde i measc gach cinn de na sé ráiteas. Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go gcomhaontóidís siúd leis na ráitis ar chuir an Garda Síochána tús le teagmháil leo, i gcomparáid leo siúd a chuir tús le haon teagmháil iad féin.

**Tábla 79: Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

| | Aon teagmháil a thosaigh an duine féin | Aon teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Dírithe ar an bpobal | 72% | 70% | 73% |
| Nua-aimseartha nó céimnitheach | 68% | 52% | 73% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 92% | 89% | 95% |
| Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil | 41% | 35% | 43% |
| Dea-bhainistithe | 57% | 47% | 59% |
| Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht | 64% | 65% | 69% |

## 10.6 Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas de réir íospartha

Bhí tuairimí ní ba dhiúltaí ag na freagróirí siúd a bhí ina n-íospartach den choireacht sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé faoi na Gardaí agus eagraíocht an Gharda Síochána i gcomparáid leis na freagróirí siúd nach raibh thíos le híospairt (féach tábla 80).

**Tábla 80: Leibhéil chomhaontaithe de réir eispéireas íospartha**

| | Neamhíospartach | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Dírithe ar an bpobal | 74% | 55% |
| Nua-aimseartha nó céimnitheach | 72% | 57% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 94% | 85% |
| Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil | 44% | 34% |
| Dea-bhainistithe | 60% | 41% |
| Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht | 69% | 49% |

## 10.7 An imríonn tuairimí freagróirí faoi thromchúise fhadhb na coireachta tionchar ar an dearcadh atá acu i dtaobh an Gharda Síochána?

Faoi mar a léirítear i dtábla 81, de réir mar a théann tuairimí faoi thromchúise fhadhb na coireachta náisiúnta i méid, tagann laghdú ar thuairimí dearfacha faoi eagraíocht an Gharda Síochána. Ba an-léir é seo maidir leis na ráitis faoi bheith dírithe ar an bpobal, seirbhís póilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil, bheith dea-bhainistithe agus éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht. Mar shampla, chomhaontaigh 36 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta go gcuireann an Garda Síochána seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil, i gcomparáid le 70 faoin gcéad díobh siúd a cheap gur 'fadhb ar bith' í an choireacht náisiúnta.

Ba léir an gaol céanna freisin nuair a cuireadh an choireacht áitiúil san áireamh. Mar shampla, chomhaontaigh 81 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur 'fadhb ar bith' í an choireacht áitiúil go bhfuil na Gardaí dírithe ar an bpobal, i gcomparáid le 55 faoin gcéad díobh siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' í an choireacht áitiúil.

**Tábla 81: Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas de réir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil in 2019**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Dírithe ar an bpobal | 68% | 74% | 78% | 83% | 55% | 59% | 73% | 81% |
| Nua-aimseartha nó céimnitheach | 70% | 71% | 72% | 76% | 62% | 61% | 71% | 77% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 93% | 94% | 95% | 97% | 84% | 89% | 94% | 97% |
| Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil | 36% | 43% | 53% | 70% | 29% | 32% | 42% | 52% |
| Dea-bhainistithe | 53% | 61% | 64% | 75% | 52% | 47% | 59% | 66% |
| Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht | 61% | 71% | 70% | 86% | 45% | 56% | 67% | 78% |

**Tábla 82: Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas de réir eagla roimh choireacht agus buartha faoi íospairt in 2019**

| | Eagla roimh choireacht | | | | Buairt faoi íospairt | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith | Buairt faoi dhíobháil | Buairt faoi ghoid nó díobháil réadm-haoine | Buairt faoin dá rud | Buairt ar bith |
| Dírithe ar an bpobal | 52% | 66% | 73% | 79% | 72% | 61% | 68% | 79% |
| Nua-aimseartha nó céimnitheach | 54% | 65% | 70% | 77% | 65% | 65% | 68% | 74% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 88% | 94% | 94% | 94% | 93% | 95% | 92% | 94% |
| Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil | 31% | 37% | 42% | 50% | 36% | 27% | 41% | 49% |
| Dea-bhainistithe | 41% | 50% | 55% | 71% | 58% | 36% | 57% | 66% |
| Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht | 43% | 59% | 67% | 77% | 59% | 55% | 62% | 75% |

## 10.8 An bhfuil baint ag eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt le tuairimí faoi eagraíocht an Gharda Síochána?

Coincheap a fiosraíodh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ná cibé acu an imríonn nó nach n-imríonn eagla a bheith ort roimh choireacht, nó buairt a bheith ort go ndéanfar íospartach na coireachta díot, tionchar ar thuairimí faoi éifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána. Léirítear i dTábla 82 go dtéann leibhéil chomhaontaithe le gach ceann de na sé ráiteas i méid de réir mar a théann eagla roimh choireacht i laghad (i.e. éiríonn tuairimí níos dearfaí). Mar shampla, chuaigh iad siúd a chomhaontaigh leis an ráiteas go ndéantar eagraíocht an Gharda Síochána a dhea-bhainistiú i méid ó 41 faoin gcéad d'fhreagróirí a bhfuil 'go leor eagla' orthu faoin gcoireacht, aníos go dtí 71 faoin gcéad díobh siúd a bhfuil 'eagla ar bith' orthu. Ar an gcuma chéanna, níor dhóchúil céanna, go ginearálta, go gcomhaontóidís siúd leis a bhí buartha faoin íospairt go bhfuil eagraíocht an Gharda Síochána éifeachtach agus cumasach.

## 10.9 An bhfuil baint ag tuairimí freagróirí faoin nGarda Síochána lena leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána?

Faoi mar a tugadh faoi deara in 2018, bhí gaol an-soiléir ann idir leibhéil iontaoibhe freagróirí as an nGarda Síochána agus a dtuairimí faoina éifeachtacht agus a chumas (féach tábla 83). Bhí tuairimí i bhfad ní ba dhearfaí faoi éifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána acu siúd a raibh 'iontaoibh ard' acu as na Gardaí i gcomparáid leo siúd a thug le fios go bhfuil 'iontaoibh íseal' acu as eagraíocht an Gharda Síochána.

**Tábla 83: Tuairimí faoin nGarda Síochána de réir leibhéil iontaoibhe in 2019**

| | Iontaoibh Íseal | Iontaoibh Mheánach | Iontaoibh Ard |
|---|---|---|---|
| Dírithe ar an bpobal | 25% | 67% | 88% |
| Nua-aimseartha nó céim-nitheach | 21% | 65% | 86% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 59% | 95% | 99% |
| Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil | 9% | 31% | 62% |
| Dea-bhainistithe | 15% | 51% | 75% |
| Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht | 21% | 59% | 86% |

## 10.10 Achoimre

- In 2019, chomhaontaigh tromlach na bhfreagróirí leis go raibh an Garda Síochána dírithe ar an bpobal, cairdiúil agus cabhrach, éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht, dea-bhainistithe agus nua-aimseartha agus céimnitheach. Cheap daichead a trí faoin gcéad go gcuireann an eagraíocht seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil.
- Go ginearálta, tá treocht aníos á tabhairt faoi deara i dtaobh tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána ó 2017 ar aghaidh.
- Bhí tuairimí náisiúnach neamh-Éireannach faoin eagraíocht ní ba dhearfaí ná na tuairimí a bhí ag náisiúnaigh Éireannacha.
- Bhí tuairimí ní ba dhearfaí ag freagróirí i Mumha faoi eagraíocht an Gharda Síochána ná iad siúd i gceantair eile.
- Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go gcomhaontódh freagróirí ar chuir an Garda Síochána tús le teagmháil leo, sna 12 mhí roimhe seo le gach ceann de na sé ráiteas i gcomparáid leo siúd a chuir tús le teagmháil iad féin, nó iad siúd nach ndearna aon teagmháil.
- D'imir íospairt tionchar diúltach ar thuairimí faoi Eagraíocht an Gharda Síochána.
- De réir mar a tháinig méadú ar dhearcthaí gur fadhb thromchúiseach í fadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla, tháinig méadú freisin ar easaontú leis na sé ráiteas faoi eagraíocht an Gharda Síochána.
- Ba shoiléir go raibh roinnt gaolta ann idir tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána:
  - De réir mar a d'imigh eagla roimh choireacht i méid, tháinig méadú freisin ar thuairimí faoin eagraíocht.
  - De réir mar a d'imigh buairt faoi íospairt i méid, chuaigh tuairimí faoin nGarda Síochána i méid freisin.
  - Bhí dóchúlacht i bhfad ní ba mhó ann go gcomhaontódh na freagróirí siúd a raibh 'iontaoibh ard' acu as an eagraíocht le gach ceann de na sé ráiteas faoi éifeachtacht agus cumas na heagraíochta – chuaigh tuairimí dearfacha i méid.

# Caibidil 11
# An Sampla Breise Sé agus Seacht mBliana d'Éag d'Aois

Ó Nollaig 2016 ar aghaidh, cuirtear daoine 16 agus 17 mbliana d'aois san áireamh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail an Gharda Síochána (ní raibh ach sampla de dhaoine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine a rinne ionadaíocht náisiúnta i scóip an tsuirbhé roimhe seo). Baineann ríthábhacht le daoine 16 agus 17 mbliana d'aois a chur san áireamh sa suirbhé chun tuiscint a fháil ar thuairimí faoin gcohórt tábhachtach seo maidir leis na Gardaí, a n-eispéiris den choireacht agus den íospairt agus d'eagraíocht an Gharda Síochána go ginearálta.

## 11.1 Modheolaíocht

Faoi mar a rinneadh leis an bpríomhshampla, roghnaíodh teaghlaigh go randamach chun cuóta míosúil a shásamh. Má sainaithníodh duine óg 16 nó 17 mbliana d'aois laistigh den teaghlach; roghnaíodh iad go randamach trí úsáid a bhaint as 'riail an bhreithlae dheireanaigh'. Iarradh ar thuismitheoirí chun bileog eolais a léamh ina raibh sonraí faoin suirbhé, cé a thug faoi, agus an fáth gur iarradh ar a leanbh páirt a ghlacadh ann. Iarradh ar thuismitheoirí ansin chun foirm thoilithe rannpháirtí a léamh agus a shíniú inar tugadh dearbhuithe nach n-úsáidfí aitheantas a linbh, agus aon eolas a cuireadh ar fáil, ach ar mhaithe leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail agus go gcoimeádfaí iad gan ainm a lua leo agus faoi rún ag gach tráth.

B'éard a bhí sa sampla breise ná 594 duine óg aois 16 nó 17 mbliana d'aois. Cé go gcuirtear an sampla seo i láthair leis féin sa chaibidil seo, déantar comparáidí fairsinge, amanna, le príomhshampla 2018. Cé go bhfuil an sampla daoine fásta sa phríomhshuirbhé in ainm is ionadaíocht náisiúnta a dhéanamh, níor cuireadh aon ualú i bhfeidhm ar an gcohórt 16 agus 17 mbliana d'aois. Caithfear comparáidí a léamh, ar an ábhar sin, agus aire éigin á tabhairt. Ní chuirtear aon ghaolta staitistiúla i láthair mar gheall go bhfuil straitéis éagsúil á húsáid don tsampláil don dá shampla. Ar aon dul le príomhshampla an tsuirbhé, tugadh réamhanailís ar na hathróga go léir chun críche chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhréir freagairtí 'ní fios'. Rinneadh cinneadh ansin faoi cibé acu an raibh siad nó nach raibh siad le fágáil as an áireamh ó anailís a dhéanfar ina dhiaidh sin. I gcás ceisteanna nuair b'ionann freagairtí 'ní fios' agus níos lú ná 10% de na freagairtí ar gach ceist, fágadh as an áireamh iad ón anailís agus ní chuirtear san áireamh iad mar chuid den chaibidil seo. I gcásanna nuair b'ionann freagairtí 'ní fios' agus 10% nó ní ba mhó d'fhreagairtí freagróirí, ar an iomlán, cuirtear anailís i láthair, na freagairtí siúd san áireamh agus as an áireamh a chuirtear i láthair ar mhaithe le hiomláine.

Cruthaíonn méid níos lú an tsampla breise fadhb. Nuair atá na comhairimh an-íseal, ní féidir an sampla breise a imdhealú isteach i bhfoghrúpaí áirithe, e.g. aicme shóisialta agus catagóirí íospartaigh na coireachta. Chuir seo teorainn ar an méid anailíse a d'fhéadfaí a dhéanamh.

## 11.2 Déimeagrafaic

Faoi mar a bhí i gceist in 2017 agus 2018, bhí difríochtaí ann i gcomhdhéanamh inscne an phríomhshampla agus an tsampla breise, agus bhí beagán ní ba mhó fear ná ban i sampla breise an tsuirbhé. Bhí dáiltí sna samplaí a bhí an-chosúil lena chéile ar fud an réigiúin agus an cheantair, ach ar nós blianta roimhe seo, bhí ní ba mhó náisiúnaigh neamh-Éireannacha sa phríomhshuirbhé. Féach tábla 84 chun teacht ar mhiondealú ar eolas déimeagrafach agus ceantair.

**Tábla 84: Próifíl an tsampla breise 2019**


| Inscne | | Aicme Shóisialta | | Réigiún | |
|---|---|---|---|---|---|
| Fir | 54% | AB | 17% | Baile Átha Cliath | 29% |
| Mná | 46% | C1 | 37% | Laighin (gan Baile Átha Cliath a áireamh) | 26% |
| | | C2 | 20% | Mumha | 27% |
| | | DE | 23% | Connachta nó Ulaidh | 17% |
| | | F | 4% | | |

| Limistéar | | Náisiúntacht | | Eitneacht | | Creideamh | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cathair | 39% | Éireannach | 90% | Éireannach Geal | 88% | Caitliceach Rómhánach | 74% |
| Uirbeach Eile | 25% | Polannach | 2% | Duine Geal Eile | 6% | Eaglais na hÉireann | 2% |
| Tuaithe | 36% | An Ríocht Aontaithe | 2% | Áiseach Eile | 3% | Críostaí Eile | 3% |
| | | Indiach | 2% | Duine Gorm Eile | 3% | Ioslam | 1% |
| | | Eile | 4% | | | Creideamh ar bith | 19% |

## 11.3 Tuairimí faoin gCoireacht in Éirinn: Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois

Cheap seasca a naoi faoin gcéad den sampla breise daoine 16 agus 17 mbliana d'aois go bhfuil an choireacht náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' (b'ionann an figiúr seo agus 78% sa phríomhshampla). Cheap fiche a seacht faoin gcéad d'fhreagróirí gur fadhb 'de chineál' é, agus cheap trí faoin gcéad d'fhreagróirí gur 'fadhb ar bith' é. Ar nós an tsampla de dhaoine fásta, measadh go gcruthaíonn coireacht áitiúil fadhb i bhfad níos lú ná an choireacht náisiúnta. Cheap trí déag faoin gcéad gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' é coireacht áitiúil agus b'ionann iad siúd a cheap gur fadhb 'de chineál' é nó 'fadhb ar bith' é agus 43 faoin gcéad, faoi seach.

**Fíor 21: Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil: sampla breise neamhualaithe**




### 11.3.1 Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Faoi mar a luadh ní ba luaithe sa chaibidil seo, chuir méid níos lú an tsampla breise teorainn ar an méid anailíse a d'fhéadfaí a dhéanamh de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair. Faoi mar a thugtar le fios i dtábla 85, i dtaobh tuairimí gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' í an choireacht náisiúnta, thug mná beagán ní ba mhó buartha le fios i gcomparáid le fir. Cheap iad siúd in 'An Chuid eile de Laighin' (85%) agus i Mumha (78%) gur fadhb atá sa choireacht náisiúnta atá níos tromchúisí ná mar a cheapann iad siúd i mBaile Átha Cliath (45%) agus Connachta nó Ulaidh (39%). Cheap freagróirí i gceantair 'uirbeacha eile' go bhfuil an choireacht náisiúnta níos tromchúisí ná iad siúd i gceantair 'cathrach' agus i gceantair thuaithe Faoi mar a bhí i gceist in 2018, ceapadh gur bhain fadhb ní ba mhó leis an gcoireacht áitiúil ina measc siúd i mBaile Átha Cliath agus i gceantair chathrach.

Ní raibh tuairimí faoi thromchúise fhadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla chomh tromchúiseach céanna nuair a rinneadh teagmháil leis na Gardaí (sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé) i gcomparáid leo siúd nach ndearna aon teagmháil leis na Gardaí.

**Tábla 85: Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn i rith 2019 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise neamhualaithe**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Fadhb an-tromchúiseach | 21% | 18% | - | 26% | 24% | - | - | 29% | 21% | - | 20% |
| Fadhb thromchúiseach | 46% | 55% | 45% | 59% | 54% | 39% | 49% | 55% | 49% | 41% | 54% |
| Fadhb de chineál | 28% | 25% | 40% | - | 21% | 39% | 35% | - | 26% | 38% | 24% |
| Fadhb ar bith | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 86: Tuairimí faoin gcoireacht áitiúil in Éirinn i rith 2019 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise neamhualaithe**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Fadhb an-tromchúiseach | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Fadhb thromchúiseach | - | 14% | 20% | - | - | - | 16% | - | - | - | 12% |
| Fadhb de chineál | 44% | 42% | 42% | 44% | 41% | 50% | 43% | 48% | 41% | 47% | 43% |
| Fadhb ar bith | 46% | 41% | 35% | 46% | 49% | 43% | 38% | 39% | 51% | 42% | 43% |

## 11.4 Íospartaigh na coireachta: Sampla daoine 16 agus 17 mbliana d'aois


Faoi mar a tugadh faoi deara i suirbhéanna roimhe seo, ní raibh tromlach na ndaoine 16 agus 17 mbliana d'aois ina n-íospartach den choireacht i rith na tréimhse 12 mhí roimhe sin. Bhí trí faoin gcéad d'fhreagróirí ina n-íospartach den choireacht. Is ionann seo agus 19 bhfreagróir, ar thug 56 faoin gcéad díobh an teagmhas ba dhéanaí a tharla dóibh le fios don Gharda Síochána.  Mar gheall ar an sampla íseal íospartach, ní féidir anailís bhreise a dhéanamh.

## 11.5 Eagla agus buairt faoin gcoireacht: Sampla breise daoine 16 agus 17 mbliana d'aois

### 11.5.1 Dóchúlacht bhraite na híospartha

Faoi mar a bhí i gceist in 2018, is ísle buairt faoi íospairt i measc freagróirí 16 agus 17 mbliana d'aois ná mar atá sa phríomhshampla daoine fásta. Faoi mar a thugtar le fios i bhfíor 22, bhí buairt ar 9 faoin gcéad de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh in 2019 (ar laghdú 7 bpointe céatadáin é seo anuas ó 2018 agus ar laghdú 14 phointe céatadáin é anuas ó 2017).  B'ionann an figiúr seo agus 28 faoin gcéad sa phríomhshampla.  Ní raibh buairt ar sheachtó a naoi faoin gcéad de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois faoin íospairt (i gcomparáid le 73% in 2018 agus 66% in 2017). Tá an figiúr seo i bhfad níos mó sa phríomhshampla inar léirigh 55 faoin gcéad den sampla daoine fásta buarthaí ar bith faoi íospairt.

**Fíor 22: Athruithe ar thuairimí faoi dhóchúlacht bhraite na híospartha in Éirinn 2017, 2018 agus 2019: sampla breise neamhualaithe**




### 11.5.2 Tuairimí faoi dhóchúlacht na híospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Faoi mar a thugtar le fios i dtábla 87, ní raibh buairt ar thromlach na ndaoine 16 agus 17 mbliana d'aois faoin íospairt.  Ba dhóchúla go mbeadh buairt orthu siúd a rinne teagmháil leis na Gardaí sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé, i gcomparáid leo siúd nach ndearna aon teagmháil.


**Tábla 87: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise neamhualaithe**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Buairt faoin dá rud | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 9% | - |
| Buairt ar bith | 82% | 75% | 74% | 85% | 84% | 71% | 72% | 83% | 84% | 78% | 81% |

### 11.5.3 Eagla roimh an leibhéal coireachta in Éirinn

Tá méadú tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhfuil eagla ar bith orthu faoin gcoireacht aníos ó 57 faoin gcéad in 2017 agus 2018, go dtí 62 faoin gcéad in 2019 (féach Fíor 23). Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go raibh eagla ar bith ar fhreagróirí sa sampla daoine fásta (38%). Bhí eagla 'éigin' ar dheich faoin gcéad de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois faoin leibhéal coireachta, i gcomparáid le 25 faoin gcéad den phríomhshampla daoine fásta.

**Fíor 23: Leibhéil eagla roimh choireacht in Éirinn 2017, 2018 agus 2019: sampla breise neamhualaithe**





### 11.5.4 Eagla roimh an leibhéal coireachta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Faoi mar a bhí i gceist in 2018, ba dhóchúla go mbeadh 'eagla éigin' ar mhná (12%) faoin gcoireacht i gcomparáid le fir. Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go raibh eagla faoin gcoireacht ar fhreagróirí i mBaile Átha Cliath agus i gceantair 'cathrach' i gcomparáid leo siúd sna ceantair/réigiúin eile. Sa mhullach air sin, ba dhóchúla go mbeadh eagla ar bith faoin gcoireacht ar fhreagróirí (65%) a rinne teagmháil ar bith leis na Gardaí sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé, i gcomparáid leo siúd nach ndearna aon teagmháil (49%). Thug daichead faoin gcéad den phríomhshampla nach ndearna aon teagmháil na tuairimí céanna le fios.

### 11.5.5 Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán beatha freagróirí

Faoi mar a léirítear i bhfíor 24, níor tháinig aon athruithe suntasacha idir 2017, 2018 agus 2019 ar an tionchar a imríonn eagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois, agus thug an tromlach (82 faoin gcéad in 2019) le fios nár imríodh 'tionchar ar bith' ar chaighdeán na beatha. Níor dhóchúil céanna go dtabharfadh freagróirí 18 mbliana d'aois agus níos sine 'tionchar ar bith' a bheith á imirt ar a gcaighdeán beatha le fios (65 faoin gcéad).

**Fíor 24: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha 2017, 2018 agus 2019: sampla breise neamhualaithe**




**Tábla 88: Leibhéil eagla roimh choireacht de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | - | 12% | - | - | - | - | - | - | - | - | 10% |
| Eagla an-bheag roimh an leibhéal coireachta | 26% | 29% | 24% | - | 34% | 37% | 26% | 27% | 28% | 38% | 24% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 66% | 57% | 61% | 74% | 59% | 49% | 58% | 66% | 62% | 49% | 65% |

**Tábla 89: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise neamhualaithe**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Caighdeán laghdaithe an-mhór | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe beagán | - | 19% | 22% | - | - | - | 20% | - | - | - | 11% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 87% | 73% | 69% | 85% | 87% | 88% | 70% | 85% | 91% | 79% | 82% |

### 11.5.6 Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Faoi mar a thugtar le fios i dtábla 89, b'íseal é tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha i measc freagróirí. Thug naoi déag faoin gcéad d'fhreagróirí mná le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar 'beag' ar a gcaighdeán beatha. Ba dhóchúla go dtabharfadh na freagróirí siúd i mBaile Átha Cliath agus i gceantair 'cathrach' le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar 'beag' ar a gcaighdeán beatha i gcomparáid leo siúd i gceantair/réigiúin eile. Maidir le caighdeán na beatha agus teagmháil leis an nGarda Síochána, dúirt tromlach na ndaoine óga a rinne teagmháil (79%) agus iad siúd nach ndearna teagmháil (82%) gur imir sé tionchar ar bith.

## 11.6 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána

Bhí na tuairimí a bhí ag daoine 16 agus 17 mbliana d'aois cosúil le tuairimí an phríomhshampla daoine fásta maidir leis na cionta siúd ba cheart don Gharda Síochána díriú orthu, agus bhí cionta gnéasacha (96%), gáinneáil ar dhaoine (88%) agus airm neamhdhleathacha (86%) i measc na dtosaíochtaí ab airde (féach tábla 90). Faoi mar a thug freagróirí 18 mbliana d'aois agus níos sine le fios, ba chionta tráchta, díobháil choiriúil agus cionta oird phoiblí na cionta ar thug daoine óga an tús áite ab ísle dóibh.


**Tábla 90: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána faoi mar a shainaithin freagróirí in 2018: sampla breise neamhualaithe**

| | Ardtosaíocht | Meántosaíocht | Ísealtosaíocht |
|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 96% | 2% | 2% |
| Gáinneáil ar dhaoine | 88% | 10% | 2% |
| Airm neamhdhleathacha | 86% | 12% | 2% |
| Ionsaithe | 82% | 17% | 1% |
| Robálacha | 73% | 25% | 2% |
| Cionta drugaí | 70% | 21% | 10% |
| Buirgléireacht | 65% | 30% | 6% |
| Calaois | 61% | 34% | 5% |
| Cionta tráchta | 61% | 32% | 8% |
| Díobháil choiriúil | 59% | 33% | 8% |
| Cionta oird phoiblí | 37% | 32% | 31% |

## 11.7 Infheictheacht an Gharda Síochána agus tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána

Faoi mar a léirítear i bhfíor 25, is beag athrú atá tagtha ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána le trí bhabhta suirbhé anuas (40%, 39% agus 41%, faoi seach). In 2019, thug 39 faoin gcéad de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois le fios nach raibh siad feasach orthu, i gcomparáid le 50 faoin gcéad den phríomhshampla daoine fásta. Bhí comhréir na bhfreagróirí a thug 'ní fios' le fios ard (20 faoin gcéad). Faoi mar a léirítear i dtábla 91, bhí tromlach na bhfreagróirí siúd a thug le fios go bhfuil siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána, feasach ar phatrólú á dhéanamh ag Gardaí i ngluaisteáin (99%).

**Fíor 25: Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i rith 2017, 2018 agus 2019: sampla breise neamhualaithe**



**Tábla 91: Cleachtais phatrólaithe an Gharda Síochána: sampla breise neamhualaithe 2019**

| **Feasach ar phatróil an Gharda Síochána** | | **41%** |
|---|---|---|
| I ngluaisteán | 99% | |
| Ar chos | 17% | |
| Ar rothar | 7% | |
| **Neamhfheasach ar Phatróil an Gharda Síochána** | | **39%** |
| **Ní fios** | | **20%** |


### 11.7.1 Infheictheacht an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Ní raibh aon difríocht shuntasach ann idir an dá inscne i dtaobh feasachta ar phatróil an Gharda Síochána. Thug freagróirí i gConnachta agus Ulaidh (55%) ní ba mhó feasachta le fios ná mar a tugadh le fios i mBaile Átha Cliath (40%) agus in An Chuid eile de Laighin (33%) agus Mumha (40%). Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh freagróirí i gceantair thuaithe feasach ar phatróil an Gharda Síochána i gcomparáid leo siúd i gceantair eile (féach tábla 92). Ba dhóchúla go dtabharfadh iad siúd nach ndearna aon teagmháil leis an nGarda Síochána feasacht ní ba mhó le fios i gcomparáid leo siúd a rinne teagmháil leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé.

### 11.7.2 Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána

In 2019, chomhaontaigh tromlach (64%) den sampla breise, nuair a fágadh freagairtí 'ní fios' as an áireamh, leis go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla 'ceart go leor'. Is ionann seo agus méadú 5 phointe céatadáin aníos ó 2018. Tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo anuas go dtí 53 faoin gcéad nuair a chuirtear na freagairtí 'ní fios' san áireamh (féach fíor 26). Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go gcomhaontódh freagróirí sa sampla daoine fásta leis an ráiteas seo – cheap 45 faoin gcéad go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor'.

**Fíor 26: Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána: sampla breise neamhualaithe 2018**




### 11.7.3 Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Ba dhóchúla i bhfad go gceapfadh freagróirí mná (42%) go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'neamhleor' ina gceantair áitiúla, i gcomparáid le fir (30%). Faoi mar a tugadh faoi deara sa phríomhshampla daoine fásta, ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go gcomhaontódh freagróirí ó Bhaile Átha Cliath agus iad siúd i gceantair 'cathrach' leis go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor' ina gceantair áitiúla i gcomparáid leo siúd i gceantair/réigiúin eile.

**Tábla 92: Infheictheacht an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Feasach ar Phatról an Gharda Síochána | 40% | 42% | 40% | 33% | 40% | 55% | 42% | 42% | 39% | 37% | 42% |
| Neamhfheasach ar Phatról an Gharda Síochána | 41% | 36% | 33% | 55% | 34% | 33% | 34% | 43% | 41% | 35% | 41% |
| Ní fios | 19% | 22% | 27% | - | 26% | - | 24% | - | 20% | 28% | 16% |


**Tábla 93: Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Neamhleor | 30% | 42% | 52% | 30% | 33% | - | 48% | 26% | 30% | 37% | 35% |
| Ceart go leor | 69% | 59% | 46% | 70% | 66% | 77% | 51% | 74% | 69% | 62% | 64% |
| Iomarcach | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

## 11.8 Sásamh leis an nGarda Síochána

Léirítear i bhFíor 27 gur bheag athrú a tháinig ar leibhéil sásaimh leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána do cheantair áitiúla i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois le trí bhabhta suirbhé anuas. Bhí ochtú a cúig faoin gcéad 'sásta' nó 'sásta go leor' agus bhí 13 faoin gcéad 'míshásta go leor' agus bhí 2 faoin gcéad 'an-mhíshásta'.

**Fíor 27: Athruithe ar shásamh leis an nGarda Síochána idir 2017, 2018 agus 2019: sampla breise neamhualaithe**




### 11.8.1 Sásamh leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair


Bhí seachtó a dó faoin gcéad de mhná agus 75 faoin gcéad d'fhir 'sásta go leor' le seirbhís an Gharda Síochána (bhí 15% de mhná 'an-sásta'). Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh freagróirí i mBaile Átha Cliath agus Mumha 'sásta go leor' i gcomparáid le réigiúin eile. Is fíor an céanna i measc na ndaoine 16 agus 17 mbliana d'aois siúd i gceantair 'cathrach'. Thug seachtó a cúig faoin gcéad d'fhreagróirí nach ndearna aon teagmháil leis an nGarda Síochána le fios go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthair siad, i gcomparáid le 68 faoin gcéad a rinne teagmháil éigin sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé.

## 11.9 Iontaoibh as an nGarda Síochána

Mar an gcéanna leis an bpríomhshampla, iarradh ar fhreagróirí 16 agus 17 mbliana d'aois chun rátáil idir 1 agus 10 a shannadh, chun a leibhéal iontaoibhe as an nGarda Síochána a chainníochtú. Sannadh uimhir 10 don leibhéal iontaoibhe ab airde, agus sannadh uimhir 1 don leibhéal ab ísle. Cuireadh iad seo i gcuntas faoi mar a rinneadh sa phríomhshampla - 'iontaoibh íseal' (rátálacha 1, 2, 3, agus 4), 'iontaoibh mheánach' (rátálacha 5, 6 agus 7) agus 'iontaoibh ard' (rátálacha 8, 9 agus 10).

Faoi mar a léirítear i bhfíor 28, bhí 'iontaoibh ard' as na Gardaí ag 42 faoin gcéad d'fhreagróirí, bhí 'iontaoibh mheánach' ag 46 faoin gcéad agus léirigh 12 faoin gcéad d'fhreagróirí 'iontaoibh íseal'. Tá treocht anuas á tabhairt faoi deara ó 2017 i measc figiúirí iontaoibhe 'meánach', agus tháinig méadú aníos go dtí 42 faoin gcéad ar iontaoibh 'ard' in 2019, anuas ó 40 faoin gcéad in 2018. Bhí 'iontaoibh mheánach' beagán ní b'ísle sa phríomhshampla in 2019 (45 faoin gcéad), agus bhí 'iontaoibh ard' ní b'airde (46 faoin gcéad).

**Fíor 28: Athruithe ar leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána idir 2017, 2018 agus 2019: sampla breise neamhualaithe**




**Tábla 94: Sásamh leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise neamhualaithe**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| An-sásta | - | 15% | - | - | - | - | 16% | - | - | - | 11% |
| Sásta go leor | 75% | 72% | 70% | 77% | 72% | 76% | 71% | 76% | 73% | 68% | 75% |
| Míshásta go leor | 13% | - | - | - | - | - | - | - | 16% | - | 12% |
| An-mhíshásta | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |


Faoi mar a léirítear i dtábla 95, níor tháinig athrú suntasach ar leibhéal 'iontaoibh ard' idir fir agus mná. Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go dtabharfadh daoine 16 agus 17 mbliana d'aois i mBaile Átha Cliath agus Mumha 'iontaoibh ard' as na Gardaí le fios, i gcomparáid leo siúd i réigiúin eile, agus b'amhlaidh an scéal i measc freagróirí i gceantair 'cathrach'.

## 11.10 Comhionannas sa bhealach a chaitheann an Garda Síochána le daoine


Fiafraíodh d'fhreagróirí cibé acu ar chomhaontaigh nó nár chomhaontaigh siad leis an ráiteas go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith. Léirítear i bhfíor 29 freagairtí, freagairtí 'ní fios' san áireamh agus as an áireamh. Bhí 'comhaontú' nó 'comhaontú láidir' i measc ochtú a cúig faoin gcéad leis go gcaithfeadh Gardaí leo le meas. Nuair a fhágtar freagairtí 'ní fios' as an áireamh, is ionann seo agus 90 faoin gcéad (95% sa phríomhshampla).

I dtaobh tuairimí freagróirí faoi cibé acu an gcaithfeadh nó ngach gcaithfeadh Gardaí leo go cothrom, bhí 'comhaontú' nó 'comhaontú láidir' ann i measc 65 faoin gcéad. Nuair a fhágtar freagairtí 'ní fios' as an áireamh, is ionann seo agus 82 faoin gcéad (86% sa phríomhshampla).

**Fíor 29: Caitheann na Gardaí leat le Meas in 2019: sampla breise neamhualaithe**




**Fíor 30: Caitheann na Gardaí le Gach Duine le Meas in 2019: sampla breise neamhualaithe**




**Tábla 95: Leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Iontaoibh Íseal | 15% | - | - | - | - | - | 14% | - | - | - | 13% |
| Iontaoibh Mheánach | 43% | 49% | 51% | 36% | 55% | 37% | 54% | 41% | 41% | 54% | 43% |
| Iontaoibh Ard | 42% | 43% | 34% | 55% | 33% | 52% | 32% | 47% | 49% | 37% | 44% |

### 11.10.1 Comhionannas sa bhealach a chaitheann an Garda Síochána le daoine de réir grúpálacha ceantair

Nuair a scrúdaíodh athróga i measc grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair i dtaobh leibhéil chomhaontaithe go gcaitheann an Garda Síochána le daoine le meas, thug mná leibhéil chomhaontaithe ní b'airde le fios (90%) i gcomparáid le fir (80%). Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go gcomhaontóidís siúd i mBaile Átha Cliath agus Connachta nó Ulaidh leis go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas, i gcomparáid le freagróirí in An Chuid eile de Laighin agus Mumha. Bhí na tuairimí ab fhabhraí le sonrú i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois i gConnachta agus Ulaidh agus in An Chuid eile de Laighin go gcaitheann na nGardaí le daoine go cothrom, i gcomparáid leo siúd i réigiúin eile. Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go gcomhaontódh freagróirí a rinne teagmháil leis na Gardaí sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé leis go gcaithfidís le gach duine go cothrom, i gcomparáid leo siúd nach ndearna aon teagmháil (féach táblaí 96 agus 97).

**Tábla 96: Caitheamh an Gharda Síochána le meas de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise neamhualaithe**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Comhaontaím | 80% | 90% | 81% | 89% | 88% | 80% | 82% | 87% | 86% | 84% | 85% |
| Easaontaím | 20% | - | 19% | - | - | - | 18% | - | 14% | - | 15% |

**Tábla 97: Caitheamh an Gharda Síochána le gach duine go cothrom de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise neamhualaithe**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Comhaontaím | 65% | 64% | 56% | 73% | 59% | 75% | 59% | 67% | 69% | 52% | 68% |
| Easaontaím | 35% | 36% | 44% | 27% | 41% | - | 41% | 33% | 31% | 48% | 32% |


## 11.11 Tuairimí faoin nGarda Síochána

Cuireadh ceisteanna ar fhreagróirí a lorg dearcthaí maidir le ceithre ráiteas: cibé acu an féidir nó nach féidir brath ar an nGarda Síochána; cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil caidreamh pobail an Gharda Síochána lag; cibé acu an éisteann nó nach n-éisteann an Garda Síochána leis an bpobal; agus cibé acu an ndéileálann nó nach ndéileálann siad leis na ceisteanna a bhaineann leis an bpobal.


Léirítear i bhFíor 3 na dearcthaí seo i mbarrachairt (freagairtí 'ní fios' á bhfágáil as an áireamh) agus léirítear i bhFíor 32 na dearcthaí (freagairtí 'ní fios' san áireamh). Faoi mar a thugtar faoi deara i bhFíor 32, tugadh ardleibhéil d'fhreagairtí 'ní fios'.

I measc na gceithre ráiteas, faoi mar a sonraíodh in 2018, tugadh an leibhéal ab airde de chomhaontú le fios le 'Éisteann an Garda Síochána sa cheantar seo le buarthaí daoine áitiúla' (70 faoin gcéad (gan freagairtí 'ní fios' a chur san áireamh agus 55% nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh). Chomhaontaigh seasca a ceathair faoin gcéad d'fhreagróirí leis gur féidir brath ar na Gardaí a bheith ann in am an ghátair (56% nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh). D'easaontaigh daichead a naoi faoin gcéad d'fhreagróirí leis go bhfuil caidreamh pobail leis an nGarda Síochána lag. D'easaontaigh daichead a hocht faoin gcéad d'fhreagróirí leis nach bhfuil an Garda Síochána ag déileáil leis na rudaí atá ina gceisteanna móra i measc daoine ina bpobal.

**Fíor 31: Tuairimí faoi Iompar an Gharda Síochána ('ní fios' san áireamh): Sampla breise neamhualaithe**




**Fíor 32: Tuairimí faoi Iompar Gardaí ('ní fios' san áireamh): Sampla breise neamhualaithe**




**Tábla 98: Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla breise neamhualaithe**

| | Gnéas | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Laighin | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Aon teagmháil | Teagmháil ar bith |
| Dírithe ar an bpobal | 77% | 75% | 71% | 72% | 78% | 87% | 74% | 78% | 77% | 80% | 75% |
| Nua-aimseartha nó céim-nitheach | 72% | 76% | 72% | 80% | 66% | 83% | 75% | 75% | 73% | 67% | 76% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 86% | 94% | 91% | 88% | 90% | 90% | 92% | 87% | 89% | 91% | 89% |
| Seirbhís póilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil | 50% | 55% | 48% | 47% | 52% | 70% | 51% | 49% | 56% | 51% | 52% |
| Dea-bhainistithe | 65% | 72% | 60% | 68% | 73% | 75% | 64% | 67% | 72% | 71% | 67% |
| Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht | 73% | 78% | 68% | 72% | 81% | 81% | 75% | 75% | 75% | 78% | 74% |

Faoi mar a léirítear i bhfíor 33, bhí dearcthaí dearfacha, go ginearálta, ag daoine 16 agus 17 mbliana d'aois faoin nGarda Síochána, go háirithe go bhfuil siad cairdiúil agus cabhrach. Faoi mar a bhí i gceist sa dá bhabhta suirbhé deireanach, áfach, d'fhreagair líon mór daoine 16 agus 17 mbliana d'aois 'ní fios' nuair a iarradh orthu leibhéil chomhaontaithe a thabhairt le fios leis na sé phríomhráiteas. Mar fhreagairt do chúig cinn de na sé ráiteas, bhí dearcthaí ní ba dhearfaí ag mná faoi eagraíocht an Gharda Síochána, i gcomparáid le fir (seachas i gcás eagraíocht an Gharda Síochána a bheith dírithe ar an bpobal). Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go gceapfadh freagróirí i mBaile Átha Cliath go ndéantar na Gardaí a dhea-bhainistiú agus go bhfuil siad éifeachtach i ndul i ngleic le coireacht i gcomparáid leo siúd i réigiúin eile. (Féach tábla 98).

**Fíor 33: Leibhéil chomhaontaithe: sampla breise neamhualaithe**




## 11.13 Achoimre

- **Ní féidir róbhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le daoine 16 agus 17 mbliana d'aois a chur san áireamh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Tá idirghníomhú luath leis na Gardaí agus tuairimí a chruthaítear faoin eagraíocht ábhartha, mar gheall go gcuireann siad eolas ar fáil do mheonta agus iompar marthanach. Ar an ábhar sin, baineann ríthábhacht le feabhas a chur ar ár dtuiscint ar chaidreamh an Gharda Síochána le daoine óga.**
- **Cheap seasca a naoi faoin gcéad de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois go bhfuil an choireacht náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach', agus b'ionann an figiúr seo sa phríomhshampla agus 78 faoin gcéad. I gcodarsnacht leis sin, agus ar nós an phríomhshampla daoine fásta, measadh go gcruthaíonn coireacht áitiúil fadhb i bhfad níos lú (cheap 13% gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' an choireacht áitiúil).**
- **Bhí naoi bhfreagróir déag 16 agus 17 mbliana d'aois (3%) thíos le híospairt sna 12 mhí roimhe sin.**
- **Thug daoine 16 agus 17 mbliana d'aois leibhéil an-ísle de bhuairt faoi íospairt le fios (ní raibh 79% buartha). Bhí naoi faoin gcéad buartha go ndéanfar íospartaigh na díobhála pearsanta nó goidte nó díobhála réadmhaoine díobh, agus bhí an líon sin i bhfad ní b'ísle ná mar a bhí sa phríomhshampla (28 faoin gcéad). Ní raibh eagla ar bith roimh choireacht, go ginearálta, ar sheasca a dó faoin gcéad de dhaoine óga – líon i bhfad níos airde ná mar atá sa sampla daoine fásta (38%).**
- **Bhí tromlach daoine 16 agus 17 mbliana d'aois 'sásta' nó 'an-sásta' le seirbhís an Gharda Síochána (85%). Ar an gcuma chéanna, léirigh freagróirí ardleibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána (léirigh 88% iontaoibh idir meánach agus ard).**
- **Bhain dearcthaí faoi cibé acu an gcaitheann nó nach gcaitheann Gardaí le daoine aonair le meas agus go cothrom ardleibhéil de chomhaontú (90% agus 82%, faoi seach, amach nuair a fágadh freagairtí 'ní fios' as an áireamh).**
- **Ba dhearfach, den chuid ba mhó, na tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána freisin, agus baineadh na leibhéil chomhaontaithe ab airde amach go bhfuil na Gardaí cairdiúil nó cabhrach.**

# Caibidil 12
# Conclúid

Léirítear sa tuarascáil seo, a choimisiúnaigh an Garda Síochána, agus ar thug Amárach Research faoin obair allamuigh, torthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2019, an cúigiú suirbhé ó athsheoladh é in 2014. Scrúdaigh an suirbhé dearcthaí freagróirí i leith na coireachta agus a n-eispéireas den íospairt. D'fhiosraigh sé, ina theannta sin, a dtuairimí faoin nGarda Síochána, tosaíochtaí póilíneachta, iontaoibh as agus sásamh le seirbhís an Gharda Síochána, agus dearcthaí i leith na heagraíochta i dtaobh a cumais agus a héifeachtachta san áireamh. Lorgaíodh dearcthaí freagróirí faoi cibé acu an gcaitheann nó nach gcaitheann Gardaí le gach duine go cothrom agus le meas, freisin. Ó Nollaig 2016 ar aghaidh, cuireadh sampla breise thart ar 600 duine óg, 16 agus 17 mbliana d'aois, san áireamh.

## 12.1 Tuairimí an Phobail faoin gCoireacht in Éirinn

Leantar ag ceapadh gur fadhb níos tromchúisí é an choireacht náisiúnta ná an choireacht áitiúil. Ar an iomlán, tháinig méadú ar an gcomhréir freagróirí in 2019 a cheap go raibh an choireacht ar leibhéal náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach', agus tá treocht aníos á tabhairt faoi deara ó 2017 ar aghaidh maidir leis an gcomhréir a cheapann gur 'fadhb ar bith' an choireacht ina gceantar áitiúil. Nuair a scrúdaíodh grúpaí éagsúla, tá na torthaí cosúil leis na torthaí i suirbhé 2018:

- Cheap mná go bhfuil coireacht náisiúnta agus coireacht áitiúil níos tromchúisí ná mar a cheap fir.
- Cheap freagróirí in aoisghrúpaí níos sine gur fadhb níos tromchúisí an choireacht náisiúnta ná mar a cheap iad siúd atá in aoisghrúpaí níos óige.
- Cheap náisiúnaigh neamh-Éireannacha gur fadhb atá sa choireacht náisiúnta agus áitiúil nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna agus a cheap náisiúnaigh Éireannacha.
- Cheap freagróirí i mBaile Átha Cliath nach bhfuil fadhb na coireachta náisiúnta chomh tromchúiseach agus a cheap freagróirí i réigiúin eile, ach go gcruthaíonn an choireacht áitiúil fadhb níos mó.
- Ar an gcuma chéanna, cheap freagróirí i gceantair chathrach gur fadhb níos lú atá i gcoireacht náisiúnta ná mar atá sé i gceantair 'uirbeacha eile' agus i gceantair thuaithe. Níor dhóchúil céanna gur cheap freagróirí tuaithe gur fadhb thromchúiseach é an choireacht ina gceantair áitiúla ná mar a cheap daoine sa chathair agus i gceantair 'uirbeacha eile'.

## 12.2 Íospartaigh na Coireachta

As na tuairim is 6000 freagróir i suirbhé 2019, bhí 261 díobh thíos le híospairt sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé – arb ionann sin agus ráta íospartha 4.4 faoin gcéad (b'ionann seo agus 6 faoin gcéad i suirbhé 2018). Tá meath ag teacht ar an ráta íospartha, go ginearálta, (seachas i gcás buaice i ráithe a dó in 2019) ó ráithe a dó in 2018 go dtí an ráta ab ísle i ráithe a ceathair in 2019 (3.5%). As na 261 íospartach den choireacht seo, bhí tromlach suntasach 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an mbealach a láimhseáil Gardaí a gcás (61 faoin gcéad) - ní haon difear suntasach é seo ón mbliain 2018.

Baineadh ráta tuairiscithe 80 faoin gcéad amach le Gardaí – laghdú ceithre phointe céatadáin ón mbliain 2018. Ba í an chúis ba mhó a luadh nár tugadh coir le fios ná nár chreid na freagróirí go bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh, agus 'Réitigh mé féin é'. Níorbh ionann seo agus 2018, nuair ba é 'ní raibh an teagmhas tromchúiseach a dhóthain' an dara cúis ba choitianta a luadh.

Fiosraíodh eispéiris íospartach dá gcoir a thabhairt le fios:

- Chomhaontaigh 61% gur fhreagair na Gardaí go tapa nuair a thug siad an teagmhas le fios.
- Tugadh ainm an Gharda imscrúdaithe do 72% (laghdú 5 phointe céatadáin ar 2018).
- Tugadh sonraí teagmhála do 74% d'fhreagróirí.
- Tugadh uimhreacha aitheantais PULSE do 49% d'fhreagróirí (ar méadú 5 phointe céatadáin é seo ón mbliain 2018).
- Ar deireadh, thug 45% d'fhreagróirí le fios gur tugadh uimhir theagmhála do líne chabhrach nó seirbhís d'íospartaigh dóibh (laghdú 6 phointe céatadáin ó 2018).

I dtaobh eolais a fuair freagróirí ó na Gardaí, luaigh 32 faoin gcéad go raibh an t-eolas a fuarthas 'róbheag', agus luaigh 54 faoin gcéad go raibh an t-eolas 'ceart go leor' – ar méadú é seo aníos ó 48 faoin gcéad in 2018. Níor tugadh aon nuashonrú do cheathair déag faoin gcéad ar stádas a n-imscrúdaithe.

## 12.3 Eagla agus Buairt faoin gCoireacht

Faoi mar a tugadh le fios i dtuarascálacha suirbhé roimhe seo, agus faoi mar is tábhachtach a thabhairt le fios arís, is deacair a dheimhniú cibé acu an imríonn nó nach n-imríonn eagla faoi choireacht agus buairt faoi íospairt tionchar ar dhearcthaí i leith an leibhéil choireachta go náisiúnta agus go háitiúil, nó cibé acu an fíor a mhalairt – imríonn dearcthaí faoin gcoireacht tionchar ar leibhéil eagla agus bhuartha. Leantar lena léiriú i dtorthaí suirbhé go bhfuil gaol ann idir eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt agus tuairimí faoi thromchúise na coireachta náisiúnta agus áitiúla.

Tá méadú tagtha ar an gcomhréir freagróirí nach mbíonn buartha faoi íospairt nó nach bhfuil aon eagla roimh choireacht orthu in 2019 (níl 55% buartha faoi íospairt – ar méadú 6 phointe céatadáin é seo ó 2018; thug 38% le fios nach bhfuil aon eagla orthu faoin gcoireacht – méadú 4 phointe céatadáin ó 2018).

Ba dhóchúla go mbeadh buairt ní ba lú ar fhir faoi íospairt i gcomparáid le mná, agus b'amhlaidh an cás in aoischatagóirí níos óige. Bhí ní ba mhó buarthaí ar fhreagróirí i mBaile Átha Cliath go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh, ná mar a bhí orthu siúd ó cheantair eile.

Ba dhóchúla go mbeadh freagróirí a bhí ina n-íospartach sa tréimhse 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé buartha faoi íospairt amach anseo i dtaobh díobháil phearsanta agus goid nó díobháil réadmhaoine araon i gcomparáid le neamhíospartaigh na coireachta. Ar an gcuma chéanna, bhí ní ba mhó eagla ar an gcohórt seo faoi choireacht i gcomparáid le neamhíospartaigh.

## 12.4 Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána

Faoi mar a sonraíodh in 2018, cheap tromlach na bhfreagróirí gurb iad 'cionta gnéasacha' an choir ar cheart don Gharda Síochána céadtús áite a thabhairt di. B'amhlaidh an cás gan aird ar inscne, aois, aicme shóisialta nó náisiúntacht. Rinne íospartaigh na coireachta in 2019 tús áite a thabhairt d'airm neamhdhleathacha, murab ionann agus íospartaigh 2018. Thug an cohórt seo an tríú tús áite do chionta gnéasacha. Faoi mar a rinneadh in 2018, thug tromlach na bhfreagróirí i measc na déimeagrafaice go léir airm neamhdhleathacha, gáinneáil ar dhaoine, ionsaithe agus robáil chun solais mar na chéad rudaí eile ar cheart tús áite a thabhairt dóibh.

## 12.5 Infheictheacht an Gharda Síochána

Tá méadú tagtha ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána aníos go dtí 39 faoin gcéad in 2019 (méadú 1 phointe céatadáin ó 2018). Bhrath daichead a cúig faoin gcéad d'fhreagróirí go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla 'ceart go leor' (b'ionann an figiúr seo in 2018 agus 39%). Ba iad Gardaí ag patrólú i ngluaisteáin an modh patróil ba choitianta a thug freagróirí faoi deara.

Aithníodh gaol idir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil agus feasacht ar phatróil an Gharda Síochána. Faoi mar a théann tromchúise na coireachta náisiúnta agus áitiúla i laghad, téann feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i méid.

## 12.6 Sásamh leis an nGarda Síochána

Bhí ochtó faoin gcéad d'fhreagróirí sásta leis an tseirbhís a soláthraíodh dá bpobal áitiúil (cibé acu 'an-sásta' nó 'sásta go leor') – athrú ar bith ón mbliain 2018. Léirigh freagróirí in aoischatagóirí níos óige na leibhéil ba mhó de shásamh. Léirigh náisiúnaigh neamh-Éireannacha sásamh níos mó ná mar a léirigh náisiúnaigh Éireannacha. Faoi mar a tugadh faoi deara i mbabhtaí suirbhé roimhe seo, imríonn íospairt tionchar diúltach ar leibhéil sásaimh.

Leantar le gaol a thabhairt faoi deara idir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil agus leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána – ba léire seo arís eile in 2019 ar leibhéal áitiúil. De réir mar a thagann méadú ar thuairimí faoi thromchúise fhadhb na coireachta, is amhlaidh a thagann méadú ar mhíshásamh le seirbhís an Garda Síochána. Is féidir gaol a thabhairt faoi deara freisin idir sásamh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla agus eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt. Fad a théann eagla agus buairt faoi íospairt i méid, téann míshásamh le seirbhís an Gharda Síochána i méid, chomh maith.

## 12.7 Iontaoibh as an nGarda Síochána

Thug nócha a haon faoin gcéad d'fhreagróirí leibhéal iontaoibhe idir measartha agus ard le fios as an nGarda Síochána – ar léiriú cobhsaí é seo i gcomparáid le roinnt babhtaí suirbhé anuas.  Bhí baint ag íospairt le leibhéil níos ísle d'iontaoibh as na Gardaí, agus bhí baint ag eagla níos mó faoin gcoireacht leis seo freisin.

Faoi mar a tugadh faoi deara in 2018, ba dhóchúla go mbeadh iontaoibh ní ba mhó ag mná as an eagraíocht ná fir, agus b'amhlaidh ba dhóchúil go mbeadh iontaoibh ní ba mhó ag freagróirí breacaosta agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha as an eagraíocht. Tugadh gaol faoi deara idir tuairimí faoin gcoireacht áitiúil agus leibhéil iontaoibhe as na Gardaí – de réir mar a chuaigh tuairimí faoi thromchúise fhadhb na coireachta i méid, b'amhlaidh a tháinig laghdú ar leibhéil iontaoibhe 'ard' as na Gardaí.

## 12.8 Comhionannas sa Bhealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine

Scrúdaíodh tuairimí freagróirí faoin meas agus an chothroime a léiríodh sa bhealach a chaitheann Gardaí le daoine. Chomhaontaigh nócha a cúig faoin gcéad d'fhreagróirí leis go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith, agus chomhaontaigh 86 faoin gcéad go gcaithfeadh na Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin (nuair a fhágtar freagairtí 'ní fios' as an áireamh).

D'imir íospairt tionchar diúltach ar thuairimí faoi na Gardaí i dtaobh caitheamh le daoine go cothrom agus le meas.

Chomhaontaigh ochtó a naoi faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta leis go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith, i gcomparáid le 96 faoin gcéad de neamhíospartaigh. Ar an gcuma chéanna, chomhaontaigh 61 faoin gcéad leis go gcaithfeadh Gardaí leat go cothrom gan aird ar cé atá ionat, i gcomparáid le 86 faoin gcéad de neamhíospartaigh.

Bailíodh staitisticí breise maidir leis an gcaidreamh idir an pobal agus an Garda Síochána – agus tá feabhsúcháin tugtha faoi deara ina measc seo go léir ó 2018:

- Chomhaontaigh tromlach na bhfreagróirí (76%) leis gur féidir brath ar na Gardaí ina gceantar a bheith ann in am an ghátair. Nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh, is ionann an figiúr seo agus 86 faoin gcéad.
- D'easaontaigh an tromlach leis go bhfuil caidreamh pobail leis na Gardaí lag (70%). Nuair a chuirtear freagairtí 'níos fios' san áireamh, is ionann an figiúr seo agus 60 faoin gcéad.
- Nuair a fiafraíodh díobh cibé acu an éisteann nó nach n-éisteann na Gardaí le buarthaí daoine áitiúla, chomhaontaigh 76 faoin gcéad d'fhreagróirí (75% nuair a chuirtear na freagairtí 'ní fios' san áireamh).
- Ar deireadh, d'easaontaigh 65 faoin gcéad nach bhfuil Gardaí ag déileáil le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal (54% nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh).

## 12.9 Tuairimí faoi Eagraíocht an Gharda Síochána

Lean feabhas ag teacht ar dhearcthaí freagróirí i leith éifeachtacht agus chumas an Gharda Síochána i measc fhormhór na limistéar in 2019 (tá feabhas ag teacht air seo le roinnt babhtaí suirbhé anuas). Cheap tromlach na bhfreagróirí go bhfuil na Gardaí dírithe ar an bpobal (73%), cairdiúil agus cabhrach (94%), éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht (68%) nua-aimseartha nó céimnitheach (71%) agus dea-bhainistithe (59%). Chomhaontaigh daichead a trí faoin gcéad go gcuireann an Garda Síochána seirbhís póilíneachta den chéad scoth ar fáil.

Tugadh roinnt gaolta faoi deara in 2019, faoi mar a tugadh faoi deara i suirbhéanna roimhe seo:

- Imríonn íseal-leibhéil d'eagla roimh choireacht agus de bhuairt faoi íospairt tionchar diúltach ar thuairimí faoin eagraíocht.
- De réir mar a théann leibhéil iontaoibhe i méid, tagann feabhas ar thuairimí faoin eagraíocht i measc gach cinn de na sé ráiteas.

## 12.10 An Sampla Breise Sé agus Seacht mBliana d'Éag d'Aois

B'fhorbairt thábhachtach agus ar cuireadh fáilte roimpi a bhí i dtuairimí daoine óga a bhailiú laistigh den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail nuair a tugadh isteach é go déanach in 2016. Caithfear an caidreamh idir an grúpa seo agus an Garda Síochána a fhiosrú agus a thuiscint chun idirghníomhú amach anseo a fheabhsú agus a chothú.

B'íseal d'íospairt sna 12 mhí roimhe seo i measc an chohóirt seo (3 faoin gcéad). Faoi mar a tugadh faoi deara in 2018, bhí buairt ní ba lú ar dhaoine níos óige go ndéanfar íospartach díobh agus bhí ní ba lú eagla orthu faoin gcoireacht, ná mar a bhí ar fhreagróirí sa phríomhshampla daoine fásta. Tugadh an céadtús áite don choireacht ghnéis mar an gcoir ba mhó ar cheart do na Gardaí díriú uirthi i measc an ghrúpa seo.

Bhí tromlach na ndaoine 16 agus 17 mbliana d'aois sásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobail áitiúla agus bhí iontaoibh idir meánach agus ard acu as an eagraíocht. Ba dhearfach den chuid ba mhó a ndearcthaí, arís eile, faoin mbealach a chaitheann an Garda Síochána le daoine, faoi mar a bhí in 2018, maidir le meas agus cothroime, agus b'amhlaidh a bhí a dtuairimí faoi iontaofacht Ghardaí agus caidreamh pobail an Gharda Síochána.



